# DRÉACHT-TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016
# COMHAIRLE CHONTAE CHEATHARLACH





# BROLLACH

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae Cheatharlach 2016 a chur faoi bhur mbráid, ina ndéantar cur síos ar obair na Comhairle seirbhísí tábhachtacha poiblí a sholáthar i rith na bliana, seirbhísí a chuireann le tarraingteacht Cheatharlach mar áit chónaí, mar áit oibre agus mar áit ghnó.

Neartaíodh ról na Comhairle maidir le forbairt gheilleagrach agus pobail i rith 2016 agus fáiltíonn chuile dhuine roimh seo. Ní mór a aithint go bhfuil tionchair nach mór ag cúrsaí eacnamaíochta ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil araon agus atá ag athrú ar an méid ina sholáthraítear ár seirbhísí. In ainneoin laghdú na n-acmhainní daonna agus airgeadais le blianta beaga anuas, leanann Comhairle Contae Cheatharlach le seirbhís atá ar ardchaighdeán a sholáthar. Is é beartas na Comhairle "Déan níos mó le níos lú" agus bearta éifeachtúla a bhaint amach nuair is indéanta. Leanann ár bhfoireann, i dteannta thacaíocht agus cheannaireacht ár mball tofa, le seirbhísí atá ar ardcháilíocht a chothú agus iad a sholáthar i gcomhréir ár bplean chorparáidigh 2014-2019, agus le seasmhacht airgeadais a thabhairt don Chomhairle ag an am céanna. Ar nós na n-údarás áitiúil go léir ar fud na tíre, braitheann Comhairle Chontae Cheatharlach ar mhaoiniú ón rialtas. Mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar mór ag laghdú ar mhaoiniú iomlán ar ár gcumas ár seirbhísí a sholáthar. Leanna cúrsaí inmheánacha agus seachtracha le tionchar a imirt ar leithdháileadh agus ar sholáthar seirbhísí agus ar threo straitéiseach Chomhairle Chontae Cheatharlach.

Braitheann an méid a bhainimid amach, agus is mór an méid sin, ar thacaíocht na mBall Tofa agus ar gach ball foirne na Comhairle agus a n-eitic oibre leanúnach agus tiomanta agus ba mhian linn buíochas a ghabháil leo.Is tríd an comhoibriú rathúil leanúnach seo go bhféachaimid ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus go leanaimid le seirbhísí atá ar ardcháilíocht a sholáthar ar an mbealach is fearr do mhuintir Cheatharlach.





**Comh. John Murphy**
**Cathaoirleach**
**Comhairle Chontae Cheatharlach**

**Kathleen Holohan**
**Príomhfheidhmeannach**
**Comhairle ChontaeCheatharlach**

| CLÁR | |
|---|---|
| Brollach | |
| Na Baill Thofa | |
| Coistí um Bheartais Straitéiseach | |
| Corparáideach & HR, Pleanáil, agus Sláinte agus Sábháilteacht agus Forbairt Eacnamúil | |
| Seirbhísí Comhshaoil, Uisce agus Iompair Bhóthair | |
| Tithíocht agus Seirbhísí Éigeandála agus Tionscadail Speisialta | |
| Comhpháirtíocht Phobail agus Spóirt | |
| Na hEalaíona, Seirbhís Leabharlainne, Teicneolaíocht Faisnéise, Mótarcháin, Sábháilteacht Uisce, Cosaint Shibhialta, Músaem agus Clár Éire 2016 Cheatharlach | |

# BAILL THOFA CHOMHAIRLE CHONTAE CHEATHALACH AG 31 NOLLAIG, 2016

## CEANTAR BARDASACH CHEATHARLACH







*An Comh. Anne Ahern* *An Comh. Fergal Browne* *An Comh. John Cassin* *An Comh. Jim Deane* *An Comh. Walter Lacey*







*An Comh. Ken Murnane* *An Comh. Btian O'Donoghue* *An Comh. William Paton* *An Comh. John Pender* *An Comh. Fintan Phelan*




## CEANTAR BARDASACH MHUINEBHEAG






*An Comh. Michael Doran* *An Comh. Denis Foley* *An Comh. Andy Gladney* *An Comh. Thomas Kinsella*






*An Comh. Arthur McDonald* *An Comh. Charlie Murphy* *An Comh. John Murphy* *An Comh. William Quinn*

**Comhairle Chontae Cheatharlach– Coistí um Bheartais Straitéiseach**

***CBS- Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair&Pleanáil***

| | |
|---|---|
| An Comh. Michael Doran (Cathaoirleach) | Ball Tofa |
| An Comh. William Paton | Ball Tofa |
| An Comh. John Murphy | Ball Tofa |
| An Comh. Denis Foley | Ball Tofa |
| An Comh. Charlie Murphy | Ball Tofa |
| An Comh. Fintan Phelan | Ball Tofa |
| Eileen Brophy | Gnó/Tráchtáil |
| John Nolan | Ceardchumann |
| Alan Price | Comhshaol/Caomhnú |
| Cornelia McCarthy | Pobal/Deonach |
| Paul Maher | Pobal/Deonach |

***CBS- Iompar, Comhshaol & Infreastruchtúr***

| | |
|---|---|
| An Comh. Thomas Kinsella (Cathaoirleach) | Ball Tofa |
| An Comh. William Quinn | Ball Tofa |
| An Comh. Michael Doran | Ball Tofa |
| An Comh. Andy Gladney | Ball Tofa |
| An Comh. Jennifer Murnane O'Connor (d'éirigh as Meitheamh, 2016/Cllr Ken Murnane (óMheitheamh, 2016 | Ball Tofa |
| An Comh. John Murphy | Ball Tofa |
| Ashling Phelan | Forbairt /Tógáil |
| John Tully | Comhshaol/Caomhnú |
| Jackie Meally (from May, 2016) | Pobal/Deonach |
| Paddy Gardiner | Pobal/Deonach |
| Michael Moloney (d'éirigh as Samhain, 2016)/Patrick Kennedy (ó Nollaig, 2016) | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |

| | |
|---|---|
| An Comh. Jennifer Murnane O'Connor(Cathaoirleach) d'éirigh as Meitheamh, 2016/An Comh. John Pender (Cathaoirleach) ó Mheitheamh, 2016 | Ball Tofa |
| An Comh. William Quinn | Ball Tofa |
| An Comh. Fergal Browne | Ball Tofa |
| An Comh. Brian O'Donoghue | Ball Tofa |
| An Comh. John Cassin | Ball Tofa |
| An Comh. Arthur McDonald | Ball Tofa |
| An Comh. Fintan Phelan | Ball Tofa |
| Joe Butler | Ionchuimsitheacht Sóisialta |
| Lorraine Hynes | Pobal/Deonach |

| | |
|---|---|
| Eileen O'Rourke | Pobal/Deonach |
| Frank Comerford | Tithíocht Dheonach |

***CBS - Pobal, Tithíocht&Fóntais***

***CBS - Cultúr, Sláinte&Talmhaíocht***

| | |
|---|---|
| An Comh. Walter Lacey (Chair) | Ball Tofa |
| An Comh. Tommy Kinsella | Ball Tofa |
| An Comh. Brian O'Donoghue | Ball Tofa |
| An Comh. Jim Deane | Ball Tofa |
| An Comh. Anne Ahern | Ball Tofa |
| An Comh. Denis Foley (HSE Rep) | Ball Tofa |
| An Comh. Arthur McDonald (HSE Rep) | Ball Tofa |
| An Comh. Arthur McDonald | Ball Tofa |
| Eric Driver | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Eileen Doyle | Ionchuimsitheacht Sóisialta |
| Vacant | Pobal/Deonach |
| James Browne | Pobal/Deonach |
| Derek Shannon | Gnó/Tráchtáill |

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA/ACMHAINNÍ DAONNA, PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT AGUSFORBAIRT GHEILLEAGRACH

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna freagrach as raon leathan seirbhísí a sholáthar agus as iad a bhainistiú lena n-áitítear cruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa um Bheartas Corparáideach, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, agus raon leathan fosheirbhísí a bhaineann le gnó na Comhairle.

### SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

- Cruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa um Bheartas Corparáideach a bhainistiú, Tinreamh Comhairleoirí ag Comhdhálacha, Liúntais agus Speansais na gComhairleoirí a Íoc, Fáiltithe Cathartha, Naisc le Comhlachtaí Náisiúnta ar nós LAMA agus ACCC, Coistí Comhphóilíneachta.
- Clár na dToghthóirí
- Toghcháin Áitiúla
- Seirbhísí do Chustaiméirí
- Cumarsáideacha Corparáideacha - Preasráitis
- TáscairíFeidhmíochta na Seirbhísí do Chustaiméirí a Chomhordú
- Srianadh Madraí
- Cúirt an Chróinéara
- Maoin na Comhairle a Bhainistiú
- An Tuarascáil Bhliantúil a Ullmhú
- AN Plean Corparáideach a Ullmhú
- Clár na nEiticí
- Saoráil Faisnéise
- Ombudsman
- Cosaint Sonraí
- Caidrimh Phoiblí
- Scéim na Gaeilge
- An Plean Míchumais
- Clár Comhpháirtíochta Scoile/Gnó
- Táscairí Seirbhíse a chomhordú
- Tionscnaimh nua na Comhairle ar nós Fix My Street, MapAlerter a chur chun cinn
- Bainistíocht Móréigeandála – Cumarsáid. Idirchaidreamh leis an bpobal, leis na meáin agus le Comhairleoirí lena n-áirítear le linn géaraimsire

### ACMHAINNÍ DAONNA

**Fostaithe:**346 mar atá ar 31/12/2016 (lena n-áirítear 46 Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht)

- Pleanáil Daonchumhachta, Earcaíocht agus Roghnúchán
- Imlonnú na foirne go gach rannóg seirbhíse
- Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt
- Bainistíocht Feidhmíochta (PMDS)
- Idirchaidrimh Tionsclaíocha
- Folláine Foirne agus an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
- Cothromaíocht Oibre is Saoil
- Timpeallacht Dhearfach Oibre a chruthú
- Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

- Aoisliúntas
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)
- Core HR/Párolla/Córas Aoisliúntais a chur i bhfeidhm
- Bainistíocht Tinrimh
- Forbairt Bheartais HR

Soláthraíonn an Rannóg comhordú agus ceannaireacht maidir le cur i bhfeidhm Plean Gnímh na hEarnála Áitiúla um Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí maidir le comhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdúin. Cuimsíonn sé seo gníomhartha a bhaineann leis na catagóirí a leanas:

- Athstruchtúrú
- Seirbhísí Roinnte
- Soláthar
- R – Rialtas
- Athimlonnú
- Táirgiúlacht &Feidhmíocht

Tá roinnt maith de chuspóirí agus de spriocanna an phlean bainte amach ag Comhairle Chontae Cheatharlach lena n-áitítear:

- Cuíchóiriú struchtúir mhaoirseachta i réimse na hinnealtóireachta chun go mbeadh siad ag teacht leis na Ceantair Bhardasacha
- Soláthar Réigiúnach conartha um shoilsiú poiblí, srl.
- Acmhainní a roinnt idir Leabharlann Cheatharlach, Músaem nua an Chontae agus Oifigí Turasóireachta.
- Cuíchóiriú Sheirbhís bhailiúcháin an Ioncaim
- Plean uileghabhálach don lucht oibre a ullmhú
- An t-aistriú ó il-údaráis go húdarás amháin a chríochnú
- Comhaontú seirbhíse le hUisce Éireann a chur i bhfeidhm go rathúil

## SCÉIM GNÍOMHACHTAITHE SAOTHAIRGATEWAY

Le linn2016 chuaigh scéim gníomhachtaithe saothair GATEWAY in éag i dTulach agus sa Mhuine Bheag agus 9 rannpháirtithe fágtha faoi láthair i gceantar Bhaile Cheatharlach. Ní dócha go ndéanfaidh an Rialtas Láir an scéim a athnuachan ina formáid reatha.

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Tiomsaítear Clár na dToghthóirí ar bhonn bliantúil agus eisíodh Clár na dToghthóirí don tréimhse 2016/2017 an 1 Feabhra 2016. Ba é 36,759 líon iomlán na ndaoine cláraithe chun vóta a chaitheamh in olltoghchán Fheabhra 2016 - agus 3,416 sa bhreis cláraithe chun vóta a chaitheamh i mír Cheatharlach (Chill Mhantáin) de Chlár na dToghthóirí Chontae Cheatharlach.

## OMBUDSMAN

Bunaíodh Oifig an Ombudsman chun gearáin a iniúchadh ó bhaill an phobail a mhothaigh nár caitheadh go cothrom leo maidir lena bpléanna le comhlachtaí ar nó Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte srl.Fuair Comhairle Chontae Cheatharlach gearán amháin in 2016.

## SAORÁIL FAISNÉISE

De réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI) 1997-2014, tá trí cearta dhlíthiúla acu siúd atá ag lorg eolais coinnithe ag comhlachtaí poiblí atá clúdaithe faoin Acht:

- Ceart inrochtana ar thaifid oifigiúla arna cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán, 1998 atá coinnithe ag Ranna Rialtais nó ag Comhlachtaí eile atá faoi réir an Achta.
- Ceart go mbeidh sonraí pearsanta ar thaifid oifigiúla ceartaithe nó uasdátaithe nuair atá a leithéid de shonraí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach agus
- An ceart fáthanna a lorg ar aon chinntí déanta ag comhlachtaí poiblí a bíonn tionchar acu ar an iarrthóir.

Ní mór iarratas ar eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a lorg i scríbhinn agus ní mór a lua go bhfuil an t-eolas á org faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba é a leanas líon na n-iarratas a lorgaíodh i rith 2016:

| | |
|---|---|
| **Líon na gcásanna tugtha ar aghaidh ó 2015** | **1** |
| **Líon na n-iarratas a fuarthas** | **72** |
| **Líon na n-iarratas ceadaithe** | **34** |
| **Líon na n-iarratas diúltaithe** | **39** |
| **Líon na gcásanna beo ag an 31 Nollaig,2016** | **0** |
| **Líon na nAthbhreithnithe inmheánacha** | **2** |
| **Líon na n-Achomharc don Choimisinéir Faisnéise** | **0** |

### FOINSÍ NA nIARRATAS:

| | |
|---|---|
| **Daoine Príobháideacha** | **14** |
| **Na Meáin** | **33** |
| **Baill Foirne** | **2** |
| **Gnó** | **14** |
| **Eile** | **9** |

## RIALÚ MADRAÍ

Under the Control of Dogs Acts 1986 & 1992, all dogs except those used wholly for official duties by the Gardai, Defence Forces or the Custom & Excise Services???. Is cion é do dhuine faoi Alt 2 den Acht, madra a choinneáil mura bhfuil ceadúnas don mhadra aige/aici ná ceadúnas ginearálta d’aon líon madraí ag áitreabh sannaithe.

Oibríonn Comhairlí Contae Cheatharlach agus Chill Chainnigh comhsheirbhís maorachta madraí agus beirt Mhaor Madra bunaithe i mBaile Phóil. Soláthraíonn an ISPCA an tseirbhís seo faoi láthair go dtí Mí na Nollag 2016 le féidearthacht sínte ama.

Líon na gceadúnas eisithe ón 1 Eanáir 2016 go 31 Nollaig 2016 = 2,195
Ioncam €36,230.

## AN TACHT UM BHUNACHAIS PÓRÚCHÁIN MADRAÍ 2010

Tá prótacail forbartha ag a gComhairle freisin do mheasúnaithe riosca chomh maith le threoirlínte cigireachta a bheidh mar theimpléad do mheasúnaithe suímh. Tá sé i gceist ag an gComhairle anois dhá chigireacht gan fógra ar a laghad a dhéanamh ar gach Bunachas Pórúcháin Madraí cláraithe (DBE) in aghaidh gach bliana.
Ta an Chomhairle ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar sholáthar seirbhísí tréidliachta don Údarás um Shábháilteacht Bia agus do sheirbhísí rialaithe madraí.

## ÓCÁIDÍ SPEISIALTA CATHARTHA

**Is iad baill foirne na Seirbhísí Corparáideacha a dhéanann gach ócáid speisialta chathartha a óstáil ina measc: buaileadh le grúpaí cuairte scoile, toscaireachtaí Ambasadóirí Airí, ócáidí aitheantais agus fáiltithe cathartha iomlána. De ghnáth reáchtáiltear Fáiltithe Cathartha i Seomra na Comhairle nó i spás na hAmharclainne in Iarhalla an Bhaile.**
**Reáchtáladh dhá fháiltiú cathartha i rith 2016, ceann amháin d'Orla Jackman agus an dar ceann d'Fhoireann Chamógaíochta Cheatharlach. Is feidhm Ghrúpa Bheartas Corparáideach na comhairle i gcoiste é Fáiltiú Cathartha a bhronnadh.Bíonn freastal mór ar Fháiltithe Cathartha agus de ghnáth reáchtáiltear iad tráthnónta Aoine. D'óstaigh Ceantair Bhardasacha Cheatharlach agus Mhuine Bheag roinnt fáiltithe freisin.**



Fáiltiú an*Chathaoirligh - Orla Jackman, An Tulach*
*Mar aitheantas ar scéal iontach a saoil agus a hiarrachtaí tiomsuithe airgid as chuimse do pháiste a mhaireann le hailse.*



Fáiltiú an*Chathaoirligh - Foireann Shóisearach Camógaíochta Chontae Cheatharlach. In onóir don fhoireann Liberty Insurance - Príomhchraobh Sóisearach na hÉireann a bhaint amach.*

## GNÓ SA PHOBAL

Tá an Chomhairle rannpháirteach le roinnt blianta anuas i gcomhthionscnamh le heagraíocht ar a dtugtar "Clár Comhpháirtíochta Scoile/Gnó" ina bhfuil nasc ag an gComhairle le Gairmscoil Cheatharlach. *T*ríd an tionscnamh seo soláthraíonn an Comhairle clár do dhaltaí idirbhliana a thugann cuairteanna ar an gComhairle agus a fhreastalaíonn ar chainteanna gearra ó bhaill foirne éagsúla maidir lena gcuid oibre don gComhairle. ('lá sa saoil'). Bíonn cuairt suímh ag na daltaí freisin, ar an Stáisiún Dóiteáin, an Leabharlann srl. Ag an gcéim dheireanach den chlár tugann rannóg HR na Comhairle comhairle ar CV a scríobh agus ar ullmhúchán i gcomhair agallamh, freastalaíonn foireann ón gComhairle ar an scoil ina dhiaidh sin chun bréag agallaimh a reáchtáil agus chun aiseolas a thabhairt. Bhí na measúnaithe bliantúla ar an scéim thar a bheith dearfach le blianta beaga anuas.

## MAOIN CHORPARÁIDEACH

Tá Rannóg na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as gach Maoin Chorparáideach agus as í a chothabháil. Tá sí freagrach freisin as léasú gach maoin do agus ó thríú pháirtithe. Ó cuireadh deireadh leis na Comhairlí Baile, tá an Chomhairle freagrach anois as gach iarmhaoin Chomhairle Bhaile Cheatharlach agus Mhuine Bheag agus as a leasanna. Rinneadh an Rannóg Tithíochta, Pobail agus Rialtais Áitiúil staidéar luacha airgid ar an ábhar seo agus tá athbhreithniú a dhéanamh air chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht mhaoine Chorparáidí ag teacht le dea-chleachtas na hearnála.

## COISTE ATHBHREITHNITHE TEORANN

I Mí an Mheithimh 2015, ceapadh coistí reachtúla neamhspleácha chun athbhreithniú a dhéanamh ar theorannacha rialtais áitiúil in Áth Luain, Ceatharlach, Droichead Átha, agus Port Láirge. Maidir le

gach cás, iarradh ar an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na teorannacha idir na húdaráis áitiúla faoi seach agus moltaí a dhéanamh maidir leis na teorannacha sin agus a
le haon ábhar a n-eascródh as an athbhreithniú a bheadh le déanamh ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach.

Bhí an tUas David O'Connor (Cathaoirleach), an tUas John Martin, agus an tUas Ollie Killeen ar an gCoiste a rinne an tAthbhreithniú ar theorainn Cheatharlach. Thug baill foirne i Seirbhísí Corparáideacha Chomhairlí Cheatharlach agus Laoise tacaíocht riaracháin don phróiseas. Cuireadh fógra poiblí sa nuachtán go déanach in 2015 le spriocdháta an 5 Feabhra 2016 ina raibh cuireadh tugtha don phobal aighneachtaí a chur isteach agus ag tabhairt le fios gur bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil coiste teorann reachtúil chun:

- Athbhreithniú a déanamh ar an teorainn idir Contae Cheatharlach agus Contae Laoise
- Moltaí a dhéanamh maidir leis an teorainn seo, agus aon mholadh a n-eascródh maidir le Ceantar Bardasach Cheatharlach a mheasann an coiste a bheadh le déanamh ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach.
- Tuairisc i scríbhinn ar an athbhreithniú agus ar a mholtaí a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Cuireadh na téarmaí tagartha, sonraí bhaill an choiste agus eolas eile ar fáil ag www.carlowboundaryreview.ie

Fuarthas 119 aighneacht san iomlán agus i ndiaidh don choiste iad a athbhreithniú, rinne an choiste moltaí maidir leis an teorainn agus aon mholadh a n-eascródh maidir le Ceantar Bardasach Cheatharlach a mheas an coiste a bheadh le déanamh ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus tá tuairisc i scríbhinn dá mholtaí ullmhaithe aige agus curtha faoi bháid an Aire Tithíochta, pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá an Coiste Teorann neamhspleách maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna.

## DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH 2015 - 2019

Tá plean dár dteideal "Plean Corparáideach 2015-2109" ag an gComhairle, ar glacadh leis in Eanáir 2015, agus in leagtar amach (inter alia) príomhghníomhaíochtaí na Comhairle, a cuspóirí eagraíochtúil straitéiseacha agus a cuspóirí straitéiseacha feidhmiúla.Eascraíonn pleananna/tuarascálacha eile as de réir a chéile i dtaca an Phlean Chorparáidigh. Ina measc tá an Plean Bliantúil um Sholáthar Gnó/Seirbhísí do gach Stiúrthóireacht, Sceideal Phleananna Bliantúla na gCeantar Bardasach um Sholáthar Seirbhíse, Tuarascáil Mhíosúil Dul Chun Cinn an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Tuarascáil Bhliantúil é féin.

Anuas ar na dtuarascálacha thuasluaite tá roinnt meicníochtaí eile lena ndéantar dul chun cinn ar chuspóirí/spriocanna an phlean Chorparáidigh a mheas. Ina measc tá tuairisciú ar-líne don LGMA agus don NOAC maidir le táscairí seirbhísí agus agus an t-athbhreithniú agus an meastóireacht ar na táscairí seirbhíse déanta ag an bhFoireann Bhainistíochta, ag an bhFoireann thrasfheidhmiúil agus ag an gComhairle. Is meicníocht an-trédhearcach iad táscaire seirbhíse chun dul chun cinn a mheas i dtaca le feidhmíocht roimhe seo agus le feidhmíocht údarás áitiúil eile atá ar chomh-mhéid.

Chomh maith leis sin meabhraítear do bhaill na Foirne Trasfheidhmiúla ag a gcruinnithe dul chun cinn a rannóg a athbhreithniú i dtaca an Phlean Chorparáidigh. Déanann Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta na Comhairle codanna áirithe den Phlean Corparáideach a athbhreithniú.

## PLEANANNA BLIANTÚLA UM SHOLÁTHAR GNÓ/SEIRBHÍSÍ DO GACH STIÚRTHÓIREACHT

Forbraíonn gach stiúrthóireacht plean bliantúil le linn saolré an Phlean Chorparáidigh ina leagtar amach straitéisí, gníomhartha agus táscairí ceaptha chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach.Forbraítear na pleananna seo go luath sa bhliain agus is uirlis iad chun straitéisí, gníomhartha agus tascanna ón bPlean Corparáideach a nascadh trí na sonraí "conas, cathain agus cé" maidir le cur i gcrích a chur le gach gníomh aonair.Faomhadh na Pleananna Bliantúla um Sholáthar Gnó/Seirbhísí 2016 sa chéad ráithe den bhliain déanfar iad a athbhreithniú mar chuid den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) do 2016.

## SCEIDEAL PHLEANANNA BLIANTÚLA NA GCEANTAR BARDASACH UM SHOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Is éard atá i gceist leis na Pleananna seo ná sceideal na n-oibreacha cothabhála molta agus deisiúcháin atá le déanamh le linn gach bliana do gach Ceantar Bardasach.Is feidhm fhorchoimeádta gach Ceantair Bhardasaigh é glacadh le Sceideal na nOibreacha agus is meicníocht é athbhreithniú ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm chuspóirí an Phlean Chorparáidigh é athbhreithniú ar dhul chun cinn Sceideal Oibreacha na gCeantar Bardasach freisin.

## TUARASCÁIL MHÍOSÚIL DUL CHUN CINN AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH DON CHOMHAIRLE

Ullmhaíonn an príomhfheidhmeannach tuarascáil ar fheidhmíocht gach stiúrthóireachta/rannóige i rith na míosa i ndiaidh na tuarascála míosúla deireanaí. Is cuid de chlár gach cruinniú míosúil na Comhairle agus glactar le ceisteanna ó na baill ar aon ghné den tuarascáil. I meicníocht maoirseachta ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh do bhaill í an Tuarascáil seo freisin. Seoltar cóip de Thuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach mí.

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Rinneadh na Táscairí Seirbhíse Náisiúnta a bheachtú thar na blianta faoi threoir an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) agus na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Is é sainordú NOAC maidir le táscairí ná feidhmíocht na gcomhlachtaí rialtais áitiúla a scrúdú i dtaca na dtáscairí ábhartha (lena n-áirítear táscairí a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí) a mheasann an Coimisiún iad a bheith iomchuí mar thagairt.

Is í aidhm Noac maidir leis seo ná tacar níos lú táscairí a bheith ann, iad dírithe ar fheidhmíocht agus a bhfuil béim leagtha ar fheidhmíocht airgeadais, ar sheirbhís do chustaiméirí agus atá oiriúnach bliana in aghaidh bliana.

Is é ról LGMA ná bailiúchán sonraí, tiomsú táblaí, trácht agus cur i láthair sonraí a chomhordú.

Tá an Chomhairle i mbun spriocanna maidir leis na táscairí a fhorbairt agus iad a bheachtú agus cuirfidh sí faoi bhráid na Foirne Bainistíochta, na Mball Tofa agus an Choiste Iniúchta iad. Is í sprioc earnáil an rialtais áitiúil na sonraí a fhoilsiú le linn ráithe 3 2017 (táscairí 201 6) chun go mbeidh siad tráthúil agus ábharach. Tá treoir tugtha dá Foireann thrasfheidhmiúil a bhfuil sé de chúram aici an tuairisceán a phobalú, tásc bliantúil suntasach anois do gach rannóg tuairisceán cruinn agus tráthúil

a sholáthar. Déanann Gnóthaí Corparáideacha sonraí Cheatharlach a chomhordú do LGMA agus NOAC.

# COMHDHÁLACHA AR A D'FHREASTAIL COMHAIRLEOIRÍ IN 2016

| Dáta | Comhdháil | Comhairleoirí a d'fhreastail |
|---|---|---|
| 19-20/02/2016 | Meabhair-Shláinte & Feasacht ar Fhéinmharú | D. Foley |
| 4-6/03/2016 | An tAcht Airgeadais 2015 | J Murnane O'Connor, A. Aherne, W. Quinn |
| 11-13/03/2016 | Luach an Rialtais Áitiúil | B. O'Donoghue |
| 20/04/2016 | Comhdhál Turasóireachta Trasteorann | J. Deane, A. Gladney, J. Pender, A. McDonald |
| 5-7/08/2016 | BREXIT, Na hImpleachtaí Geilleagracha | B. O'Donoghue, T. Kinsella |
| 30/09-02/10/2016 | Rialtas Áitiúil a mhaoiniú | T. Kinsella |
| 25-27/11/2016 | Ceannaitheoirí Tí Céad Uaire | A. McDonald |
| 2-4/12/2016 | Treoir Phraiticúil do Bhuiséad 2017 | J. Pender, K. Murnane |
| 9-10/2016 | Atógáil Éireann: Plean Gnímh do Thithíocht | D. Foley |

# PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

Is í mórchuspóir na rannóige pleanála forbairt an Chontae a chur chun cinn ar bhealach lena n–éascaítear le forbairt gheilleagrach agus le dul chun cinn sóisialta inmharthana. Cuimsíonn oibríocht laethúil na rannóige pleanála roinnt réimsí faoi leith, is iad sin bainistiú forbartha, pleanáil chun tosaigh, forfheidhmiú pleanála, eastáit neamhchríochnaithe agus glacadh ar láimh forbairtí cónaitheacha.

**BAINISTÍOCHT FORBARTHA**

Fuair Comhairle Chontae Cheatharlach 387 iarratas pleanála san iomlán i rith 2018. Is miondealú a leanas ar na chinntí Chomhairle Chontae Cheatharlachi rith 2016:

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas bailí a fuarthas | 302 |
| Líon na n-iarratas neamhbhailí a fuarthas | 85 |
| Líon na n-iarratas ceadaithe | 257 |
| Líon na n-iarratas diultaithe | 17 |

## *Comhairliúcháin Réamhphleanála:*

Tugadh isteach nósanna réamhphleanála leasaithe le linn 2016 chun cur chuige trédhearcach agus comhsheasmhach a sholáthar maidir le comhairliúcháin réamhphleanála agus chun a chinntiú go mbeadh an próiseas tairbheach don iarratasóir. Mar gheall ar na nósanna leasaithe cuirtear isteach íosmhéid cáipéisíochta anois roimh an gcomhairliúcháin réamhphleanála.

Is é a leanas an nós maidir le comhairliúcháin réamhphleanála:

1. Déanann an t-iarratasóir foirm iarratais réamhphleanála comhlánaithe a chur isteach in éineacht le cáipéisíocht ábhartha
2. Déantar an t-iarratas seo a atreorú chuig an Pleanálaía thugann le fios má bhíonn gá ann do bhaill foirne ó stiúrthóireachtaí eile a bheith páirteach sa próiseas réamhphleanála
3. Roghnaíonn an Pleanálaí am agus dáta oiriúnach agus cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le sonraí a choinne. Is féidir comhairliúchán a dhéanamh ar an nguthán nó trí ríomhphost mura bhfuil an t-iarratasóir in ann freastal ar chruinniú foirmeálta.

I rith 2016 reáchtáladh 144 comhairliúchán réamhphleanála.

## FORFHEIDHMIÚ

De réir an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) bíonn an Rannóg Phleanála ag iarraidh a chinntiú go gcomhlíontar ceada pleanála. Déanann an Chomhairle gach gearán i scríbhinn maidir le forbairt neamhcheadaithe a iniúchadh nuair is cosúil go bhfuil údar maith leo. Cosnaíonn an Comhairle ainm an ghearánaí i gcónaí. I ndiaidh iniúchadh a dhéanamh ar ghearán bona fidecuirtear tús leis na céimeanna forfheidhmithe trí litir rabhaidh a eisiúint agus trí Fhógra Forfheidhmithe a

eisiúint mura n-éirítear leis a gceist a réiteach i ndiaidh litreach rabhaidh. I gcás neamhchomhlíonta an Fhógra Forfheidhmithe cuirtear tús le himeachtaí dlí.

| **2016** | **Comhairle Chontae Cheatharlach** |
|---|---|
| Gearáin a fuarthas | 83 |
| Litreacha rabhaidh a eisíodh | 55 |
| Fógraí forfheidhmithe seirbheáilte | 14 |
| Imeachaí dlí tosaithe | 1 |

**EASTÁIT A GHLACADH AR LÁIMH**

De réir an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú) is féidir leis an bhForbróir nó le tromlach úinéirí forbraíochta iarratas a dhéanamh ar eastáit a ghlacadh ar láimh. Ta cead ag údarás áitiúil eastáit a ghlacadh ar láimh faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2010.

Glacadh na Forbraíochtaí Tithíochta a leanas ar láimh le linn 2016:

| **Ainm na Forbraíochta** | **Seoladh na Forbraíochta** |
|---|---|
| Oakley Wood | An Tulach, Co. Cheatharlach |
| Ballyknockan Manor (phase 1) | Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach |
| Feltham Hall | Bóthar an Phortaigh Dhuibh, Baile Cheatharlach |
| The Millstream | Bóthar an Phortaigh Dhuibh, Baile Cheatharlach |

## EASTÁIT NEAMHCHRÍOCHNAITHE

I ndiaidh don Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar líon na bhforbraíochtaí neamhchríochnaithe don tSuirbhé Náisiúnta a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúilis é 28 líon na bhforbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe atá sainaitheanta i gContae Cheatharlach.

Tá na gníomhartha a leanas ar bhun mar chabhair d’fhorbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe ar fud an Chontae a réiteach:

- Comhairliúchán leanúnach leis na páirtithe leasmhara éagsúla
- Úsáid a bhaint as raon na bhforálacha reachtúla reatha ar fáil don Údarás Áitiúil.

- ➢ Acmhainní airgeadais a d'fhéadfadh iad a bheith ar fáil don Údarás Áitiúil trí bhannaí slándála agus/nó aon deontais faighte ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúila éileamh

*Tionscnamh Náisiúnta Glactha ar Láimh*:
Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil chun oibreacha a dhéanamh ar forbraíochtaí cónaitheacha faoin Tionscnamh Náisiúnta Glactha ar Láimh um Eastáit Chónaitheacha. Is scéim phíolótach é anTionscnamh Náisiúnta Glactha ar Láimha bhfuil maoiniú leithdháilte €10m aige agus a bhfuil sé de chuspóir aige luas a chur faoin phróiseas glactha ar láimh maidir le heastáit tithíochta a bhfuil infreastruchtúr uisce soláthraithe ag an bhforbróir acu.

Rinne Comhairle Chontae Cheatharlach iarratas ar mhaoiniú faoin Tionscnamh Náisiúnta Glactha ar Láimhagus faomhadh maoiniú i gcomhair oibreacha a dhéanamh in ocht bhforbraíocht mar a leanas: Cúirt an Acadaimh, Eachlann Bhaile na dTortán, Loch Abhainn, Cluanacha Mhaigh Dhá Chonn, Coill Fheilim, Ráth Fhelim, Rath Silláin agus na Cluanacha. Nuair a bhíonn maoiniú banna ar fáil maidir le forbraíocht lena bhfuil maoiniú faofa, ní mór an t-iarmhéid a íoc chun costas na n-oibreacha ar an bhforbraíocht a chlúdach. Beidh oibreacha ar na hocht bhforbraíocht críochnaithe le linn 2017.

## LÁITHREÁIN THRÉIGTHE AGUS STRUCHTÚIR DHAINSÉARACHA

De réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990, eisíodh 45 Fhógra Láithreáin Thréigthe san iomlán i rith 2016. Ag an 31 Nollaig, 2016 bhí 34 réadmhaoin san iomlán liostáilte ar Chlár na láithreán Tréigthe,

De réir an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964 eisíodh 39 bhfógra san iomlán i rith 2016 ag iarraidh ar úinéir na réadmhaoine oibreacha a dhéanamh ar a réadmhaoin.

## PLEANÁIL CHUN CINN

Tá ról lárnach ag Pleanáil Chun Cinn maidir le forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta Chontae Cheatharlach.Is é a príomhchuspóir forbairt inmharthana laistigh den Chontae a chur chun cinn agus í a thacú. Trí phleanáil chun cinn, déantar iarracht pobail bhríomhara a chruthú ina spreagtar agus ina léirítear ardmheas ar dhifríochtaí cultúrtha, pobail inar féidir le gach duine páirt ghníomhach a imirt sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus a bhfuil seirbhísí imleora ann chun freastal ar an bpobal. Tugann na feidhmeanna reachtúla pleanála aird ar bheartas náisiúnta, treoirlínte an Aire agus ar na pleananna reachtúla úsáide talún éagsúla glactha ag leibhéal áitiúil.

***Pleananna Limistéir Áitiúil***

**Plean Limistéir Áitiúil Mhuine Bheag /An Dair Ríoga 2017 – 2023:**

Cuireadh tús leis an obair agus rinne dul chun cinn in 2016 ar Phlean Limistéir Áitiúil Mhuine Bheag /An Dair Ríoga 2017 – 2023. Reáchtáladh ceardlanna éagsúla agus cruinnithe comhairliúcháin poiblí le linn an phróisis, ceardlann éascaitheoireachta graifice i mí Aibreáin san áireamh inar tugadh cuireadh speisialta do ghrúpaí áitiúla éagsúla trí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) chomh maith le speictream leathan gnólachtaí, scoileanna, grúpaí eaglaise srl. Reáchtáladh na tréimhsí

taispeántais poiblí do chéimeanna éagsúla an phlean: réamhdhréacht, dréachtphlean limistéir áitiúil, agus leasuithe ábhartha ar an dréachtphlean limistéir áitiúil ar na dáta faoi seach a leanas.

- Máirt an 9 Feabhra – Máirt an 1 Márta, 2016
- Céadaoin an 15 Meitheamh - Céadaoin an 27 Iúil, 2016
- Aoine an 21 Deireadh Fómhair - Aoine an 18 Samhain, 2016

Cuireadh tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh faoi bhráid Bhaill Tofa na Comhairle maidir le leasuithe ábhartha do Phlean Limistéir Áitiúil Mhuine Bheag /An Dair Ríogai rith Mhí na Nollag chun go measfaidís é ag Cruinniú Míosúil na Comhairle i Mí Eanáir 2017.

**Plean Limistéir Áitiúil na Tulaí 2017 – 2023:**

Cuireadh tús leis an obair agus rinne dul chun cinn in 2016 ar Phlean Limistéir Áitiúil na Tulaí 2017 – 2023. Reáchtáladh ceardlanna éagsúla agus cruinnithe comhairliúcháin poiblí le linn an phróisis, ceardlann éascaitheoireachta graifice i Mí Bealtaine san áireamh inar tugadh cuireadh speisialta do ghrúpaí áitiúla éagsúla trí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) chomh maith le speictream leathan gnólachtaí, scoileanna, grúpaí eaglaise srl. Reáchtáladh na tréimhsí taispeántais poiblí do chéimeanna éagsúla an phlean: réamhdhréacht, dréachtphlean limistéir áitiúil, agus leasuithe ábhartha ar an dréachtphlean limistéir áitiúil ar na dáta faoi seach a leanas.

- Máirt an  9 Feabhra – Máirt an 1 Márta, 2016
- Céadaoin an 27 Iúil - Céadaoin an 7 Meán Fómhair, 2016
- Aoine an 21 Samhain - Aoine an 23 Nollaig, 2016

Cuirfear tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh faoi bhráid Bhaill Tofa na Comhairle maidir le leasuithe ábhartha do Phlean Limistéir Áitiúil na Tulaí i rith Mhí Eanáir 2017 chun go measfaidís é ag Cruinniú Míosúil na Comhairle i Mí Feabhra 2017.

**Bailte Beaga eile Sráidbhailte:**

Cuireadh tús le réamhobair sa ráithe dheireanach in 2016 ar comhathrú Phlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2015 - 2021 chun 6 bhaile bheaga a chur san áireamh le Plean Forbartha an Chontae, iad, Balaine, Buiríos, Baile Haicéad, Leithghlinn an Droichid, Tigh na hInse agus an Charraig Dhubh. Beidh beartais agus cuspóirí agus léarscáil zonála um úsáid talún do gach ceann de na bailte agus de na sráidbhailte seo ina bonn eolais chun na limistéir seo a fhorbairt amach anseo agus déanfar tuilleadh cur chun cinn i rith 2017.

***Moladh an tornóg aoil a chur le hiarsuíomh na Monarchan Siúcra ag Strawhall, Bóthar Átha Í, Ceatharlach:***

Ag cruinniú de chuid Chomhairle Chontae Cheatharlach i Mí na Samhna 2015 ritheadh rún tús a chur leis an nós reachtúil faoi Ailt 54 & 55 an Achta um Phleanáil agus um Fhorbairt 2000 (arna Leasú)an tornóg aoil a chur le hIarshuíomh na Monarchan Siúcra ag Strawhall, Bóthar Átha Í, Ceatharlach le taifead na Struchtúr Cosanta atá mar chuid de Phlean Forbartha Chontae Cheatharlach. mar a dhéantar tagairt dó i gComhphlean Spásúil Mhórcheantar Uirbeach Ceatharlach  na Gráige 2012-2018 (arb é atá ann ná Plean Limistéir Áitiúil Mhaighean Bhaile Cheatharlach)..

Cuireadh an moladh seo ar taispeántas poiblí ón Aoine an 25 Samhain 2016 go dtí an 20 Eanáir 2017. Leanfaidh nósanna maidir leis an gceist seo ar aghaidh in 2017.

**Tionól Réigiúnach an Deiscirt:**
Leanfaidh an t-údarás pleanála le cur le hobair Thionól Réigiúnach an Deiscirt chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht déanta ar leas Cheatharlach ag leibhéal réigiúnach

**scéim do ranníocaíocht forbartha 2017 – 2021:**
I gcomhréir le hAlt 48 an Achta um Phleanáil agus um Fhorbairt 2000 (arna leasú) ullmhaíodh Dréachtscéimdo Ranníocaíocht Forbartha in 2016. Cuireadh mionsonraí na Dréachtscéime do Ranníocaíocht Forbarthaar taispeáint go poiblí ó Aoine an 25 Samhain 2016 go hAoine 20 Eanáir 2017. Tá na mionsonraí le feiceáil ag suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae agus ar Shuíomh Gréasáin Chomhairle Chontae Cheatharlach.I ndiaidh na tréimhse Comhairliúcháin poiblí, ullmhófarTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ionas go ndéanfaidh na Baill Tofa í a mheas ag cruinniú na Comhairle i Mí Feabhra 2017.

## TOBHACH NA LÁITHREÁN TRÉIGTHE

Tugadh líon forálacha reachtúla nua isteach le cur chun feidhme an Achta Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht, 2015 an 1 Meán Fómhair 2015 a bhfuil sé mar aidhm acu forbróirí agus úinéirí talún a spreagadh talamh atá zónáilte d'úsáid chónaitheach agus/nó talamh uirbeach aitheanta ag údaráis áitiúla ar gá é a ghiniúint ia fhorbairt. Is iad na príomh-mheicníochtaí chun an méid thuas a bhaint amach (i) Tobhach láithreáin thréigthe a thabhairt isteach agus (ii) leasú a dhéanamh ar chuid v - ceanglais Thithíochta Sóisialta agus Inacmhainne agus Ranníocaíocht Forbartha.

I rith 2016 rinne an tÚdarás Pleanála limistéir féidearthachta a shainaithint laistigh de Phlean Limistéir Áitiúil Mhuine Bheag /An Dair Ríoga 2017 – 2023 agus de Phlean Limistéir Áitiúilna Tulaí 2017-2023 ina bhféadfaí cur i bhfeidhm an tobhaigh a mheas. Chun forálacha an Achta a chomhlíonadh cuirfear tús le comhathrú Phlean Forbartha Chontae Cheatharlach 2015-2021 in 2017.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

1. Ta tiomantas soiléir ag Comhairle Chontae Cheatharlach timpeallacht shábháilte agus sláintiúil a sholáthar do gach fostaí an Údaráis Áitiúil, d'úsáideoirí seirbhíse agus do dhaoine eile a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil baint a bheith acu leo. Tá ardmheas ag an gComhairle Chontae ar phrionsabail na hoscailteachta agus na cuntasachta, lena n-áitítear monatóireacht a dhéanamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn sí.

2. Is é cuspóir na tuarascála bliantúla sláinte agus sábháilteachta seo tiomantas Chomhairle Chontae Cheatharlach don mhéid a leanas a léiriú:

    - Cur i bhfeidhm leanúnach agus éifeachtach bheartas, eagrúcháin agus socruithe sláinte agus sábháilteachta na Comhairle Chontae.
    - Iarracht a dhéanamh gach achtaithe dlíthiúil a bhaineann le Sábháilteacht, le Sláinte agus le Leas san ionad oibre.

- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i leith sláinte agus sábháilteachta agus í a thomhas, ag súil le béim a chur ar réimsí ina bhfeidhmíonn an Chomhairle go maith chomh maith le réimsí feabhsúcháin.
- Timpeallacht shábháilte agus sláintiúil a chinntiú d'fhostaithe, d'úsáideoirí seirbhíse agus do chaiteoirí áitreabh na Comhairle Chontae.

3. Ta súil ag an gComhairle Chontae le gach cuid den mhéid thuasluaite a bhaint amach trí leanúint le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le gach ceann dár bpáirtithe leasmhara idir inmheánach agus seachtrach.

**FORLÉARGAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ I RITH 2016**

Tá roinnt móréachtaí/tionscnamh sláinte agus sábháilteachta bainte amach ar fud an Údaráis Áitiúil ó ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil dheireanach.

- Rinne an NSAI iniúchadh ateastasaithe OHSAS 18001 ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach agus d'éirigh léi a teastasú a choinneáil. Tá teastasú OHSAS 18001 aici le 4 bliana anois.
- Cuireadh tús le forbairt córais nua iniúchta Sláinte agus Sábháilteachta. Is éard atá i gceist leis an gcóras iniúchta na go n-úsáidtear PDA chun ceistneoirí iniúchta a chomhlánadh. Táthar ag súil le go mbeidh an chuid den chóras a bhaineann le tuairiscí agus le gníomhartha curtha i gcríoch *in 2017.*
- Bronnadh Gradam an Uachtaráin ar rannóg na tithíochta ag gradaim NISO i mí Dheireadh Fómhair. Ba mhóréacht é seo, léirítear cultúr dearfach agus réamhghníomhach na bainistíochta sábháilteachta atá le sonrú sa rannóg tí ghradam NISO a bhuachan.
- Bhí Comhairle Chontae Cheatharlach chun tosaigh san athbhreithniú ar Cháipéis Beartas agus Nósmharachta Náisiúnta ar Bhainistíocht Foréigin agus Forrántachta a raibh rannpháirtíocht ann ó Chomhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairlí Contae Loch Garman agus Dhún Laoighre - Ráth an Dúin.Táthar ag súil leis an gcáipéis a sheoladh n 2017.
- Fuair an Chomhairle Contae Tuairisc chomhairleach ón Údarás um Shábháilteacht Bóithre. Ag leanúint ar an tuairisc seo cruthaíodh córas lárnach chun flít 45 fheithicil a bhainistiú. Cuimsíonn sé seo rianú ceisteanna cothabhála, bileoga cigireachta seachtainiúla, agus CVRT. Rinne an Rannóg Sábháilteachta spotchigireachtaí ar fheithiclí oibre ar na rannóga a leanas 2016:

    1. Leabharlann
    2. Comhshaol
    3. Ceantar Bardasach Cheatharlach
    4. Ceantar BardasachMhuine Bheag

- Rinneadh Cigireachtaí Cothabhála Foirgnimh ar na foirgnimh a leanas:

    1. Oifigí Cathracha agus Leabharlann na Tulaí
    2. Halla Mhic Craith
    3. Halla Bhaile Cheatharlach
    4. Seomraí Tionóil
    5. Foirgnimh an Chontae

- Rinneadh na cáipéisí a leanas a uasdátú/iad a dhréachtú in 2016:

1. Lámhleabhar Nua Sábháilteachta don Chomhairle Chontae (i bhfoirm dréachta faoi láthair).
2. Teimpléad Réamhphlean Nua.
3. Measúnuithe Riosca curtha i gcríoch don Rannóg Pleanála agus cuirfear oiliúint ar an Rannóg in 2017.
4. Measúnuithe Riosca athbhreithnithe do Bhaile Cheatharlach agus Iontaobhas Conláiste Cathrach an Chontae.
5. Pacáiste ionduchtaithe do Chonraitheoirí/Chuairteoirí lena n-úsáid ag áitreabh na Comhairle.

- Lean HSQE Uisce Éireann lena chlár cigireachtaí sábháilteachta a dhéanamh ar ionad chóireála agus ar an an líonra a bhaineann leo..

- Tugtar faoi chomhairliúchán le fostaithe ar cheisteanna sláinte agus sábháilteachta ar leibhéil éagsúla:

1. Coiste Comhairliúcháin Sábháilteachta ar a bhfuil Ionadaithe Sláinte na Rannóg agus ball an Choiste Bhainistíochta Sábháilteachta, agus an Comhairleoir Sláine agus Sábháilteachta. Bhuail an coiste le chéile 3 huaire in 2016. Rinne an HSA Treoirlínte na nIonadaithe Sábháilteachta agus an Chomhairliúcháin ar foilsíodh iad en chéad uair in 2006 a uasdátú in 2016. Tugadh na treoirlínte nua do gach ionadaí sábháilteachta.

2, Coiste Bhainistíochta Sábháilteachtaar a bhfuil bhainistíocht na rannóg, cathaoirleach an Choiste Comhairliúcháin Sábháilteachta agus an Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta Bhuail an coiste le chéile 3 huaire in 2016.

3. Mar chuid den obair leanúnach chun feabhas a chur ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle bhuail an Grúpa u Chur i bhFeidhm SMS le chéile 3 huaire agus rinne sé athbreithniú ar 8 gcáipéis bheartais um chur i bhfeidhm. Tá baill foirne ó gach grád agus ó gach stiúrthóireacht laistigh den eagraíocht ar an ngrúpa. Cinntíonn sé seo go dtarlaíonn comhairliúchán iomchuí agus go mbaineann na cáipéisí beartais faofa le hobair na Comhairle agus go dtagann siad le ceanglais reachtúla.

**OILIÚINT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

Reáchtáil an tÚdarás Áitiúil clár leathan cúrsaí oiliúna um shláinte agus sábháilteachta i rith 2016. Tugtar tosaíocht d'oiliúint reachtúil agus reáchtáil an Oifig Oiliúna na cúrsaí a leanas i rith 2016:

- Aispeist i bhFoirgnimh a Bhainistiú
- Feasacht ar Líonraí Gáis Éireann
- Oiliúint Líonra CISM
- Pas Sábháilte
- Oiliúint ar lotnaidicíd
- Oiliúint Ionduchtaithe (17 mball foirne)

- Seisiún Eolais Dlíthiúil le Michael Lanigan BCL.
- Pas Sábháilte
- CSCS Seirbhísí faoi thalamh a aimsiú
- Úsáid shábháilte lotnaidicídí agusluibhicídí
- Ag obair in airde
- CPC Tiománaí
- Úsáid Sáibh Shlabhrach
- Túr Scafaill Soghluaiste
- Rothaí Scrábacha
- Ról PSDP a Bhainistiú
- PSCS
- Foréigean agus Forrántacht a Láimhseáil

**FORFHEIDHMIÚ**

Thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta dhá chuairt ar an Údarás Áitiúil in 2016. Tharla an dá chuairt ag láithreán líonta Bhaile an Phaoraigh. Ba ghnáthchigireacht ceann acu agus tharla an ceann eile de bharr timpiste le leoraí a bhí ag seachadadh dramhaíola ag an láithreán. Eisíodh tuairisc amháin cigireachta tráth an chéad chuairte.

**TIMPISTÍ/TEAGMHAIS**

Rinneadh 16 teagmhas ina raibh baill foirne na Comhairle páirteach a thaifeadadh in 2016.Tuairiscíodh 4 acu don Údarás Sláinte agus Sábháilteachtai gcomparáid le 11 in 2015. Bhain tromlach na dteagmhas le láimhsiú agus le sleamhnú, le tuisle agus le titim.

**ATHRUITHE REACHTAÍOCHTA**

Rinneadh uasdátú ar an rannóg tuairiscithe teagmhais ar leathanach Sláinte agus Sábháilteachta Inlín na Foirne mar gheall ar athrú ar an reachtaíocht -Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Uimh. 3) 2016 (IR Uimh. 370 / 2016).

I measc na reachtaíochta eile bainteach leis an gComhairle agus foilsithe in 2016 bhí:

- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2016, Mír 12 Rothaí Scrábacha – Cuirfear an píosa nua reachtaíocht san áireamh maidir le gach oiliúint nua ar Rothaí Scrábacha.

- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (RéimsíLeictreamaighnéadacha) 2016

- Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2016, Mír 11 Meaisíní Adhmadóireachta

Rinneadh an HSA na Cóid Chleachtais a leanas a leasú in 2016 agus scaipeadh ar an bhFoireann iad:

1. Cód Cleachtais chun Dainséir ó Sheirbhísí Faoi Thalamh a sheachaint.
2. Cód Cleachtaisum Shábháilteacht Oibre Dín
3. Cód Cleachtaisum gníomhaithe ceimiceacha

# FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Tá dualgas ar an Oifig Fhiontraíochta Áitiúil Tacaíocht Ghnó agus Forbairt Gheilleagrach a sholáthar do Pháirtithe Leasmhara éagsúla Chontae Cheatharlach mar a shainmhínítear sa Phlean Forbartha Fiontraíochta Áitiúil, sa Phlean Gnímh um Phoist agus i gcáipéisí straitéiseacha eile. Feidhmíonn an oifig de réir Comhaontú Seirbhíse le Fiontraíocht Éireann agus tá ceithre phríomhfheidhm aici:

- Faisnéis Ghnó agus Seirbhísí Comhairleacha
- Seirbhísí Tacaíochta Fiontair
- Seirbhísí TacaíochtaFiontraíochta
- Seirbhísí Forbartha um Fhiontríochtaí Áitiúla

D'fhaomh an SPC an Plean Forbartha Fiontraíochta Áitiúille linn ráithe 1, 2016 agus fuarthas maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann chun seachadadh an Chláir Thacaíochta Fiontraíochta a éascú ag teacht leis an bplean do 2016.Tá foráil i mbuiséad Chomhaire Chontae Cheatharlach chun an Clár Forbartha Geilleagraigh a sheachadadh. Tharraing an Clár Forbartha Geilleagraighinfheistíocht shuntasach i rith 2016 ó thaobh thionscadal na mBailte agus na Sráidbhailte, Criosanna Forbartha Gheilleagracha, Maoiniú um Thurasóireacht Bhia,Maoiniú um Straitéis Diaspóra &Chlár Fhiontraí Óig na hÉireann is Fearr.

Ag teacht le ceanglais mhúnla maoinithe Fiontraíocht Éireann is iad a leanas foireann an chláir:

- Ceann na Fiontraíochta
- Oifigeach Tacaíochta Fiontraíochta Sinsearach
- Comhairleoir Gnó
- Riarthóir

Ceapadh, Pauline Hoctor ina Comhairleoir Gnó don Oifig Fiontraíochta Áitiúil i ndiaidh comórtais oscailtele linnRáithe. 4, 2016. Déanfaidh na gOifigí LEO plean 3 bliana a fhaomhadh le linn Ráithí 1& 2, 2017 ag teacht le ceanglais mhúnla maoinithe Fiontraíocht Éireann. Tugann foireann Thurasóireacht Cheatharlach tacaíocht d'fhoireann LEO chun Tacaíochtaí Turasóireachta a sholáthar agus oibríonn siad ar bhonn trasfheidhmiúil ar thionscadail Forbartha Gheilleagrach éagsúla.

**An tOirdheisceart - Plean Gnímh Réigiúnach um Phoist**

Is í aidhm an Phlean Gnímh Náisiúnta um Phoistfás fiontraíochta agus cruthú post a thacú i ngach réigiún den tír. Tá Comhairle Chontae Cheatharlach gníomhach maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gnímh an Oirdheiscirt um Phoist.

Cinntíodh le déanaí trí anailís a dhéanamh ar an Oirdheisceart go bhfuil bearna shuntasach ann idir geilleagar an réigiúin agus an méid eile den tír. Go háirithe:

- Tá leibhéal dífhostaíochta níos airde ag an oirdheiscirt (i.e. an ráta is airde sa tír ag 12.5% i gcomparáid le 8.4% go náisiúnta)
- Cailleadh 24,000 post tógála agus 10,500 post tionsclaíoch sa réigiún idir 2008 agus 2012 - baineann an cuid is mó den mhéadú dífhostaíochta le cailliúintí post sa dá earnáil seo, agus

- Tá leibhéal rachmais níos lú ag an Oirdheisceart (m.s. tá oll-bhreisluach an duine sa réigiún ar an tríú leibhéal is ísle as an 8 réigiún sa tír ag timpeall 71% an mheánluach náisiúnta agus tá ioncam indiúscartha sa tríú háit is ísle ag timpeall 93.5% an mheáin náisiúnta).

Is é cáilíocht fostaíochta an táscaire is suntasaí rachmais Cé gur tharla fás fostaíocht suntasach ó 2012, go háirithe cuireadh fáilte roimh líon na bhfógraí FDI ardphrófíle le dhá bhliain anuas, tá formhór an luchta oibre sa réigiún fostaithe i bpoist atá ar cháilíocht níos ísle i gcomparáid leo (m.s. ní bhaineann ach 25% na bpost déantúsaíochta le réimsí ardteicneolaíochta.), agus tá an iomarca ag brath ar fhiontraíochtaí traidisiúnta agus obair seirbhíse le scileanna ísle agus ar fhostaíocht pháirtaimseartha (m.s. Bá phoist pháirtaimseartha iad beagnach leath de na poist sa réigiún).

I measc na bpríomhchúiseanna a dtugtar do seo tá:

- Próifíl íseal oideachais agus cumais sa réigiún (i.e leibhéal níos ísle bainte amach ag tríú leibhéal; mic léinn ag fágáil an réigiúin chun oideachas a fháil agus nach bhfilleann siad; infheistíocht níos ísle sa bhonn oideachas ag an tríú leibhéal); agus
- Níl dóthain FDI ann chun na poist atá riachtanach d'Fhorbairt Gheilleagrach agus d'fhás. Cé go mbeidh tionchar dearfach suntasach ag na fógraí tacaithe ag an IDA is déanaí (e.g. Nypro Healthcare, West Pharma, Bausch & Lomb, Opko, srl.), ar an treocht a chasadh sa treo eile, tá scála dhúshlán nadífhostaíochta san Oirdheiscirt chomh mór sin go dteastóidh i bhfad níos mó infheistíochta den sórt sin sa ghearrthéarma chun an bhearna a líonadh níos sciobtha)

Is í aidhm Phlean Gnímh an Oirdheiscirt an bhearna a ghiorrú trí 194 Ghníomh Tacaíochta agus Forbartha Fiontraíochta.Chun é seo a bhaint amach tá struchtúr bunaithe ag Údaráis san Oirdheisceart i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara éagsúla a ligfidh do na gníomhartha seo a bhaint amach:




Tá Rachel Doyle ceaptha, ar Ambasadóir Fiontraíochta don ghrúpa "Tacaíocht do Chumasóirí Fiontraíochta" agus tá riarachán agus tacaíocht tionscadail soláthraithe ag Comhairle Chontae Cheatharlach do sin.

Go dtí seo tá an tacaíocht a leanas tugtha ag Comhairle Chontae Ceatharlach chun an plean a chur i bhfeidhm:

- Earcaíocht Stiúrthóra do PhleanGnímh an Oirdheiscirt um Phoist a thacú
- Earcaíocht Feidhmeannais Tionscadail do Phlean Gnímh an Oirdheiscirt um Phoist a thacú
- Ballraíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chinn Fiontraíochta ar sn gCoiste Cur i bhFeidhm
- Ballraíocht an Chinn Fiontraíochta ar an nGrúpa Comhairleach
- Cruinnithe Faisnéise Earnála agus freastal Cuideachta Chontae Cheatharlach agus páirtithe leasmhara a éascú
- Plean curtha i bhfeidhm a fhorbairt chun gníomhartha Údaráis Áitiúil agus an Oifig Fiontraíochta Áitiúil a bhaint amach.
- Tacaíocht riaracháin agus tionscadail a thabhairt don ambasadóir fiontraíochta
- Tuarascáil Rannóige Réigiúnaí a fhorbairt.
- Tacaíocht thrasfheidhmeach le Grúpaí Gnímh agus Oibre.

Mar chuid den Phlean Gnímh Réigiúnach um Phoist, déanfaidh Comhairle Chontae Cheatharlach 2 iarratas ar mhaoiniú le linn ráithe 1 2017 i réimse ghoir agus forbartha ghnó. Tá an Chomhairle ag obair le páirtithe leasmhara éagsúla faoi lathair maidir le forbairt na moltaí seo.

**<u>Oifig Fiontair Áitiúil – Tionscadail Mhaoinithe Iomaíocha</u>**

Cé go n-oibríonn na hoifigí LEO do díreach ar thionscadail mhaoinithe, soláthraítear tionscadail éagsúla ar bhealach comhoibríoch le heagraíochtaí eile ar mhaithe leis an bpobal Gnó i gContae Cheatharlach. I rith 2016, fuarthas an maoiniú a leanas ar bhealach comhoibríoch:

| | |
|---|---|
| LEO Chill Mhantin, LEO Thiobraid Árainn, LEO Loch Garman, LEO Cheatharlach, LEOChill Chainnigh | Tugadh maoiniú do thionscadal faoin bPlean Gnímh Réigiúnach um Phoist chun mol cruthaitheach a chomhdhlúthú i réigiún an Oirdheiscirt trí chlár fairsing líonraithe agus oiliúna do SMEanna agus Gnólachtaí nua a fhreastalaíonn ar na tionscail chruthaitheacha.<br><br>Tá an tionscadal seo ag céim 2 seachadta agus tá 5 chuideachta Cheatharlacha rannpháirtíoch sa tionscadal. Tugtar "An Dorchla Cruthaitheach" ar an tionscadal anois. |
| LEO Thiobraid Árainn, LEO Phort Láirge, LEO Loch Garman, LEO Chill Chainnigh, LEO Cheatharlach | Tugadh maoiniú do thionscadal faoin bPlean Gnímh Réigiúnachum Phoist chun tionscnamh bia ceardaí san Oirdheisceart a fhorbairt chun cnuas easpórtálaithe bia nuabhunaithe trasna 5 chontae agus chun chumas easpórtála rogha cliant bia ceardaí a fhorbairt. |

| | |
|---|---|
| | Tá an tionscadal seo ag céim iarsholáthair agus deartha agus seolfar é le linn ráithe 1, 2017. Cuirfear 5 áit cuideachta ar fáil do chuideachtaí Cheatharlach. |
| Chill Chainnigh, LEO Cheatharlach, LEO Chill Mhantáin | Tugadh maoiniú do thionscadal faoin bPlean Gnímh Réigiúnachum Phoist ar a dtugtar Clár EMBARK a ullmhóidh go réamhghníomhach, gnólachtaí beaga aitheanta ag na LEOanna mar chuideachtaí a bhfuil féidearthachtaí fáis agus easpórtála acu, chun teacht i dtír ar dheiseanna nua easpórtála.<br><br>Tá an Tionscadal ag céim an deartha iarthionscadail agus seolfar é le linn ráithe 1, 2017. |

**Baile Cheatharlach Thacú**

Tuigeann an Feidhmeannas go rímhaithna dúshláin atá ann d'fhiontair i Lár an Bhailr agus tá fonn air bheith rannpháirtíoch in idirghabhála fiúntacha leis na páirtithe leasmhara maidir le tionscadail féideartha a chuirfidh le hinmharthanacht agus le forbairt Lár Bhaile Cheatharlach.Thug an feidhmeannas faoi na gníomhaíochtaí a leanas le linn na tréimhse 1 Eanáir 2016 - 31 Nollaig 2016:

- Clinicí Comhairle agus Seisiúin Chomhairle Ghnó do Gnólachtaí Nuathionscanta i leith Áitreabh Miondíolta
- Dearbháin Gréasáin a sholáthar i leith Fiontair Miondíolta ata ag trádáil le breis is 12 mhí
- Maoiniú a thabhairt do Chomhlachas Cheatharlach do Chlár PR chun fiontair a spreagadh chun "Talk Up Carlow"
- Bolscaireacht a dhéanamh do Lár Bhaile Cheatharlach ag Cúrsa Machnaimh Miondíolta REI
- Triailfheachtas na Meán Sóisialta chun bolscaireacht a dhéanamh do Bhaile Cheatharlach mar áit bhreisforbartha le linn ráithe 3, 2016
- Banc Íomhánna a fhorbairt mar uirlis mhargaíochta do Bhaile Cheatharlach
- Cás -staidéir a fhorbairt ar Mhiondíoladh agus ar Fháilteachas.
- Maoiniú a fhaomhadh do Bhailte Slachtmhara Cheatharlach i leith scéim na mBoscaí Fuinneoige agus na Ciseáin ar Crochadh.
- Maoiniú a fhaomhadh doS céim Phéintála Bhaile Cheatharlach do 9 n-áitreabh
- Deiontais nuathionscanta €9,215 a fhaomhadh faoin scéim Retail Start Plus
- Maoiniú a thabhairt d'Fhéilte agus d'iImeachtaí i mBaile Cheatharlach lena n-áirítear An Fhéile Phan-Cheilteach 2016
- Maoiniú a thabhairt do Chomhlachas Cheatharlach - Gníomhaíochtaí Nollag Cheatharlach
- Maoiniú a thabhairt do Bhileog Phoiblíochta Thurasóireacht Nollag Cheatharlach

- maoiniú a dheimhniú do Chlár na Soilse Nollag 2016

Oibríonn an Feidhmeannas go gníomhach le Ranna eile laistigh de Comhairle Chontae Cheatharlach ar bhonn trasfheidhmíoch chun a chinntiú go bhfuil comhfhreastal ar riachtanais fhiontar Bhaile Cheatharlach ach aithníonn é go dteastaíonn cur chuige ilpháirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis na dúshláin. Tá an Feidhmeanas gníomhach maidir le rannpháirtíocht le Comhlachas Cheatharlach maidir leis an gCiste um Fhorbairt Gheilleagrach do 2017.

**Infheistíocht dhíreach eachtrach**

Tá an Feidhmeannas gníomhach maidir le rannpháirtíocht leis an IDA maidir le margaíocht a dhéanamh ar Chontae Cheatharlach mar shúiomh d'infheistíocht dhíreach eachtrach. Ar bhonn leanúnach cuimsíonn sé seo:

- Uasdátaithe rialta ón IDA maidir le tionscadail ahus le tionscadail fhéideartha
- Rannpháirtíocht leis an IDA agusle páirtithe leasmhara eile maidir le soláthar faisnéise agus réitigh do thionscadail FDI fhéideartha
- Bunachar réadmhaoine gníomhaí a choinneáil a bhfuil eolas margaidh cothrom le dáta air
- Rannpháirtíocht leis an IDA maidir le Foirgneamh na hArdteicneolaíochta Cheatharlach atá le seachadadh faoin bPlean Gnímh um Phoist
- Ábhair Mhargaíochta dírithe ar Earnálacha Sainiúla a fhorbairt
- Rannpháirtíocht le Connect Ireland maidir lena gclár rannpháirtíocht don diaspóra.
- Rannpháirtíocht le Tiarnaí Talún Príobháideacha agus a ngníomhairí maidir le réiteach réadmhaoine.

Mar is eol do na Baill, tugtar faoin obair seo ar bhonn rúnda leis an bFeidhmeannas an IDA agus le páirtithe leasmhara agus bhí an Feidhmeannas gníomhach maidir leis na baill a choinneal suas chun dáta i dtaca aon mhéaduithe ar phoist ar gCliant FDI reatha ná le haon fhorbairtí eile.

I rith 2016, d'fhorbair an Feidhmeannas 2 uirlis faisnéise i gcomhair margaíochta : ar an gcéad dul síos "Contae Cheatharlach - Baile um Fhoirfeacht ghnó", agus ansin "Foirm - Scéal Cruthaitheachta Cheatharlach". Ullmhaíodh ceann amháin eile eile a dhíríonn ar Bhaile Cheatharlach agus é ag teacht le dearadh na n-ábhar FDI.

**Banc Físeán:** Tá sraith Fhíseán Margaíochta FDI do Chomhairlí Contae déanta ag Comhairle Chontae Cheatharlach len iad a seoladh le linn Rá ithe 1, 2017.

**Bileoga Eolais:** In éineacht le Contae Cheatharlach: Baile um Fhoirfeacht Ghnócruthófar sraith bhileog eolais chun margaíocht a dhéanamh ar láidreachtaí Cheatharlach mar shuíomh infheistíochta. Críochnófar iad roimh dheireadh Rá ithe 1, 2017.

Bhí méadú sonraíoch ar chuairteanna FDI i rith 2016, agus 8 gcuairt ann go deireadh mhí Mheán Fómhair dar le IDA.

**Clár Tacaíochta Fiontraíochta agus Forbartha**

Is achoimre a leanas ar phríomheilimintí gach ceann den 4 fheidhm seirbhíse éascaithe ag an Oifig Fiontair Áitiúil i rith 2016:

**Oiliúint & Forbairt & Líonrú**

| Líon na gclár oiliúna agus na n-imeachtaí líonraithe | Iomlán na Rannpháirtithe | Rannpháirtithe Fireann | Rannpháirtithe Baineann |
|---|---|---|---|
| 57 | 843 | 412 | 431 |

**Meantóireacht**

| Iomlán na Rannpháirtithe | Rannpháirtithe Fireann | Rannpháirtithe Baineann | Meantóirí | Cuairteanna |
|---|---|---|---|---|
| 147 | 83 | 64 | 18 | 135 |

**Deontais Cheadaithe:**

| Líon na gCliant Ceadaithe | Líon na dTionscadal Ceadaithe | Méid Ceadaithe |
|---|---|---|
| 25 | 25 | €364,582.00 |

**Deontais Íoctha:**

| Líon na gCliant Íoctha | Líon na dTionscadal Íoctha | Méid Íoctha |
|---|---|---|
| 24 | 24 | €187,110.00 |

**Cruinnithe Duine ar Dhuine**

| Cruinnithe |
|---|
| 353 |

**Gníomhaíocht Fiontair Mac Léinn**

| Mic Léinn |
|---|
| 1250 |

**Seirbhísí Faisnéise agus Comhairle Ghnó**

- Le linn na tréimhse 1 Eanáir 2016 – 31 Nollaig 2016 sholáthair Feidhmeannas na hOifige Fiontair Áitiúil 353 Chruinniú Suíomh agus Oifige duine ar dhuine. Faigheann Fiontair Nuathionscanta agus fiontair reatha comhairle ar cheisteanna éagsúla ar nós pleanáil ghnó, airgeadas, tacaíochtaí stáit, margaíocht, agus soláthar. Cuimsíonn an tseirbhís seo rannpháirtíocht ghníomhach agus treorú chuig Chomhpháirtithe Prótacail Náisiúnta éagsúla áit gur féidir le cliaint teacht ar tacaíochtaí Airgeadais agus neamhairgeadais ón Stát.

**Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta**

- **Tá Clár Fiontraíochta na nDaltaí** ceaptha chun rannpháirtíocht daltaí an 4ú bliain a spreagadh i bhforbairt Micrifhiontraíochta mar chuid de chomórtas thionscadalbhunaithea bhfuil sé mar aidhm aige feasacht ar fhiontraíocht mar rogha gaire a spreagadh. Faoi láthair glacann 10 scoil as 11 páirt sa chlár. I ndiaidh Chraobh an Chontae ar reáchtáladh é i mí Feabhra 2016, bhí Clodagh Brophy ó St. Leo's mar ionadaí Chontae Cheatharlach ag an gCraobh Náisiúnta agus bhuaigh sí Ollghradamna Meán Sóisialta ag Leibhéal na Chraoibhe Náisiúnta sa Chatagóir Sinsearach.




**Fíor 1: Oscailt an tseolta in Unum le hIomaitheoirí an Bhabhta Cheannais IBYE Equi-Ratings 2016**

- D'éascaigh an LEO **Imeacht Réigiún an Oirdheiscirt Lá Fiontraíochta na mBan** ar óstáladh í le linn Rá ithe 4, 2017. Bhí fiontraí áitiúil Rachel Doyle mar chuid agus rinne an tAire Mitchell O'Connor é a sheoladh.

- Ceapadh **Comórtas Coincheapa na Mac Léinn** chun cruthaitheacht a fhorbairt i measc mac léinn agus reáchtáiltear é i gcomhpháirt le IT Cheatharlach, Ionad Siopadóireachta Fhaiche an Aonaigh, BAC, agus Seirbhísí an Óige Cheatharlach & Visual i rithRá ithe 4, 2017 ghlac breis is 600 mac léinn páirt sa chomórtas.

- **Gradaim Fiontraíochta 2016:** I rith 2016, d'éascaigh an Oifig Fiontair Áitiúil Gradaim Na Fiontraíochta Áitiúla inar ghlac 10 gcuideachta páirt i bhForbairt agus i Meastóireacht Plean Gnó. Óstáladh lón gradamagus d'fhreastal 50 duine air, ainmníodh Equi-Ratings mar Iontráil

Chontae Cheatharlach – sna Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta agus bhuaigh siad an Gradam Réigiúnach ag an mBabhta Ceannais Náisiúnta i mí Bealtaine 2016.



***Fíor 2: Seó Fiontraíochta na Mac Léinn in Visual 2016***

-  **Is clár náisiúnta é Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann ceaptha chun rannphháirtíocht daoine óga idir 18- 35 bliain d'aois** a smaointí gnó agus a bhfiontair a fhorbairt g dtí an chéad leibhéal eile. Leis seo tá ciste infheistíochta €50,000 do gach Ceantar Údaráis Áitiúil. I rith Rá  ithe 4, 2016, sheol na hOifigí LEO an clár agus bhí 18 bhfiontraí óga i láthair agus roghnaíodh 6 i gcomhair infheistíochta. rachaidh 3 cinn de na tionscadail seo ar aghaidh do tí an babhta ceannais réigiúnach de IBYE a reáchtálfar é i rith Rá  ithe 1, 2017

-  **Seachtain na Fiontraíochta 2016:** Thug an Feidhmeannas faoi sheachadadh na chéad SeachtaineFionraíochta Áitiúla ina raibh 5 imeacht, ina measc bhí seóthaispeántas de Chuid KCLE a thug ardán do scéalta 18 gcuideachta Cheatharlacha.

-  **Cnuasaigh a Fhorbairt:** Breathnaítear ar chnuasú mar mhodheolaíochtéifeachtach chun cuideachta sainearnála a fhorbairt. Le linn na bliana thug an Oifig Fiontair Áitiúla faoi gníomhaíochtaí cnuasaithe éagsúla i réimse na ceardaíochta (Foirm) agus faoi láthair tá sí i mbun tionscadal a fhorbairt i réimse na hInnealtóireachta.

-  **Gníomhaíochta Chur chur cinn na Fiontraíochta:**
   Thug an Oifig Fiontair Áitiúla faoi gníomhaíochtaí éagsúla chur chun cinn na Fiontraíochta a chuimsigh rannphháirtíocht chuideachtaí Cheatharlach i Sráidbhaile an Fhiontair Áitiúil.

**Seirbhísí Tacaíochta Fiontair**

- Thug an Oifig Fiontair Áitiúil cúnamh airgeadais díreach i bhfoirm Nuálaíochta, Ullmhú (Nuathionscanadh), Deontas Leathnithe Gnólachta. (Féach Aschur achomair)
- **Clár réamhthionscanta** a sheachadadh i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teo. faoi SICAO do dhaoine atá ag smaoineamh ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair.
- Thug an Oifig Fiontair Áitiúilraon gníomhaíochtaí tacaíochta gnó agus líonraithe i rith 2016.(Féach Aschur achomair)
- D'óstáil an Oifig Fiontair Áitiúil "**An Phicnic Ghnó**" i gcomhpháirt le Unum, Connect Ireland agus Arboretum ar a d'fhreastail 300 duine gnó ó fud fad an Oirdheiscirt.
- Sholáthair an Oifig Fiontair Áitiúilmeantóireacht d'fhiontair nuathionscanta agus dóibh siúd atá ag forbairt. (Féach Aschur achomair)
- Sholáthair an Oifig Fiontair Áitiúil rochtain ar **Mhicrea-airgeadais**
- Sholáthair an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht chun Ionaid Fiontraíochta Phobail agus Ionaid Ghoir a fhorbairt i gContae Cheatharlach. Tá Comhairle Chontae Cheatharlach i mbun athbhreithniú ar Ionaid Fiontraíochta Phobail Cheatharlach ag trádáil mar Theach na Fiontraíochta faoi láthair ag súil le straitéis 3 bliana a fhorbairt.
- Rinne an Oifig Fiontair Áitiúil an Scéim Comharthaí **Bee Visible i mBaile Cheatharlach a bhainistiú**.
- Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil gníomhach maidir lena rannpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann i leith fhorbairt cliaint an LEO agus **tionscadail HPSU**
- Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil gníomhach maidir lena rannpháirtíocht le IT Cheatharlach i leith tionscadail um **tháirgí agus um sheirbhís a fhorbairt.**
- Tá an Oifig Fiontair Áitiúil gníomhach maidir lena rannpháirtíocht le**Fóram Scileanna an Oirdheiscirt.**
- Tá an Oifig Fiontair Áitiúil rannpháirteach i soláthar an tSráidbhaile Fiontraíochta Áitiúil @ NPA trí Choiste Náisiúnta a bhainistiú. TGhlac 64 chuideachta páirt sa Sráidbhaile, 2 chuideachta ó Cheatharlach ina measc. Sheol an tAire Mitchell O'Connor an Sráidbhaile le linn Rá ithe 2, 2016.

**Seirbhísí Forbartha Fiontraíochta Áitiúla**

- **Seirbhísi "First Stop Shops":** Sholáthair an feidhmeannas seirbhísí éagsúla eolais, comhairle agus éascaithe do thionscadail gheilleagracha féideartha i gcaitheamh na bliana.
- **Plean Geilleagair agus Pobail Áitiúil:** D'fhorbair feidhmeannas na hOifige Fiontair Áitiúil an Plean Geilleagair agus Pobail Áitiúil ar seoladh é le linn 2016 i gcomhpháirt lena macasamhalacha sna Seirbhísí Pobail.

- **Launchpad:** D'éascaigh an Feidhmeannas forbairt Lauchpad i gcomhpháirt le Unum. Is spás saor nuathionscantach chun chun cuideachta den chineál teicneolaíochta HPSU a fhorbairt é Launchpad. Ba é an chéad tionónta ná iomaitheoir na bhabhta cheannais IBYE 2016 Equi-Ratings.



***Fíor 3 Comhairliúchán Poiblí do Scéim Athnuachana na mBailte & na Sráidbhailte.***

- **Taispeántas "FORM":** D'éascaigh an Feidhmeannasforbairt taispeántais do "FORM" i gcomhpháirt leis na Seirbhísí Leabharlainnemar chuid d'Fhéilte na nEalaíon Cheatharlach 2016. Sheol an tAire Mitchell O'Connor an taispeántas le linn Mhí anMheithimh 2016. Thug Form faoi 4 ghníomhaíocht chomhoibríocha agus má thógtar le chéile é bhí brabús 66% ar oll-láimhdeachas do bhaill an ghrúpa.

- **Plean Gnímh an Oirdheiscirt um Phoist:** Féach nóta ar Plean Gnímh um Phoist

- **Scéim na bhFéilte Pobail, na n-Imeachtaí agus na n-Ionad Turasóireachta:** Rinne an Feidhmeannas an ciste thuasluaite lenar bronnadh €100k ar 13 thionscadal ar fud Chontae Cheatharlach. a chomhordú.

- **Margaíocht IDA & FDI:** Féach Infheistíocht Indíreach Eachtrach

- **Maoiniú Pobail an Diaspóra:** Sheol an Feidhmeannas Scéim Mhaoinithe Pobail Diaspóra na nÚdaráis Áitiúla/IPB/Fáilte Ireland. Seoladh an scéim i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Cheatharlach agus cabhraíonn sí le grúpaí pobail imeachtaí a óstáil a mheallann cuairteoirí ó thíortha eile.




***Fíor 4 Imeacht Líonraithe na Picnice Gnó 2016***

-  **Clár na Comhchathrach**: Thug an Feidhmeannas faoi Naisc Gheilleagracha a bhunú le IT Cheatharlach maidir leid an gClár Comhchathrach le Tempe, Arizona. Is tionscadal trasfeidhmiúil e seo le rannóg an phobail.

-  **Turasóireacht Cheatharlach**: Thacaigh an feidhmeannas le hobair Thurasóireacht Cheatharlach lena n-áiríodh soláthar tacaíochtaí d'Aonaigh Cheirde agus Thomhaltóra.

<u>**Ionadaíoch a dhéanamh ar Chomhairle Chontae Cheatharlach:**</u> Faoi láthari, déanann foireann LEO ionadaíocht ar Chomhairle Chontae Cheatharlach at na grúpaí tionscadail agus cláir a leanas:

-  Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil Cheatharlach
-  Comhpháirtíocht Forbartha CLG Chontae Cheatharlach
-  Turasóireacht Cheatharlach CLG
-  Ionaid Fiontraíochta Phobail Cheatharlach CLG
-  Seirbhísí Oiliúna na Luathbhlianta Cheatharlach CLG
-  Fóram Scileanna an Oirdheiscirt
-  Plean Gníomh an Oirdheiscirt um Phoist - Grúpa Curtha i bhfeidhm
-  Plean Gníomh an Oirdheiscirt um Phoist - Grúpa Monatóireachta Gníomhaí
-  Oifig Fiontair Áitiúil – Líonra Náisiúnta

<u>**Cumarsáideacha, Idirchaidrimh Phoiblí agus na Meáin Chumarsáide:**</u>
Thug an Feidhmeannas faoi ghníomhaíochtaí Meán agus PR mar chuid de thionscadail éagsúla, iad dírithe ar an tír iomlán. Ina measc bhí gné-ailt áirithe sa Sunday Business Post agus the Irish Farmers Journal.

Soláthraítear cumarsáideacha ar na meáin shóisialta mar chuid de Phlean Cumarsáide Náisiúnta an LEO agus déantar é a mheas agus é a thomhas. D'éascaigh LEO iarratais PR éagsúla i rith na bliana ina measc: seoltaí cliaint, ullmhúchán teilifíse do chliaint, deiseanna náisiúnta sna meáin do chliaint, seoltaí clár srl.

**<u>Tionscadail Trasfheidhmiúla:</u>**
D'éascaigh an Oifig Fiontair Áitiúil na tionscadail trasfheidhmiúla a leanas i rith 2016:
**Criosanna Tuaithe Forbartha Gheilleagrach**: I rith 2016, d'fhorbair an LEO 4 tionscadail i ndiaidh próiseas comhairliúcháin a tharraing €200k i maoiniú. Ina measc bhí, Rian na nGairdíní a athfhorbairt Clár na dTithe Móra agus na bhFéilte, tionscadal taiscéalaíocht na habhann a fhiosróidh féidearthacht báirse turasóireachta pobail a fhorbairt agus féidearthacht Bailte Digiteacha a fhorbairt. Seolfar na clár seo i rith 2017 agus beidh creatphlean i bhfeidhm do gach tionscadal faoi dheireadh Rá ithe 1, 2017.
**Straitéis Diaspóra &Nasctha:** I rith 2016, fuair an LEO maoiniú chun Straitéis Diaspóra agus Nasctha a fhorbairt i ndiaidh di iarratas a dhéanamh. Ta 3 chéim leis an tionscadal seo iad: forbairt straitéise, forbairt agus meán cumarsáide agus measúnú forbartha táirge. Críochnófar an próiseas faoi dheireadh Rá ithe 1, 2017 agus cuirfear moltaí faoi bhráid an CPG len iad a fhaomhadh. Seolfaidh Rannóga Leabharlainne, Phobail, Gheilleagair agus Mhúsaeim Chomhairle Chontae Cheatharlach, VISUAL &Turasóireacht Cheatharlach an tionscadal**.**
**Bailte agus Sráidbhailte:** I rith 2016, mar chuid d'fhoireann thrasfheidhmiúil rinne an LEO Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a chomhordú. Tugadh maoiniú do 7 limistéar i gContae Cheatharlach agus dearadh 59 tionscadal chun iad a sheoladh faoi dheireadh Rá ithe1, 2017.
Déanfar na tionscadail a mheas nuair a bheidh siad críochnaithe agus cuirfear isteach scrúduithe Sláinte na mBailte & na Sráidbhailte agus déanfar modhanna maoinithe as seo amach a mheas i gcomhréir aiseolais ó na ranna go léir.
**Tionscadal Turasóireachta Bia:** I rith 2016, d'éirigh leis an LEO maoiniú a fháil mar chuid de Mhaoiniú um Thurasóireacht Tuaithe Bia. Úsáidfear an maoiniú seo chun Blas Cheatharlach 2017 a fhorbairt um Cháisc, Leabhar Cócaireachta Thairgeoirí Bia Cheatharlach agus thacaigh sé le Nollaig Chócaireachta Cheatharlach 2016. Seolfar Leabhar Cócaireachta & Blaiseadh na Dtáirgeoirí Bia i rith 2017, i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Cheatharlach.




***Fíor 5 2016 Ceardlann APJ Réigiúnach& IT Ceatharlach***

**Ciste Forbartha Geilleagrach Bhaile Cheatharlach:** I rith Rá ithe 1, 2017 déanfaidh LEO foireann thrasfheidhmiúil a chomhordú i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Cheatharlach chun tionscadal Forbartha Gheilleagrach do lár an Bhaile a fhorbairt ar €150,000
**<u>Iarratais ar Mhaoiniú Eorpach:</u>**

I rith 2016, d’fhorbair Comhairle Chontae Cheatharlach dhá iarratas faoi mhaoiniú díreach an AE i réimsí an tionscail chruthaithigh, na nEolaíochtaí Saoilagus an BhiaTáthar ag súil le cinneadhle linn Rá  ithe. 2, 2017. Tá na tionscadail i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na Breataine Bige.

# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL UISCE AGUS IOMPAR BÓTHAIR

# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Is é cuspóir straitéiseach Rannóg an Chomhshaoil Timpeallacht Chontae Cheatharlach a chosaint, í a chaomhnú agus í a fheabhsú.

## FEASACHT TIMPEALLACHTA A CHUR CHUN CINN

**Na scoileanna Glasa**

Is í scéim na scoileanna glasa príomhchlár bhainistithe agus oideachaistimpeallachta na hÉireann do scoileanna. Cuirtear i bhfeidhm é i gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla agus tá sí tacaithe ag an RoinnTithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais áitiúil; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; An Roinn Gnóthaí Eachracha & Trádála; Cúnamh na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair; an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uisce Éireannagus Cuideachta Wrigley Teoranta.

Bronnadh 14 bhratach ar scoileanna in 2016.

| **Schoil** | **Bratach Bronnta** |
|---|---|
| Scoil Náisiúnta Mheasctha Bhuiríos | Bruscar & Deamhaoil |
| Gairmscoil Bhuiríos | Bruscar & Deamhaoil |
| S.N. Oideachas le Chéile Cheatharlach | Bruscar & Deamhaoil |
| Gaelcholáiste Cheatharlach | Bruscar & Deamhaoil |
| An Toirbheart De La Salle | Uisce |
| Scoil Naomh Moling | Uisce |
| Scil Naomh Lazarian | Taisteal |
| S.N. Bhinn an Choire | Bithéagsúlacht |
| S.N.Chluain na nGall | Bithéagsúlacht |
| S.N. Chill Damháin | Bithéagsúlacht |
| S.N.Leithghlinn an Dhroichid | Bithéagsúlacht |
| S.N. Bhanríon na Cruinne | Bithéagsúlacht |
| S.N. Rath an Lao | Bithéagsúlacht |
| S.N. Molaise | SD Fuinneamh |



Mar chuid dá ról d'eagraigh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil turais go Saoráid Athchúrsála Bhaile an Phaoraigh agus thug sí cúnamh do roinn scoileanna agus múinteoirí i gContae Cheatharlach.

D'oibrigh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil le Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach i rith Sheachtain Náisiúnta na hEolaíochta nuair a rinneadh ceardlanna fuinnimh le daltaí ar fud an ghréasán Leabharlann.

D'fhreastal múinteoirí ó na scoileanna sin a ghlac páirt i gClár na Scoilleanna Glasa ar sheimineár bliantúil na Scoileanna Glasa ar reáchtáladh é i mBaile Cheatharlach Déardaoin an 20 Deireadh Fómhair 2016.

**Ag Obair le Grúpaí Pobail**

Leanadh leis an idirchaidreamh láidir idir grúpaí deonacha agus pobail ár gContae i rith 2016. Lean an tOifigeach Feasachta Comhshaoil agus na hOifigigh Phatróil Comhshaoil le tacaíocht a thabhairt do rannóg Phobail Chomhairle Chontae Cheatharlach chomh maith le grúpaí pobail áitiúla trí cheardlanna eolais ar cheisteanna éagsúla comhshaoil a reáchtáil mar shampla Bainistíocht Dramhaíola Inbhuanaithe.

Lean an tOifigeach Feasachta Comhshaoille tacaíocht a thabhairt do shearmanas gradam Mhórtas Áite Cheatharlach, ar reáchtáladh é i Mí Dheireadh Fómhair, trí bheith i láthair agus trí eolas agus comhairle a ofráil ar raon leathan ceisteanna comhshaoil.

**Seachtain Náisiúnta na gCrann**

Leanann Comhairle Chontae Cheatharlach leis an gcleachtas spásanna glasa a fhorbairt agus crainn dúchasacha Éireannacha a chur i gceantair uirbeacha a chur chun cinntrí thionscnaimh ar nós Seachtain Náisiúnta na gCrann. Cothóidh na spásanna glasa sin bithéagsúlacht agus feidhmeoidh siad mar slogaidí CO2, agus mar sin laghdófar an leibhéal CO2. In 2016 tugadh 300 crann óg dúchasach Éireannach do Chumainn na nÁitritheoirí agus do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud an Bhaile agus an Chontae.

**Glantachán Náisiúnta Earraigh**

Ghlac Cumainn na nÁitritheoirí, Ghrúpaí na mBailte Slachtmharaagus eagraíochtaí eile deonacha páirt sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh. Cuireann an tionscnamhs seo feasacht phobail agus

glacadh páirte i nglantacháin áitiúla bhruscair chun cinn agus tacaíonn sé le deonaigh chun a limistéar a ghlanadh agus lena Rialtas Áitiúil a thacú. Thug Comhairle Chontae Cheatharlach tacaíocht do 35 ghrúpa ar fud an Chontae trí málaí dubha, lámhainní agus bainteoirí bruscair a sholáthar. Fuair Oifigigh Phatróil Comhshaoil réidh le gach ábhair a bailíodh.

**Bithéagsúlacht**

Rinne Comhairle Chontae Cheatharlach ceardlann bithéagsúlachta / bláthanna fiáine a óstáil i mBaile an Bhaile, Haymarket, Ceatharlach i Mí na Samhna 2016. Bhí Sandro Cafolla, úinéir agus Bainisteoir Design by Nature and Wildflower.ie. in a éascaitheoir agus bhí daoine ó raon leathan cúlraí difriúla i láthair agus fuair siad eolas ar:

- Fiadhúlra, Gnáthóga agus Áiseanna Nádúrtha
- Tírdhreachtú agus Spásanna Oscailte
- Rannpháirtíocht an Phobail agus Pleanáil



**Dramhaíl a Chosc**

In 2016 lean Comhairle Chontae Cheatharlach le cosc dramhaíola a chur chun cinn.
Seoladh clár bolscaireachta "Cuir Deireadh le Dramhaíl Bhia" i Mí Dheireadh Fómhair 2016 agus seoladh é i bPictiúrlann Omniplex i gCeatharlach.

**Ag Cócaireacht le Fuílleach i gCluain na nGall**

Taispeánadh do bhreis is 100 daoine conas béilí blasta agus scamhardach a dhéanamh as gnáthfhuílleach bia. Réitigh an Cócaire Áitiúil, Henry Stone miasa éagsúla chun blaiseadh a thabhairt do dhaoine. Scaipeadh eolas maidir le dramhaíl bia.



**Lámhleabhar Deisiúcháin**

Déanann Comhairle Chontae Cheatharlach iarracht, mar chuid de Phlean Bainistithe Dramhaíola an Deiscirt, daoine a spreagadh chun tomhaltas tomhaltóirí a laghdú trí earraí tí a dheisiú in ionad iad a chaith amach, agus is mar sin a laghdófar dramhaíl agus na impleachtaí don chomhshaol a bhaineann leo.Is é Cosc ar Dhramhaíl príomhphrionsabal Phlean Bainistithe Dramhaíola an Deiscirt. Thiomsaigh Comhairle Chontae Cheatharlach liosta seirbhísí deisiúcháin le cabhair ó Ghrúpa Feabhsúcháin Bhalaine, Bailte Slachtmhara Bhalana agus Bailte Slachtmhara na Tuláí. Sheol an Cathaoirleach John Murphy an Lámhleabhar Deisiúcháin agus scaipeadh é ar fud an Chontae.



**An Mhí Athúsáide Náisiúnta**

2Tugadh isteach Mí Athúsáide Náisiúnta in 2016. tugadh cuireadh do phobal Cheatharlach seanleabhair scéalaíochta a dheonú chun baile nua a fháil dóibh. Bhí ionaid fágála i ngach leabhar lann agus foirgneamh cathartha. Fuarthas breis is 1200 leabhar agus tugadh do Sheirbhísí Réigiúnacha don Óige Cheatharlach iad chun iad a úsáid ina gcláir iarscoile ar fud an Chontae.




D'oibrigh Comhairle Chontae Cheatharlach le pobail i rith Mhí Atháide Náisiúnta chun imeachtaí Athúsáide a chur chun cinn agus chun iad a reáchtáil le grúpaí na mBailte Slachtmhara i Míseal agus i mBalana.



Lean Rannóg an Chomhshaoil ag obair leis na heagraíochta a leanas agus fuair sí tacaíocht uathu:

LAPN - Líonra Coisc na nÚdarás Áitiúil
SRWMO - Oifig Bhainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirdheiscirt
WERLA - Ceannúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola
EPA – an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**GNÍOMHAÍOCHT RIALÁLA um BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA & CÁILÍOCHT UISCE**

Ullmhaíodh na Critéir Íosta um Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) 2016 i gcomhréir le moladh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle a bhfuil foráil ann do chritéir íosta um Chigireachtaí Comhshaoil i mBallstáit. (2001/331/EC) (RMCEI) Bhain an Plean le réimse feidhmiúil Chomhairle Chontae Cheatharlach laistigh den bhliain féilire 01/01/2016 go dtí 31/12/2016

Déanann Comhairle Chontae Cheatharlach gnáthchigireachtaí sceidealaithe comhshaoil i gcomhréir le Critéir Íosta Molta um Chigireachtaí Comhshaoil. Déantar cigireachtaí neamhsceidealaithe má fhaightear gearáin. Déantar gníomhaíochtaí cigireachta a imscrúdú chun na saoráidí lena mbaineann an riosca is mó a aimsiú. Leithdháiltear acmhainní bunaithe ar na measúnuithe riosca seo.

Chomh maith le Measúnú Riosca tá tosaíochtaí náisiúnta eile a gcaitear a chur san áireamh mar a leanas:

| **Uisce** | **Dramhaíl** | **Aer** |
|---|---|---|
| WFD Clár Monairóireachta | Tabhairt Isteach Reachaíochta um Íoc de réir Meáchain | Gearáin Aeir |
| Gearáin uisce | Rialacháin um Dhramhaíl Bia Tí | Rialacháin Tuaslagóirí |
| Cigireachtaí Feirme Rialacháin um chamras, um shloda | Feithiclí a Bhfuil a Ré Caite | Rialacháin um Phéint Mhaisiúil |
| | Boinn Chaite | |
| | Dumpail Mhídhleathach | |

In 2016 tharla cigireachtaí sceidealaithe de réir na dtosaíochta seo:

| **Uisce** | **Cigireachtaí** |
|---|---|
| Ceadúnais Scaoilte go hUiscebhealaigh (Alt 4) | 12 |
| Cigireachtai faoi WFD Clár Monatóireachta Náisiúnta. &measúnaithe WFD a bhaineann leo | 336 |
| Cigireachtaí Feirme faoi Rialacháin GAP | 15 |
| Cigireachtaí/Cosaint Foinse | 16 |
| | |
| **Dramhaíl** | **Cigireachtaí** |
| Cigireachtaí Rialacháin um Dhramhaíl Bhia | 101 |
| Gnáthphratóil bhruscair/Imscrúduithe | 778 |
| Cigireachtaí ar Dhíoltóirí Bonn - 'Rialacháin um Bhoinn Chaite' | 15 |
| Cigireachtaí maidir le Saoráidí Fheithiclí RC Neamhúdaraithe | 21 |

| | |
|---|---|
| **Aer** | **Cigireachtaí** |
| Ceadúnais Truaillithe Aeir | 1 |
| Rialacháin Tuaslagóirí Láithreáin Chláraithe | 2 |

In 2016 rinneadh na gearáin a leanas a imscrúdú:

| **Catagóir** | **Líon na gCigireachtaí** |
|---|---|
| Bruscar | 1039 |
| Neamh-bhruscar | 39 |
| Uisce/Dramhuisce | 30 |
| Aer/Boladh | 23 |
| Torann | 12 |

**<u>Líon na bhFineálacha Bruscair a Eisíodh</u>**

Eisíodh 118 fíneáil bhruscair san iomlán in 2016.  eisíodh 34 thoghghairm neamhíoctha ar cuireadh 5 dóibh siúd ar ceal, tá 12 chás ar feitheamh agus d'éirigh le 17 gcás. Ní féidir teacht ar fhianaise in go leor cásanna. I gcás go dtagtar ar ábhar seoltar líon mó fíneálacha ar ais mar dosheachadta mar go bhfuil an duine imithe ón seoladh sin.

**<u>Rabhaidh Tugtha:</u>**

| **Cineál Rabhaidh** | **Líon Eisithe** |
|---|---|
| 'Litreacha Rábaidh' Dramhaíl | 2 |
| Alt 71 WMA (Carranna tréigthe) | 21 |
| Alt 12 na Rialacháin um Dramhaíl Bhia Tráchtála 2009 | 17 |
| 'Litreacha Rábaidh' Truailliú Aeir | 5 |
| 'Litreacha Rábaidh' Truailliú Talmhaíochta | 4 |
| 'Litreacha Rábaidh' Torann | 4 |

**BEARTAS DRAMHAÍOLA**

Seoladh Plean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt an 14 Bealtaine 2015 in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh i dTiobraid Árainn.

Is feidhm fheidhmiúil de réir Ailt 22(10), agus go háirithe de réir Ailt 22(10) a agus (d) an Achta Bainistíochta Dramhaíola 1996 é Plean Bainistíochta Dramhaíola a ullmhú.

Shínigh an 10 bpríomhfheidhmeannach i Réigiún an Deiscirt 10 ordú i Mí an Mheithimh 2014 chun an Plean a ullmhú.

Seoladh Céad Tuarascáil Bhliantúil Réigiún Dramhaíola an Deiscirt i mí na Samhna 2016. Tá sé luaite sa tuarascáil go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ach aithnítear sa tuarascáil go go leor le déanamh fós chun cuspóirí plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt 2015-2107 a bhaint amach, plean ata dírithe ar chosc agus ar bhainistíocht dramhaíola atá sábháilte agus inbhuanaithe.

I measc na bpríomhtháscairí feidhmíochta sa tuarascáil, a bhfuil comparáid ar chleachtais bhainistíochta dramhaíola ar fud an réigiúin ó 2012 go 2014 ann, tá an staitistic gur thit ráta diúscairte dramhaíola teaghlaigh go láithreáin líonadh talún ó 37% go 25% i rith na tréimhse sin.

I measc na dtorthaí eile tá an feabhas ar athchúrsáil agus aisghabháil ó agus 63% in 2012 go 75% in 2014.

Tá sé luaite sa tuarascáil go bhfuil méadú ó 295kg go 299kg ar mhéid bliantúil na dramhaíola teaghlaigh in aghaidh an duine i rith na tréimhse 2012 go 2014.

Ta sé nochtaithe sa tuarascáil freisin gurbh é 807kg meánmhéid na dramhaíola teaghlaigh 807kg.

I measc na bPríomhthorthaí eile bhí:

- Tá aisghabháil dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE) teaghlaigh beagnach ag dhá oiread sprioc an AE 4kg in aghaidh an áitritheora
- Tá síntiús do sheirbhís bhailiúcháin ag 67% na dteaghlach anois
- Ta araid orgánach ag 45% na dteaghlach a bhfuil seirbhís bailiúcháin acu

## SAORÁIDÍ BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

**Láithreán Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh**

Fuarthas cead pleanála faoil Alt 175 (Infreastruchtúr Straitéiseach) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 i Mí Lúnasa 2012 le haghaidh oibriúleanúnachLáithreán Líonadh Talún Bhaile an Phaoraighar feadh tréimhse 6 bliana go 2018 nó go dtí go mbeidh an tsaoráid lán cibé acu is luaithe.

Fuair Láithreán Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh Ceadúnas leasaithe ón an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i Mí Dheireadh Fómhair 2015 a mhéadaigh an iontógáil 40,000 tonnain aghaidh na bliana go 50,000 tonnain aghaidh na bliana.

Cuireadh ar fionraí le glacadh le dramhaíl ó oibreoirí tráchtála i mí Iúil, ach tá sé fós oscailte do chustaiméirí tí. Tá an Chomhairle i mbun plé leis an EPA chun an próiseas chun cealla a caidhpeáil go sealadach a aontú, agus táthar ag súil le tús a chur leis an obair in 2017, i ndiaidh an spás folamh atá fágtha a líonadh.

**An Ciste Pobail**

Lorgaíodh iarratais ar mhaoiniú tionscadail faoi chéim 3 de Chiste Pobail Láithreán Líonadh Talún Bhaile an Phaoraighó theaghlaigh lonnaithe laistigh de limistéar sannaithe Chiste Pobail Bhaile an Phaoraigh agus ó Ghrúpaí agus ó Chumainn a fhreastalaíonn ar an gceantar, tionscail a mbeidh chun leasa thimpeallacht shóisialta agus fisiciúil an phobail áitiúil.

- In 2016 faomhadh 55 san iomlán agus rinneadh iad a phróiseáil d'íocaíocht deontais:

  - 43 Iarratas Aonair
  - 12 Grúpaí Pobail

**Ionad fóntas poiblí Bhaile an Phaoraigh**

Oibrítear ionad fóntas poiblí Bhaile an Phaoraigh in éineacht leLáithreán Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh agus soláthraítear sársheirbhís don phobal.

**Líonra Banc Athchúrsála um Bhuidéil agus um Pháipéar**

In 2016 bhí 27 ionad *fág anseo* agusionad fóntas poiblíamháin sa chontae. Bailítear páipéar ag 5 láithreán (Baile Mhic Thiarnáin, Buiríos, Míseal, Baile an Phaoraigh agus an Tulach).

D'éirigh go maith leis an gconradh seirbhíse do cheantar an Oirdheiscirt le Greenstar Teo. agus Glassco Ireland Teomaidir le bailiúchán/Aisghabháil earraí in-athchúrsála agus leanfar leis.

## FUINNEAMH

**Gníomhaíochtaí 2016**

Is Scéim Dheontais Éifeachtúlachta Fuinnimh é Better Energy Communities (BEC) atá ar fáil trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Fuair an Chomhairle maoiniú tríd an scéimh do na tionscadail leanas:

i. Uasghrádaithe Fótovoltachaagus Soilsithe ag Halla an Chontae, Bóthar Átha Í, Ceatharlach

ii. Uasghrádú ar rialtáin téimh ag Halla Mhic Craith

iii. Uasghrádú Coire ag Halla an Bhaile, Ceatharlach

Dá réir sin, cuireadh isteach an chéad thionscadal um fhuinneamh in-athnuaite ag foirgnimh an Chontae in 2016. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná ráille cosanta a chur isteach timpeall an dín roimh na painéil ghréine fhótavoltacha (FV gréine) a chur isteach.



Casadh an córas FV gréine air an 25 Deireadh Fómhair 2016 agus tá cumas suiteáilte 15kW aige. Go dtí anois tá 231kWh ginte ag an gcóras. Táthar agu súil le giniúint 12,000kWh leictreachais in aghaidh na bliana.

**Cúnant na Méaraí**
Is gluaiseacht Eorpach é Cúnant na Méaraí ceaptha chun údaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh spriocanna an Aontais Eorpaigh 20-20-20 a bhaint amach agus iad a shárú:

- Laghdú 20% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi bhun leibhéil 1990
- Laghdú 20% ar phríomhúsáid fuinnimh trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- 20% de thomhaltas an Aontais Eorpaighle teacht ó acmhainní in-athnuaite

Is tiomantas deonach é tugtha faoi ag Méara Contae nó Bardas. Is é príomhchuspóir Chúnant na Méaraí **cáilíochta beatha shaoránaigh an limistéir áitiúil a fheabhsú, Contae Cheatharlach sa chás seo,** trí Phobal Áitiúil a thógáil ina gcomhoibríonn an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí phobail chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí $CO_2$agus chun straitéisí éifeachtúlachta fuinnimh agus in-athnuaite a chur i bhfeidhm. Baineann na buntáistí a leanas leis seo:

- Tomhaltas fuinnimh agus billí fuinnimh a laghdú.
- Deiseanna maoinithe níos fearr(an tAontas Eorpach agus Cúnamh Deontais).
- Timpeallacht sheasta a chruthú do ghnó agus chun poist nua a chruthú.
- Cabhróidh sé leis an streachailt Dhomhanda i gcoinne athrú aeráide a bhfuil daoine ina gcúis leis.
- Tiomantas do chosaint chomhshaoil a léiriú.
- Slándáil Fuinnimh a fheabhsú.

I mí Lúnasa 2015 ghlac Comhairle Chontae Cheatharlach le rún a lena dtugadh údarás don Cathaoirleach Foirm Chloíte an Chúnaint a shíniú.

Bunaíodh Coiste Stiúrtha do Phlean Ghnímh um Fhuinneamh Inbhuanaithe (SEAP) in 2016, bhí an chéad chruinniú ag an ngrúpa i mí Feabhra 2016 lean an grúpa le buaileadh le chéile i rith na bliana. Táthar ag súil le go gcuirfar an plean chun críche sa chéad leath de 2017.

**Léarscáil Fuinnimh**

Shínigh Comhairle Chontae Cheatharlach Clár Comhpháirtíochta SEAI in 2013. Ó shin i leith tá raon beart éifeachtúlachta fuinnimh curtha i bhfeidhm. Is clár bunaithe ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) é Léarscáil Fuinnimh. á clár struchtúrach 5 cholún aige. Tá a chéimeanna féin ag gach colún ar gá iad a chríochnú roimh dul ar aghaidh.

Is iad 5 cholún na Léarscáile Fuinnimh:

- Tiomnaigh
- Aithnigh
- Pleanáil
- Gníomhaigh
- Athbhreithnigh

Tá ceanglas dlíthiúil ar Chomhairle Chontae Cheatharlachlaghdú 33% fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 bunaithe ar a leibhéal tomhaltais in 2009.Seo cuspóir chlár Léarscáil Fuinnimh an SEAI.

Tá sé luaite ar scórchárta reatha SEAI go bhfuil feabhsú 16.8% ar a bunbhlian 2009 léirithe ag Comhairle Chontae Cheatharlach.

Léirítear san íomhá thíos dul chun cinn Chomhairle Chontae Cheatharlach’s i dtreo na spriocanna éigeantacha agus a céim i gcomparáid le hÚdaráis Áitiúla eile den mhéid chéanna ar fud na tíre.



## SEIRBHÍSÍ UISCE

Leanann Comhairle Chontae Cheatharlach le huisce agus le seirbhísí dramhuisce a sholáthar ar son Uisce Éireann faoi chomhaontú seirbhíse. Leagtar amach sa chomhaontú seo, ar aontaíodh é an 1 Eanáir 2014, mionsonraí na socrúchán oibre le haghaidh soláthar leanúnach uisce atá ar ardcháilíocht agus le haghaidh seirbhísí dramhuisce a fhreastalóidh ar riachtanais ar gcustaiméirí i gCeatharlach i gcomhlíonadh na gceanglas reachtúil agus rialála ar bhealach éifeachtúil.

In 2016, d'aontaigh Comhairle Chontae Cheatharlach an Plean Seirbhíse Bliantúil mar chuid den chomhaontú seirbhíse le hUisce Éireann. Leagtar amach cuspóirí chomhaontaithe, spriocanna Feidhmíochta agus Buiséid do Phárolla, Earraí agus Seirbhísí agus Bainistíocht Lárnach sa chomhaontú. Leagadh amach cuspóirí sainiúla agus caighdeán feidhmíochta sa Phlean Seirbhíse a chuireann san áireamh an tOllmheasúnú Feidhmíochta molta ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, Ceanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus cuspóirí phlean gnó Uisce Éireann. Leagadh amach Spriocanna Feidhmíochta i mbreis is 50 réimse sainiúil sa Phlean Seirbhíse mar léiriú ar na caighdeáin atá de dhíth ar sholáthar na seirbhísí i gcomhthéacs an mhaoinithe ar fáil, seirbhíse do chustaiméirí agus na gceanglas rialála.

In 2016, d'oibrigh 52 ball foirne Chomhairle Chontae Cheatharlach san iomlán i gcomhpháirt le hUisce Éireann chun an Plean Seirbhíse a chur i bhfeidhm agus buiséad beagnach €7.0m i gceist maidir le gnáthoibriochtaí laethúla i dtáirgeacht uisce óil, i gcóiriú dramhuisce agus i gcothabháil an líonra.

Ta foráil sa Chomhaontú Seirbhíse do Phlean Claochlaithe a bhfuil sé de chuspóir aige an tionscail a chlaochlú agus cúnamh a thabhairt seirbhís den scoth a sholáthar laistigh de theorannacha maoinithe, rialála agus ioncaim.

In 2016, aistríodh próiseas billeála na gcustaiméirí tráchtála go hUisce Éireann mar chuid den phlean claochlaithe seo: I measc na dtionscnamh eile sa phlean claochlaithe tá: Nósanna Oibríochta a Chaighdeánú, Cláir Chothabhála Phleanáilte, Soláthar Caipitil, Naisc nua a Chaighdeánú, Lámhleabhar Custaiméara, Rialú Foinse agus Ceadúnú Dramhuisce, Straitéis Saotharlainne Náisiúnta, Teiliméadracht Náisiúnta agus Scada agus Creat Oibriúcháin Thionscal an Uisce, (WIOF).

Is í feidhm ráite an Chláir WIOF múnla soláthair seirbhísí uisce ata níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla d'Éirinn agus a fhreastalaíonn ar riachtanais sochaí agus gheilleagair nua-aimseartha, ach a leanann mar áisinteacht poiblí in úinéireacht an Stáit a phleanáil agus í a chur i bhfeidhm.

Fai láthair tá líon ionadaíoch bhaill foirne an Údaráis Áitiúil agus bhaill foirne Uisce Éireann ag obair le chéile ar scóipeáil conas is fearr seirbhísí uisce a sholáthar agus conas feidhmeanna agus foirne a éagrú chun go n-oibreoidh siad le chéile as seo amach.

D'oibrigh Comhairle Chontae Cheatharlach i gcomhpháirt le hUisce Eireann chun Oibríochtaí Caipitil Uisce Éireann a chaint amach. I measc na dtionscadal ar cuireadh i gcrích in 2016 bhí:

- Coimisiniú chóras cóireála dramhuisce Bhaile Haicéad
- Coimisiniú chóras cóireála dramhuisce Ráth an Bhile
- Córas cóireála dramhuisce na Tulaí a Uasghrádú
- Córas cóireála dramhuisce Mhuine Bheag a Uasghrádú
- Sean-phríomhlíonra uisce iarainn theilgthe a athrú i mBuiríos

Imscrúdú Suímh do Scéim Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Chontae Cheatharlach a chur i gcrích.

Go leor Uasghráduithe Mionoibreacha lena n-áiríodh Ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta, Barrfheabhsú Próisis agus éifeachtúileacht Fheabhsaithe ag Ionaid Choireála ar fud an chontae go luach breis is €600,000.

Comhoibrigh Comhairle Chontae Cheatharlach le hUisce Éireann chun dul i gcion ar infheistíocht straitéiseach sa Chontae.

Tá an Chéim Dheartha do Mhór-uasghrád Caipitil ar Ionad Cóireala Dramhuisce na Tulaí agus a Líonra tosaithe agus tabharfar faoi fheabhsúcháin don Phríomhlíonra Uisce agus din líonra dramhuisce ag an am céanna.

Ceapfar saincomhairleoirí go luath chun tús a chur le céim dheartha na mór-uasgráduithe d'Ionaid Chóireála Dramhuisce Bhaile Mhoirtéil agus Mhuine Bheag araon sa Chontae.

## CLÁR UISCE TUAITHE

Tá 4 No Ghrúpascéim Uisce i limistéar feidhmiúilChomhairle Chontae Cheatharlach Is iad:

- Grúpascéim Uisce Bhaile na mBreathnach
- Grúpascéim Uisce An Ghleanna Naomh Moling
- Grúpascéim Uisce Bhaile Eilín
- Grúpascéim Uisce Bhaile an Locháin

Déanann Comhairle Chontae Cheatharlach monatóireacht ar na Grúpascéimeanna Uisce maidir le cáilíocht a uisce déanann sí íocaíochtaí na bhfordheontas do na Grúpascéimeanna Uisce a riaradh.

Chomh maith leis sin déanann Comhairle Chontae Cheatharlach leithdháileadh deontas caipitil a mhaoirsiú agus iad a bhainistiú ar bhonn bliantúil. Rinne na Deontais Caipitil a leana a leithdháileadh ar na Grúpascéimeanna Uiscei rith 2016.

| **Ainm na Grúpascéime uisce** | **Deontas (85% an Chostais)** | **Feidhm** |
|---|---|---|
| **Grúpascéim Uisce Baile na mBreathnach** | **€34,628.38** | **Upgrade to Networks & Water Conservation** |
| Grúpascéim Uisce An Ghleanna Naomh Moling | **€18,978.30** | **Water Conservation & Management** |
| **Ainm na Grúpascéime Séarachais** | **Deontas (75% an Chostais)** | **Feidhm** |
| **Ní bhfuarthas maoiniú** | **€00.00** | |

Chomh maith leis sin déanann Comhairle Chontae Cheatharlach Monatóireacht, Sampláil agus Maoirseacht ar 34 Soláthar beag príobháideach timpeall an Chontae ar Scoileanna agus Tithe Leaba is Bricfeasta a bhfuil tobair phríobháideacha an chuid is mó dóibh. Déanann an FSS monatóireacht agus sampláil ar 67 soláthar beag príobháideach eile ar son Chomhairle Chontae Cheatharlach.

## OIBREACHA FÓIRITHINT TUILTE

Le roinnt blianta anuas thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Scéim Measúnuithe Riosca i gCás Tuilte Dobarcheantar (CFRAMS) i gcomhairle leis na hÚdaráis Áitiúla. Rinne samhaltú tuile mionsonraithe ar fud Chontae Cheatharlach agus díríodh go háirithe ar limistéir inar tharla uile abhann. Tá na léarscáileanna foilsithe ar láithrán gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí agus reáchláladh ceardlanna ar fud Chontae Cheatharlach agus cuireadh tugtha don phobal aighneachtaí a dhéanamh. Beidh an Scéim Measúnuithe Riosca i gCás Tuilte Dobarcheantar ina treoir d'infheistíocht i Scéimeanna Cosanta Tuile amach anseo agus cabhróidh sí le cinntí forbartha amach anseo.

Tá an chéim dheireanach comhairliúcháin críochnaithe ar Léarscáileanna na ScéimeMeasúnuithe Riosca i gCás Tuilte Dobarcheantar (CFRAMS). Tá leasuithe agus athruithe déanta ar na léarscáileanna tuile i ndiaidh aiseolas a fháil ón bpróiseas comhairliúcháin.

Tá na léarscáileanna leasaithe le feiceáil ar láithreán gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí: www.southeastcframstudy.ie.

Reáchtáladh Laethanta Comhairliúcháin Poiblí i mBaile Cheatharlach agus i Leithghlinn An Droichid i Mí Feabhra 2016 agus sa Tulach i mí an Mhárta 2016.

Bhí Tigh na hInse mar chuid de Lá Comhairliúcháin Poiblí na Gráige mí an Mhárta 2016. Is í aidhm na laethanta seo roghanna meastóireachta a chur i láthair don dá shuíomh a maolóidh rioscaí tuile a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ag leanúint ar obair leanúnach an OPW ar thionscadal CFRAM, tá Dréachtphleananna Bainistíochta Riosca um Thuile foilsithe do gach Dobarcheantar.

Is iad pleananna na Bearú agus na Sláine na Pleananna Tuile a bhaineann le Ceatharlach.

Tá na Pleananna á bhfoilsiú chun an próiseas comhairliúcháin poiblí ar Chlár Measúnuithe Riosca i gCás Tuilte Dobarcheantar (CFRAMS) a chur i gcrích.

Comhlíonfaidh na Pleananna Bainistíochta Ciosca Tuile oibleagáidí na hÉireann faoi Threor an AE maidir le Tuilte 2007 EU (2007/60/EU).

Leagar amach sna dréachtphleananna na céimeanna a bhfuil sé i gceist ag an OPW iad a mholadh do limistéar gach phlean agus do gach Limistéir ia bhfuil Measúnú sa Bhreis molta dóibh laistigh den dobarcheantar sin.

Bhí na Pleananna ar fáil len iad a scrúdú ag Oifigí an Údaráis Áitiúil i gCeatharlach, sa Mhuine Bheag agus sa Tulach go dtí Aoine an 28 Meán Fómhair 2016 agus glacfar le haighneachtaí suas go hAoine an 28 Deireadh Fómhair 2016.

Reáchtáil an OPW Lá Comhairliúcháin Poiblí i bhFoirgnimh an ChontaeCéadaoin an 28 Meán Fómhair agus bhaill theicniúla foirne ann ón OPW chun comhairle a thabhairt do bhaill an phobail maidir le ceisteanna a bhaineann leis na pleananna tuile.

Rinne Comhairle Chontae Cheatharlach iarratas ar mhaoiniú leis an OPW thionscadail na mionoibreacha le haghaidh na suíomhanna a leanas:

- Cnoc an Fhuaráin
- Droichead Gotham
- Cé Thigh na hInse
- Teach an Loic, Tigh na hInse

Tá maoiniú faighte anois agus tá tionscadail go léir ag céim an tsoláthair anois.

Déanfar limistéir a bhfuil sé aitheanta gur tharla tuile nó a bhfuil baol tuile ann a mheas le haghaidh céimeanna maolaithe tuile agus déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí limistéir i mbaol a mheas i gcomhpháirt le Comhairle Chontae Cheatharlach.

Cuireadh na scéimeanna a leanas i bhfeidhm i rith 2016:

| Uimh. | Ainm | Costas | Feidhm |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| **a.** | **Cé Thigh na hInse** | **€47,700** | **Tuillte a chosc do réadmhaoin ar Ché Thigh na hInse** |
| **b.** | **Cnoc an Fhuaráin** | **€16,400** | **Tuillte a chosc do réadmhaoin ag Cnoc an Fhuaráin** |
| **c.** | **Teach an Loic, Tigh na hInse** | **€19,200** | **Tuillte a chosc do réadmhaoin ag Teach an Loic, Tigh na hInse** |
| **d.** | **Droichead Gotham** | **€6,700** | **Tuillte a chosc do réadmhaoin ag Droichead Gotham Bridge ar Abhainn na Lír** |
| **Staid Reatha: Oibreacha idir láimhe** | | | |

## Deontais do Thobair Aonair

Déanann Comhairle Chontae Cheatharlach Deontais Tobar a phróiseáil d'iarratasóirí incháilithe. Is é €2,031.58 uasmhéid an deontais in aghaidh an iarratais nó 75% na gcostas.

| **Gníomhaíocht<br>Eanáir - Nollaig 2016** | **Meíd** |
|---|---|
| Líon na nIarratas a Fuarthas | 73 |
| Líon Iomlán na nDeontas Íoctha | 55 |
| Méid Iomlán Íoctha | €95,576.36 |

## COISTE um BHEARTAS STRAITÉISEACH (SPC)

Phlé an Coiste um Bheartas Straitéiseach Iompair, Comhshaoil agus Infreastruchtúir na ceisteanna a leanas ag cruinnithe a reáchtáladh  i rith 2016 i leith seirbhísí comhshaoil agus uisce:

- Soilsiú Poiblí - Conradh Soilsithe Poiblí Réigiún an Oirdheiscirt a athnuachan
- Fodhlíthe Luasteorann
- Athbhreithniú ar Fhodhlíthe Páirceála Bhaile Cheatharlach
- Cúnant na Méaraí/SEAP – Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe
- Líonadh Talún Bhaile an Phaoraigh
- Tabhairt isteach socruithe nua muirir um dramhaíl tí - Íoc de réir Meáchain
- Tionscadail Chomhshaoil– Seachtain na gCrann, Glantachán an Earraigh, Sraith an Bhruscair
- Beartas ar Bhóithre Áitiúla Aicme 3
- Straitéis um Shábháilteacht ar na Bóithre
- Forbairtí tithíochta príobháideacha a ghlacadh ar láimh
- Beartas ar dhéileáil le salú madraí

- Beartas um Phóstaeir Togháin a chrochadh
- Oifig Uisce agus Pobail an Údarás Áitiúil
- Clár Uisce Tuaithe Il-Bhliantúil 2016 - 2018
- Dréachtphleananna Bainistíochta Riosca Tuile
- Líonra Rannpháirtíocht Phobail Cheatharlach (PPN)
- Oifig Bhainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirdheiscirt
- Soláthair Bheaga Phríobháideacha

## BÓITHRE & IOMPAR

Is cuid lárnach do rachmas geilleagrach tíre líonra bóithre agus iarnróid a bheith aici. Tá sé rithábhachtach rochtain mhaith a bheith ann ar Bhaile Átha Cliath, ar na Calafoirt, agus ar Bhailte Móra an réigiúin. Chun críocha áitiúla geilleagracha, sóisialta agus fóillíochta tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil an bun sócmhainní bóithre áitiúil agus réigiúnach cothabháilte de réir na gcaighdeán is airde laistigh den mhaoiniú atá ar fáil.

### DUL CHUN CINN LE TIONSCADAIL CHAIPITIL

**Bruachbhóthar Faoisimh Cheatharlach**

Is cuid de chóras Bhruachbhóthar Faoisimh do Cheatharlach é Bóthar Faoisimh Theas Cheatharlach a chuirfidh le gluaiseacht tráchta timpeall imeall an bhaile agus lena soláthrófar ardán do fhorbairt ar imeall an bhaile as seo amach.
In 2016 tógadh timpeallán Bhaile na Carraige ar ceann aistir an bhóthair seo é. Tugadh faoi dhearadh mionsonraithe freisin ar an gcuid den Bhóthar Faoisimh Theas a bheidh nascfaidh an N80 ó Thimpeallán Bhaile na Carraige atá réamhluaite go dtí an timpeallán ag Eire Og.

### FORBAIRTÍ BEARTAIS

**Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre *2017 - 2020***

Thug Comhairle Chontae Cheatharlach faoi straitéis um shábháilteacht bóithre lelinn 2016 chun an tréimhse ó 2017 go 2020 a chlúdach

D'fhorbair Comhairle Chontae Cheatharlach an straitéis i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara go léir, is iad sin RSA, TII, An Garda Síochána, FSS, agus Baill Tofa na Comhairle.
Dearadh an straitéis le gné curtha i bhfeidhm a chaithfidh gach ceann de na gníomhaireachtaí rannpháirteacha an ghné sin a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go mbuailfidh an coiste le chéile ar bhonn bliantúil chun dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na straitéise a iniúchadh.

Níor taifeadadh aon timpiste mharfach i gCeatharlach i rith 2016.

### COTHABHÁL BÓITHRE

Is é beartas na Comhairle na bóithre atá an faoi láthair a chothabháil, a fhorbairt agus iad a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir acmhainní airgeadais.
Tá líonra bóithre 1,212km ag limistéar riaracháin Cheatharlach déanta de:

| | |
|---|---|
| Mótarbhealach | 24 km |
| Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta | 54 km |
| Bóithre Réigiúnacha | 186 km |
| Bóithre Áitiúla | 948 km |

Tugann Údarás Náisiúnta na mBóithre maoiniú do bhóithre náisiúnta, agus fuarthas leithdháileadh €422,618 in 2016 agus as sin bhí €379,889 at fáil chun droichid agus carrbhealaigh phríomhbhóithre agus bhóithre tánaisteach náisiúnta an Chontae a chothabháil. Leithdháileadh an t-iarmhéid € 42,729 chun costais mhaoirseachta Fhoireann Theicniúil na Comhairle a íoc chomh maith leis na costais a bhaineann le soilsiú poiblí ar líonra náisiúnta na mbóithre.

**Tionscadail um Athchóiriú a Fheabhsú agus chun Athchóiriú a Chothabháil**.
Díríonn an clár seo ar dhromchlú agus ar fheabhsú cosáin ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla an chontae a bhfuil géarghá ann dóibh. Lig an maoiniú a fuarthas in 2013 don Chomhairle 64 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúlaa bheith athdhromchlaithe agus forleagtha.

**Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal**
Tá Comhairle Chontae Cheatharlach tiomanta do shábháilteacht ar bóithre Cheatharlach a fheabhsú. i. Maidir leis seo fáiltíonn Comhairle Chontae Cheatharlach roimh an deis a thagann leis an scéim sábháilte ar chostas íseal, é maoinithe ag an NRA ar bhóithre náisiúnta agus maoinithe ag an Roinn Iompair ar bhóithre neamh-náisiúnta chun mionoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ag gabhail agus feabhsúcháin a dhéanamh ar chomharthaí i limistéir ina bhfuil stair timpistí bunaithe.

In 2016 rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar na suíomhanna a leanas tríd an mheicníocht mhaoinithe seo:

L 2021/l 6042 Crosaire Ráth Faod,
L 1024 Ráth Eo go x an Chaisleáin Mhóir,
L 3044/L 3048 Cnoc na Tiobraide
Ba é €75,000 leithdháileadh Iomlán an Mhaoinithe.

**Scéimeanna Feabhsúcháin Pobail**
Dearadh an scéim seo chun meicníocht a sholáthair dromchlú a dhéanamh ar bhóithre áitiúla Aicme 3. Thug an Roinn Iompair € 49,156, agus fuarthas maoiniú breise ar luach € 46,558 ó thairbithe na scéime a bhfuil cónaí orthu ar na bóithre aicme 3 sin. Lig an maoiniú don Chomhairle tabhairt faoi oibreacha ar 9 scéim.

**<u>OIBREACHA GÉARAIMASEARTHA</u>**
Bhí geimhreadh 2015/2016 ar ceann de na geimhridh ba mheasa dar dtaifeadadh riamh agus bhí impleachta móra do líonra na bóithre. bhí tuilte ar na bóithre agus bhí maoschlár ard le sonrú in go leor áiteanna trí bhriseadh dhromchla an bhóthair.

Rinneadh iarratais ar mhaoiniú leis an Roinn Chomhshaoil agus leis an Roinn Iompair araon agus fuarthas leithdháileadh €1,190,000 san iomlán. Lig sé seo don Chomhairle go leor feabhsúcháin a dhéanamh ar chainéil draenála agus ar na bóithre siúd a raibh dochair mhór déanta orthu ag an ngéaraimsir.

**<u>SPC UM IOMPAR BÓITHRE</u>**
Rinne SPC um Iompar Bóithre beartas a mheas maidir le Cothabháil Bóthair, go háirithe cothabháil na mbóithre áitiúla Aicme 3, Chomh maith leis sin d'fhorbair an coise beartas i leithsoilsiú poiblí a

ghlacadh ar láimh, anuas ar sin pléadh straitéis um shábháilteacht bóithre chomh maith le féidearthacht seirbhíse bus do Bhaile Cheatharlach.

**TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA**

Is córas casta é córas na dtáscairí feidhmíochta lena ndéantar staid bóthair a mheas trí rátáil staid dromchla cosáin (PSCI) do gach aicme bóthair agus lena ndéantar na bóithre a rangú ina ngrúpaí difriúla ag brath ar an idirghabháil cothabhála atá de dhíth orthu.

tá sé éirithe sa tsraith táblaí go bhfuil bóithre Cheatharlach níos fearr ná na meán náisiúnta trasna gach ceann de na haicmí bóthair.

# SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA AGUS TIONSCADAIL SPEISIALTA

# TITHÍOCHT

Is é beartas Rannóg Tithíochta Chomhairle Chontae Cheatharlach

- É a chur ar chumas gach teaghlaigh cónaí inacmhainne compordach, atá ar cháilíocht mhaith, atá oiriúnach dá riachtanais, atá suite i dtimpeallacht mhaith a bheith aige agus a oiread agus is féidir i gcónaí dá rogha féin.
- Úinéireacht tí a chur chun cinn chomh maith le hearnáil cíosa rachmasach níos éagsúlaí agus dea-bhainisithe, idir phoiblí agus phríobháideach.
- Caighdeán maireachtála agus tógála gach réadmhaoin a choinneáil ard.
- Beith rannpháirteach lenar dtionóntaí agus lenár bpáirtithe sóisialta chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar a riachtanais reatha agus a riachtanais as seo amach.

Is féidir gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Cheatharlach's mar Údarás Tithíochta a achoimriú de réir na gceannteideal a a leanas:

- Soláthar, Bainistíocht agus Cothabháil Tithíochta Sóisialta ar Cíos.
- Athbhreithniú agus Uasdátú ar an Éileamh ar Thithíocht Shóisialta.
- Deontais Féinchúnaimh a sholáthar a ligeann do thionóntaí feabhsúcháin a dhéanamh ar a dtithe.
- Úinéireacht tí a chur chun cinn trí na roghanna soláthair tithíochta a spreagadh (liúntas morgáiste, iasachtaí tí srl.).
- Cóiríocht daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a fheabhsú, trí chúnamh deontais faoi Dheontais Oiriúnithe Tithíochta, do Dhaoine faoi Mhíchumas, Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta agusDeontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.
- Soláthar agus bainistíocht Cóiríochta do ghrúpaí soghonta.
- Éascaíocht le heagraíochtaí tithíochta deonacha agus neamhbhrabúsacha faofa maidir le soláthar tithíochta agus saoráidí comhchoiteanna.
- Oibriúchán na scéime Cóiríochta ar Cíos/Scéimeanna Léis agus an Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta um sholáthar tithíochta sóisialta.
- Oibriúchán na Scéime Morgáiste chuig Cíos.

**Coistre Beartais Straitéiséisigh um Thithíocht agus um Bheartas Sóisialta**

Lean an Coiste Beartas Straitéisigh um Thithíocht, Fhóillíocht, Fhóntais agus Phobal lena gcruinnithe i rith 2016, agus phlé sé na riachtanais straitéiseacha maidir le soláthar tithíochta agus le forbairt shóisialta faoi chathaoirleacht an Chomhairleora John Pender. Tugadh eolas do Bhaill ar a leanas agus rinne siad iad a mheas:-

- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta 2020
- Tionscadail Chaipitil 2015-2017
- Easpa Dídine
- Scéim Cheannaigh Incriminteach do Thionóntaí 2016
- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta
- Scéim Dheisiúcháin chuig Léas

**Ghníomhaíocht Tithíochta i rith 2016**

Freastalaíonn an Chomhairle ar riachtanais tithíochta an Chontae trí sholáthar díreach cóiríochta nó trí chúnamh a thabhairt do dhaoine aonair a gcóiríocht féin a sholáthar. Chabhraigh Oibreacha Feabhsúcháin in ionad Athchóiríochta, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, ¸agus Deontais d'Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas leis an gComhairle freastal ar riachtanais tithíochta trí chónaithe reatha a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais reatha na n-áititheoirí. Is iad a leana mionsonraí sholáthar díreach na tithíochta sóisialta:

- An Clár Caipitil Tithíochta – Cuireadh tús le tógáil agus á sí á cur i bhfeidhm ar na scéimeanna a leanas:
    - 10 dTeach ag Ráth an Bhile
    - 24 Theach ag Muine Bheag
    - 5 Theach ag Sráid Maryborough, Ceatharlach
    - 1 Theaghais Thuaithe
- Cuireadh na ceannaigh ar 13 aonad i gcrích agus dul chun cinn ar 16 sa bhreis ag deireadh na bliana ag suíomhanna éagsúla ar fud Cheatharlach.
- Fuarthas 6 aonad de réir riachtanais Chuid V i mBaile Cheatharlach.
- Faoi láthair tá 36 réadmhaoin ag suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae iad léasaithe ag an gComhairle faoin Scéim Léis Fadtéarmachagus iad leithdháilte ar iarratasóirí tithíochta sóisialta.
- 492 Réadmhaoin ar cíos ar fud an Chontae chun cóiríocht a sholáthar faoin Scéim Chóiríochta ar Cíos..

- Faoi láthair tá 4 réadmhaoin an Údaráis Áitiúil agus 5 réadmhaoin AHB sa Scéim Morgáiste chuig Cíos (9  gcinn san Iomlán).

- Fuarthas 37 n-iarratas ar thithe a cheannach mar gheall ar ghníomhaíocht iasachta i rith 2016. Faomhadh 20 ar deireadh agus tá roinnt iarratas á bpróiseáil faoi láthair. Tá mionsonraí na gníomhaíochta iasachta i rith 2016 leagtha amach sa tábla a leanas:

| **Cineál Iasachta** | **Iarr. a Fuarthas** | **Faomhaidh Dheireanacha** | **Luach €** |
|---|---|---|---|
| SDA | 37 | 20 | 2,168,000 |
| Úin. Roinnte | 0 | 0 | Nil |
| Atógáil | 0 | 0 | Nil |
| SDA Inacmhainne | 0 | 0 | Nil |
| **Iomlán** | **37** | **20** | **2,168,000** |

- Thug Comhairle Chontae Cheatharlach maoiniú €1,738,000 san iomlán maidir le Deontais um Thithíocht a chur in Oiriúint, Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta agusDeontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta i rith 2016, ar íocadh le breis is 300 iarrthóir agus a chabhraigh le daoine lena riachtanais tithíochta laistigh dá n-áit chónaithe féin.



**Clár Caipitil Tithíochta 2016**

Sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Straitéis náisiúnta Tithíochta 2020 in 2014. D'fhoilsigh an RCPRA spriocanna náisiúnta um sholáthar díreach agus um léasú aonad sóisialta. Eisíodh ceadú sealadhach don Chomhairle i mí Bealtaine 2015 chun 62 aonada sholáthar ag suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae don tréimhse 2015 – 2017. Tá an maoiniú caipitil a fuair an Chomhairle i rith 2016 leagtha amach sa tábla thíos.

| Comhairle Chontae Cheatharlach | |
|---|---|
| **Fo-cheannteideal** | **Maoiniú a Fuarthas 2016 €** |
| Títhíocht ÚA | 4,527,232 |
| CAS/ Deonach | 1,506,500 |
| Réadmhaoin Fholamh | 69,450 |
| CALF (Deonach) | 84,600 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh | 48,750 |
| **Iomlán** | 6,236,532 |

**Tithíocht Údaráis Áitiúil**

| **Tionscadal** | **Líon na dTeagaisí** | **Staid ag 31 Nollaig, 2016** |
|---|---|---|
| Bóthar na Dara Ríoga, Mhuine Bheag | 24 | Obair idir lámha |
| Ráth an Bhile | 10 | Obair idir lámha |
| 5 Arásán ar Shráid Sleaty ,An Ghráig | 5 | Obair idir lámha |
| Pairc Shliabh Laighean | 4 | Ag céim an fhormheasa |
| Lána an Phóna, Buiríos | 4 | Ag céim an fhormheasa |
| Teachín Tuaithe @ Tulach | 1 | Obair idir lámha |
| Ceannaigh | 16 | Idir lámha |
| Páirc Naomh Pádraig, An Tulach | 14 | Ag céim an fhormheasa |

| | | |
|---|---|---|
| Míseal | 4 | Ag céim an fhormheasa |
| Bailr Haicéad | 4 | Próiseas Cuid 8 ar siúl |

**Clár Éifeachtúlacha Fuinnimh**

Lean an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil le feabhsúcháin ar stoc tithíochta sóisialta a mhaoiniú i rith 2016 trí chúnamh deontais €426,430 i gcomhair oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar stoc tithíochta.






**Cóiríocht don Lucht Siúil**

Rinneadh Athbhreithniú Lár-Théarma ar an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil (2014 – 2018) i rith 2016 agus tá riachtanas cóiríochta measta atá romhainn leagtha amach sa tábla thíos.

| **Catagóirí na Cóiríochta atá ag teastáil** | **Líon na dTeaghlach** |
|---|---|
| Tuaithe Ásc Aonair | 18 |
| Cóirocht Chaighdeánach Údarás Áitiúil | 52 |
| Eile/Príobháideach ar Cíos | 40 |
| **Iomlán** | **109** |

I rith 2016 bhí aon teaghlach déag i gcóiríocht faoin i réadmhaoin faoin Scéim Chóiríochta ar Cíos, i dTithíocht Chaighdeánach an Údaráis Áitiúil, ag Léasú go Fadtéarmach, agus i dTithíocht na gCumann Deonach.

**Scéim Chóiríochta ar Cíos (RAS)**

Glacadh le 18 aonad nua san iomlán ar an Scéim Chóiríochta ar Cíos(RAS) ag Comhairle Chontae Cheatharlach i rith 2015 agus 29 tionónta nua ceaptha go réadmaoin. Le tabhairt isteach na hÍocaíochta Chúnaimh Tithíochta i mí an Mheithimh 2015, cuirfear deireadh le tionóntaí nua RAS de réir a chéile. Ní tharlóidh ach i gcásanna áirithe, i.e. in áit réadmhaoin RAS ata ag fágáil na scéime, go nglacfar é réadmhaoin nua. Ba é 492 iomlán na réadmhaoine RAS ag an 31 Nollaig 2016.

**Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta**

Tháinig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta i bhfeidhm i gCeatharlach an 29m Meitheamh 2015.Is foirm nua tacaíochta um thithíocht shóisialta an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta seo agus íoctar í in ionad forlíonta cíosa le teaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu.Déantar gach iarratas ar HAP go háitiúil leis an gComhairle. Faigheann an t-iarratasóir HAP a chóiríocht féin agus íoctar ranníocaíocht leis an gComhairle bunaithe ar ioncam an iarratasóra.Íoctar an cíos , ag brath ar chomhdheanamh an teaghlaigh go díreach don tiarna talún suas go teorannacha atá leagtha amach.Tá 472 tionóntachtaí HAP san iomlán ann faoi láthair ar cuireadh 365 i gcrích i rith 2016.

**Riachtanais Tithíochta a Mheas**

Tá mionsonraí líon na n-iarratasóirí ar liosta tithíochta Chomhairle Chontae Cheatharlach Tithíochta sa tábla thíos:

| **Údarás** | **Líonincháilithe ar an liosta 31/12/2016** |
|---|---|
| Comhairle Chontae Cheatharlach | 1,228 |
| Neasuimhirar Fhrlíonadh Cíosa/HAP | 942 |
| **Riachtanas Glan** | **286** |

**Soláthar don Lucht Easpa Dídine**

Leanann Brú na Mainistreach Naomh Uinseann De Pól lena ról tábhachtach ag freastal ar riachtanais na ndaoine siúd a bhfuil cóiríocht éigeandála á lorg acu. Lean Comhairle Chontae Cheatharlach lena tacaíocht airgeadais don bhrú i rith 2015. Leanadh leis an tseirbhís chothabhála/tacaíochta do thionóntaí atá á soláthar ag Cumann Naomh Uinseann de Pól agus baintear an leas aisti. Díríonn beartas náisiúnta anois ar chur chuige réigiúnach maidir le soláthar seirbhísí don lucht easpa dídine. Is í Comhairle Chathrach Phort Láirge an Ceannudarás a Oirdheiscirt agus tá sí tacaithe ag Fóram Réigiúnach agus ag Grúpa Bainistíochta déanta d'údaráis áitiúla an réigiúin, d'Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte agus de ghníomhaireachtaí eile.

Tá Beartas Náisiúnta dírithe ar deireadh a chur le cóiríocht i mbrúnna agus ar aistriú go cóiríochtféinfhreastal a bhfuil tacaíochtaí ann ó na gníomhaireachtaí ábhartha. Is é tasc na bhFoirne Gnímh um Easpa Dídine i ngach contae cinntiú go bhfaigheann gach duine gan dídean, nó gach duine atá i mbaol bheith gan dídean gach tacaíocht atá ar fáil chun cabhrú leo tionóntachtaí a chothabháil. Buaileann an Fhoireann Ghnímh um Easpa Dídinele chéile gach coicís i gCeatharlach. Chomh maith leis sin reáchtáiltear clinic buail isteach in Oifigí a Chontae gach Céadaoin. D'éirigh go maith le Ceatharlach beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcabhraítear le daoine aonair aistriú go cóiríocht phríobháideach ar cíos tacaithe ag an Oifigeach Cothabhála um

Thionóntaí laistigh den achar ama 6 mhí in ainneoin na ndeacrachtaí sa mhargadh cíosa príobháideach.

## Seirbhísí Éigeandála

**RÉAMHRÁ**

Leagtar amach sa tuarascáil seo achoimre ar ghníomhaíochtaí agus feidhmíocht Údarás Dóiteáin Chomhairle Contae Cheatharlach i rith 2016.

Tá achoimre ar fáil anseo thíos ar na príomhlimistéir ghníomhaíochta faoinar thug an fhoireann laistigh den údarás dóiteáin i rith na tréimhse 12 mhí agus soláthraítear staitisticí nuair a theastaíonn. Seo a leanas na limistéir ar a dtugtar achoimre:

- Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta
- Infheistíochtaí Caipitil
- Gníomhaíocht agus Oiliúint Oibríochtúil
- Gníomhaíocht agus Forbairt Ionad Oiliúna
- Buiséid
- Gníomhaíocht na Foirne Tarrthála
- Bainistíocht Mór-Éigeandála
- Cosc Dóiteáin
- Rialú Tógála

**Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta**

I Nollaig 2016, thug Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach faoi Athmheasúnú agus athchreidiúnú iomlán ár gCórais Bhainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde (OHSAS 1800:1) ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Ba phróiseas an-dúshlánach é seo in 2016 mar gheall ar ghanntanais foirne. I ndiaidh 2 lá d'iniúchóireacht dhian, moladh sinn a athchreidiúnú go ceann 3 bliana.

Baineadh an córas amach trí 19 gcáipéis bheartais agus nós imeachta a chur i bhfeidhm, ar ghabh líon mór cáipéisí tacaíochta le gach ceann díobh. Cuireann an córas ar chumas na seirbhíse Dóiteáin chun smacht agus bainistíocht níos mó a bheith aici ar limistéir ríthábhachtacha, ar nós Conraitheoirí Seachtracha, Oiliúna, Cothabháil an Fhlít agus Trealaimh, Ceanglais Reachtúla agus Garchabhrach.

## Infheistíochtaí Caipitil.

**Stáisiúin**




Tá athchóiriú agus forbairt Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag ar cheann de na Tionscadail Chaipitil is mó a dtugann an tseirbhís tús áite dó. I mBealtaine 2016, bhain an Roinn Tithíochta faomhadh caipitil thart ar €450,000, i bprionsabal, amach chun an stáisiún a uasghrádú. Ceist atá i gceist leis an méid nó an scóip, go fóill, idir Comhairle Contae Cheatharlach agus an NDFEM, ach tá súil leis go dtabharfar an faomhadh chun leanúint ar aghaidh go dtí céim na tairisceana go luath in 2017.

Mar chuid de Iniúchadh Bainistíochta Sábháilteachta OSHAS 18001, sainaithníodh nár bhain an sreangú leictreach i Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag na caighdeáin chuí amach, agus níorbh fhéidir leis deimhniú tástála a bhaint amach. Beartaítear chun an stáisiún dóiteáin a athshreangú go hiomlán, agus chun córas Soilsithe Éigeandála, agus Córas Aláram Braite Dóiteáin a shuiteáil ann. Déanfar an obair bhuntábhachtach seo a chomhtháthú anois isteach sa chlár caipitil ag brath ar mhéid an chistithe atá ar fáil.

**Feithiclí**

Tugadh faomhadh Roinne i lár 2015 chun fearas dóiteáin amháin aicme B a cheannach. Bhí seo mar chuid de chomhphróiseas soláthair ina raibh baint ag Tiobraid Árann, Loch Garman, Luimneach agus Ceatharlach, agus ba é Tiobraid Árann an príomhúdarás. Bhuaigh Sidean Teo, ón Spidéal, Contae na Gaillimhe an conradh, agus faoi dheireadh 2016, bhí dul chun cinn maith déanta ag tógáil fhearas dóiteáin Cheatharlach agus gealltar go soláthrófaí an fheithicil seo faoi dheireadh Mhárta 2017. Is é costas iomlán na hinfheistíochta seo €290,000

In Aibreán 2016, deonaíodh faomhadh caipitiúil le haghaidh fonnadh nua tancaer uisce chun teacht in ionad tancaer uisce a bhí suite ag Ceatharlach a milleadh mar thoradh ar theagmhas um thrácht ar bhóithre in 2014. Bronnadh an tairiscint chun an fheithicil seo a thógáil ar HPMP sa Tulach agus táthar ag súil leis go seachadfar é in Aibreán 2017. Deonaíodh faomhadh caipitil €84,000 don fheithicil seo.

Bronnadh faomhadh caipitil €36,000 ar fheithicil nua freagartha do na hoifigigh shinsearacha i gCeatharlach agus seachadadh Ford Kuga faoi thiomáint ceithre roth i Meitheamh 2016.

**Ionad Oiliúna**

Deonaíodh faomhadh caipitil €440,000 chun foirgneamh nua 2 stór a thógáil chun saoráidí athraithe, cithfholctha, leithris, triomaithe agus cóir leighis a éascú ar urlár na talún agus 2 sheomra oiliúna a thógáil ar an gcéad urlár. Bronnadh an conradh seo ar John Grey Construction i Meán Fómhair agus tá súil leis go dtabharfar an tógáil chun críche in Iúil 2017.

**Na Deontais Chaipitil Iomlána a Faomhadh in 2016**

| Saghas an Fhaofa | An tSuim a Faomhadh € |
|---|---|
| Fearas Dóiteáin Aicme B | €290,000 |
| Fonnadh Tancaer Uisce | €84,000 |
| Feithicil d'Oifigeach Sinsearach | €36,000 |
| Forbairt an Ionaid Oiliúna | €440,000 |
| Muine Bheag (Ar feitheamh) | €450,000 |
| **Iomlán** | **€1,300,000** |

## Gníomhaíochtaí Oibríochtúla

**Fios a Cuireadh ar an mBriogáid Dóiteáin**

Leagtar amach thíos an leibhéal de ghníomhaíocht oibríochtúil ar fud an Chontae don bhliain 2016 i gcomparáid le gníomhaíocht oibríochtúil don bhliain 2015.

| | Number of Incidents | |
|---|---|---|
| Station | 2015 | 2016 |
| Carlow Fire Brigade | 209 | 210 |
| Bagenalstown Fire Brigade | 120 | 90 |
| Tullow Fire Brigade | 90 | 88 |
| Hacketstown Fire Brigade | 17 | 26 |
| Total | 436 | 414 |


| | |
|---|---|
| English | Irish |
| Station | Stáisiún |
| Carlow Fire Brigade | Briogáid Dóiteáin Cheatharlach |
| Bagenalstown Fire Brigade | Briogáid Dóiteáin Mhuine Bheag |
| Tullow Fire Brigade | Briogáid Dóiteáin na Tulaí |
| Hacketstown Fire Brigade | Briogáid Dóiteáin Bhaile Haicéid |
| Total | Iomlán |
| Number of Incidents | Líon na dTeagmhas |

Glaonna dóiteáin a bhí i gceist le 53% den fhios a cuireadh ar an tSeirbhís Dóiteáin i gContae Cheatharlach, agus cuireadh 8% de na glaonna dóiteáin ó Chontaetha eile

B'ionann Imbhuailtí um Thrácht ar Bhóithre agus 21% den fhios a cuireadh ar an tSeirbhís Dóiteáin

Bréagrabhadh – b'ionann glaonna a cuireadh le hIntinn Mhaith (teip ar threalamh, agus glaonna dóiteáin a rinneadh le hintinn mhaith araon) agus 12% den fhios a cuireadh ar an tSeirbhís Dóiteáin

B'ionann glaonna dóiteáin eile a cuireadh, glaonna ilghnéitheaha, glaonna mailíseacha, agus tarrtháil neamhdhóiteáin, agus 6% de na Glaonna Dóiteáin a cuireadh i rith 2016.





| English | Irish |
|---|---|
| False Alarm Malicious | Bréagrabhadh Mailíseach |
| Miscellaneous | Ilghnéitheach |
| Hazardous Substainces in transit not involving fire (e.g. spillages) | Substaintí Contúirteacha faoi bhealach nár bhain le dóiteán (e.g. doirteadh) |
| Other Non-Fire Rescue | Tarrtháil Eile Neamhdhóiteáin |
| Rescue/Removal of Persons from Water | Daoine a Tharrtháil/a Bhaint ó Uisce |
| Water Pumping/Flooding | Caidéalú Uisce/Tuile |
| False Alarm Good Intent | Bréagrabhadh le hIntinn Mhaith |
| Road Traffic Accidents | Timpistí um Thrácht ar Bhóithre |
| Fire in own area | Dóiteán sa Cheantar Féin |
| Fire in other fire authority | Dóiteán in Údarás Dóiteáin Eile |

Léirítear sa chairt thíos gach Glao Dóiteáin de réir saghais le haghaidh theacht i láthair Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach.

Is ionann dóiteáin Foraoise/Phortaigh/Féir agus 21% den fhios a cuireadh orthu
Is ionann Dóiteáin Simléir agus 17% den fhios a cuireadh orthu
Is ionann dóiteáin áit chónaithe teaghlaigh agus 16% den fhios a cuireadh orthu
B'ionann dóiteáin feithicle agus 12% den fhios a cuireadh orthu

I dteannta a chéile, is ionann na 5 shaghas de ghlao dóiteáin agus 79% de gach Fios a Cuireadh ar Ghlao Dóiteáin ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach




| English | Irish |
|---|---|
| Fire Types 2015 | Saghsanna na nDóiteán in 2015 |
| Fire – Miscellaneous | Dóiteán – Ilghnéitheach |
| Fire – Outdoor Rubbish | Dóiteán – Bruscar Taobh Amuigh |
| Fire – Outdoor Storage | Dóiteán – Stóráil Taobh Amuigh |
| Chimney Fires in Houses | Dóiteáin Simléir i dTithe |
| Other House Fires (Domestic) | Dóiteáin Tí Eile (Teaghlaigh) |
| Fire – Factories | Dóiteán – Monarchana |
| Fire – Motor Vehicles | Dóiteán – Mótarfheithiclí |
| Fire – Agricultural Buildings | Dóiteán – Foirgnimh Thalmhaíochta |
| Fire – Forest/Bog/Grass etc. | Dóiteán – Foraois/Portach/Féar etc. |
| Fire – Apartments, flats and bedsitter | Dóiteán – Árasáin agus Mionárasáin |
| Fire – Shops/Supermarkets | Dóiteán – Siopaí/Ollmhargaí |
| Fire – Offices | Dóiteán – Oifigí |
| Fire – Unoccupied Buildings | Dóiteán – Foirgnimh Neamháitithe |

**Nascacht na Meán Sóisialta agus an Phobail**

I Meitheamh 2016, sheol Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach leathanach nua Facebook, tá coinne leis go soláthróidh an t-ardán seo an tSeirbhís Dóiteáin na meáin agus na huirlisí a theastaíonn chun faisnéis a sholáthar don phobal, maidir le teagmhais, Mór-Éigeandálaí, Sábháilteacht Dóiteáin, Rialú Tógála, Sábháilteacht ar Bhóithre, agus faisnéis chriticiúil eile. Bainfear úsáid as an ardán seo, ina theannta sin, i gcomhthráth le tionscnaimh Náisiúnta atá á gcruthú nó á bhforbairt chun barr feabhais a chur ar shábháilteacht agus feasacht phoiblí ar an mbaol a bhaineann le dóiteán sa teach agus sa phobal agus iad a chur chun cinn.

## Oiliúint agus Forbairt

Tugadh faoi oiliúint agus forbairt an phearsanra i measc réimse fairsing disciplíní i rith na bliana i gcomhréir le clár oiliúna na briogáide don bhliain 2016. Forbraítear an clár bliantúil oiliúna gach bliain i ndiaidh comhairliúchán a dhéanamh ar gach leibhéal ar fud na seirbhíse. Cinntíonn an comhairliúchán seo go bhfuil an oiliúint a sholáthraítear, a chosnaíonn go leor ar an Údarás Dóiteáin, ábhartha, agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais chomhraiceoirí dóiteáin, oifigeach, agus an phearsanra riaracháin agus an phearsanra eile theicniúil agus tacaíochta.

In 2016, cuireadh oiliúint ar chomhraiceoirí dóiteáin sna limistéir seo a leanas:

- Gaireas Análaithe
- Iompar Dóiteáin in Urrann
- CAFS
- Oibríochtaí Caidéalaithe
- Forbairt Comhraiceoir Dóiteáin
- Oiliúint an Chéad Fhreagróra
- Ardán Hiodrálach
- Oiliúint Tiománaithe







**<u>Oiliúint sa Stáisiún.</u>**

Tugtar faoi Oiliúint sa Stáisiún gach seachtain i gcomhréir leis na Cláir Bhliantúla Oiliúna sa Stáisiún a eisítear do gach Oifigeach Stáisiúin agus faoi mhaoirseacht Oifigigh Shinsearaigh. Is ard go fóill don líon daoine a fhreastalaíonn ar oiliúint sa stáisiún i ngach ceann de na ceithre bhriogáid, agus is ábhar spreagtha é seo agus dearbhaíonn sé go bhfuil na comhraiceoirí dóiteáin tiomanta do chinntiú go ndéantar a n-eolas agus a scileanna a athnuachan ar bhonn leanúnach.



## Caiteachas 2016

Leagtar amach sa tábla thíos caiteachas iomlán an Údaráis Dóiteáin don bhliain 2016

| | Meastachán | Iarmhéid |
|---|---|---|
| COSTAIS CHIGIREACHTA RIALAITHE TÓGÁLA | 63000 | -520.36 |
| RIALÚ TÓGÁLA A FHORFHEIDHMIÚ - COSTAIS FOIRNE | 43800 | 9289.61 |
| PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA | 45300 | 25861.11 |
| IMEACHTAÍ RÉIGIÚNACHA ACFO | 83300 | 32733.52 |
| SEIRBHÍS DÓITEÁIN SOLÁTHARTHA AG ÚDARÁS ÁITIÚIL EILE | 30000 | -12321.7 |
| SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN | 23300 | 5088.81 |
| IONAD RIALAITHE RÉIGIÚN AN OIRTHIR | 61000 | 0 |
| STÁISIÚIN DÓITEÁIN CHEATHARLACH | 675000 | -75321.29 |
| STÁISIÚIN DÓITEÁIN NA TULAÍ | 311800 | -36014.29 |
| STÁISIÚIN DÓITEÁIN MHUINE BHEAG | 419800 | 20733.35 |
| STÁISIÚIN DÓITEÁIN BHAILE HAICÉID | 234800 | -31816.21 |
| PÁ BREOITEACHTA - FANTA SA TSEIRBHÍS DÓITEÁIN | 0 | -41966.11 |
| OILIÚINT SEIRBHÍSE DÓITEÁIN CHEATHARLACH | 51000 | 14150.44 |
| OILIÚINT SEIRBHÍSE DÓITEÁIN NA TULAÍ | 35000 | 14345.98 |
| OILIÚINT SEIRBHÍSE DÓITEÁIN MHUINE BHEAG | 35000 | 14483.2 |
| OILIÚINT SEIRBHÍSE DÓITEÁIN BHAILE HAICÉID | 25000 | -2738.38 |
| COSTAIS OIBRIÚCHÁIN SHAORÁID OILIÚNA BHAILE HAICÉID | 58800 | -66690.43 |
| COSTAIS DEIMHNITHE RIALAITHE UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN | 74300 | 4777.53 |
| COSC AGUS OIDEACHAS DÓITEÁIN | 20500 | 7049.97 |
| CIGIREACHT AGUS MONATÓIREACHT AR SHAORÁIDÍ TRÁCHTÁLA | 39300 | 23.62 |
| | 2,330,000 | -118,851 |

## Foireann Cheatharlach um Dhaoine a Bhaint ó Fheithiclí

Bhí Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Cheatharlach i dtús cadhnaíochta i dtaobh feithiclí a bhaint ón láthair agus i dtaobh cúram a sholáthar d'othair le roinnt blianta anuas, ón mbaint a bhí aici sa chéad Dúshlán Náisiúnta Bainte siar i 1992 a fhad le bunú Eagraíocht Tarrthála Éireann in 2008.

I rith an ama seo, d'éirigh le Ceatharlach rath domhanda a bhaint amach ag na himeachtaí seo a leanas a d'eagraigh Eagraíocht Tarrthála an Domhain.

Capetown, an Afraic Theas 2006
Barcelona, an Spáinn 2007
Cardiff, an Bhreatain Bheag 2008
Frankfurt, an Ghearmáin 2009
Corcaigh, Éire 2010
Londain, Sasana 2012
Clearwater, Florida 2013
Morton on Marsh, Sasana 2014
Lisbon, an Phortaingéil 2015

In 2016, bhain Ceatharlach an dara háit, ar an iomlán, i ndúshlán Náisiúnta Eagraíocht Tarrthála Éireann (Poblacht na hÉireann) i gCill Dhéagláin, Contae na Mí, mí na Bealtaine seo caite. Cháilíomar chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag imeacht ETD sa Bhrasaíl mí Dheireadh Fómhair seo caite ach rinneamar an cinneadh gan taisteal mar gheall ar ardchostais agus ar lóistíocht an taistil. Tabharfaidh an fhoireann faoi thraenáil agus dul san iomaíocht arís eile in 2017 nuair a thabharfar an deis dóibh taisteal go dtí imeacht an ETD sa Rómáin i Meán Fómhair.



**Ionad Oiliúna Bhaile Haicéid**

Leanann an t-ionad oiliúna atá lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhaile Haicéid le hoiliúint bhuntábhachtach um Ghaireas Análaithe agus Iompar Dóiteáin in Urrann a chur ar an bpearsanra seirbhíse dóiteáin i gContae Cheatharlach agus ar an bpearsanra ar fud na Tíre, chomh maith. Mhéadaigh an t-ionad a leibhéal gníomhaíochta in 2016, nuair a chuirtear é i gcomparáid le húsáid agus le hoibriú an ionaid in 2015.

D'óstáil an tIonad Oiliúna cúrsaí oiliúna a chuir na Seirbhísí Dóiteáin i gContae Loch Garman, Laoise, na Mí, Uíbh Fhailí, Dhún na nGall, Phort Láirge, agus na Fórsaí Cosanta ar bun.

Cuireadh tús le forbairt chaipitiúil an Ionaid Oiliúna in 2016. Cuireadh iarratas pleanála Chuid VIII ar thailte a fhorbairt in aice an Stáisiúin Dóiteáin faoi bhráid shuí na Comhairle Contae i Márta.

Caitheann an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála leis seo mar dheis ollmhór chun ár gceangail leis an tionscal áitiúil agus leis an bpobal a bharrfheabhsú agus a threisiú. Tá sé beartaithe chun tabhairt faoi staidéar indéantachta chun an fhéidearthacht a fhiosrú chun forbairt bhreise a dhéanamh ar sholáthar oiliúna do na hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus chun ioncam don tseirbhís a ghiniúint, trí amhlaidh a dhéanamh. Bhain an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála saineolas agus taithí shuntasach amach trí Theagascóirí intí a fhorbairt chun oiliúint ardchaighdeáin ag an ionad a oibriú agus a sholáthar.



**Bainistíocht Mór-Éigeandála**
In 2016, lean Údarás Áitiúil Réigiún an Oirdheiscirt le cathaoirleacht a dhéanamh ar an nGrúpa Oibre Réigiúnach agus ar an nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach araon. Is é an tUasal Dan McInerney, Príomhfheidhmeannach Gníomhach, Comhairle Contae Cheatharlach, Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh agus tá an tUasal Niall Curtin, Príomhoifigeach Dóiteáin, Seirbhís Dóiteáin Chontae agus Cathair Phort Láirge Cathaoirleach an Ghrúpa Oibre Réigiúnaigh faoi láthair.

Tugadh faoi Chleachtadh Mór-Éigeandála a bhain le Fíor-Dhrochaimsir i Réigiún an Oirdheiscirt i rith Eanáir 2016 i gContae Phort Láirge.

Soláthraíodh an Clár Oiliúna Réigiúnach BMÉ trí obair an Fhoghrúpa Oiliúna agus Cleachtaidh BMÉ.

Tugadh feistiú an Chochaill Trealamh Mór-Éigeandála, agus an Bhuninnill a bhaineann leis, atá lonnaithe ag Stáisiún Dóiteáin Mhuine Bheag, chun críche sa dara ráithe in 2016. Tá sé ar fáil anois lena imlonnú ar fud Réigiún an Oirdheiscirt agus níos faide i gcéin chun tacú le feidhmeanna Ionad Comhordaithe ar an Láthair.

**Cosc Dóiteáin, Sábháilteacht ó Dhóiteán an Phobail agus Rialú Tógála**


**An Clár um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Scoileanna**
Rinne comhraiceoirí dóiteáin an clár Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán a sholáthar do leanaí rang a trí i mbunscoileanna ar fud an Chontae arís eile faoin gclár um shábháilteacht ó dhóiteán do scoileanna, agus bhí an rath geal air. Fuarthas go leor aiseolas dearfach ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí.

**An Clár Náisiúnta Aláraim Dheataigh**
Sholáthair agus shuiteáil comhraiceoirí áitiúla dóiteáin aláraim dheataigh, arís eile, in go leor tithe daoine leochaileacha dár bpobal ar fud an chontae faoin gClár Náisiúnta Aláraim Dheataigh. Tugadh aláraim dheataigh do go leor daoine le roinnt blianta anuas agus cuirfear an clár seo i bhfeidhm arís in 2017.

**Cigireachtaí um Shábháilteacht ó Dhóiteán**

Thug an tÚdarás Dóiteáin faoi 105 cigireacht faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, i rith Cigireachtaí ar Fheidhmíocht ar ionaid i rith teagmhais, réimse grúpaí cuspóra tógála, ar nós Árasáin Chónaithe, siopaí, oifigí, agus foirgnimh Tionóil agus Áineasa ina measc in 2016. Is ionann seo agus méadú 23 cigireacht i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.

Anuas air sin, sheirbheáil an tÚdarás Dóiteáin 2 Fhógra um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 2 Fhógra Dúnta in 2016.




| English | Irish |
|---|---|
| Number Served | An Líon a Seirbheáladh |
| Fire Safety Notices | Fógraí um Shábháilteacht ó Dhóiteán |
| Closure Notices | Fógraí Dúnta |
| Year | Bliain |
| Fire Safety/Closure Notices | Fógraí um Shábháilteacht ó Dhóiteán/Dúnta |

**Ceadúnais le haghaidh Deochanna Meisciúla**

Fuair agus phróiseáil an tÚdarás Dóiteáin 87 Iarratas ar Cheadúnas le haghaidh áitribh éagsúla ar fud an chontae faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 in 2015.

**Iarratais ar Cheadúnas le haghaidh Substaintí Contúirteacha**


Fuair agus phróiseáil an tÚdarás Dóiteáin 4 Iarratas ar Cheadúnas le haghaidh áitribh éagsúla ar fud an chontae faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979 go dtí seo in 2016.

**Iarratais ar Phléascáin a Chlárú**


Fuair agus phróiseáil an tÚdarás Dóiteáin 0 Fógra ar Phléascáin a Chlárú le haghaidh áitribh éagsúla ar fud an chontae faoin Acht Pléascán, 1875 i rith 2016.

**Pleanáil**

Chuir an tÚdarás Pleanála 286 comhad Iarratas Pleanála, ar an iomlán, faoi bhráid an Údaráis Dóiteáin in 2016, a rinneadh a próiseáil, ar gineadh tuairiscí dóibh, agus ar seoladh ar ais iad.




| English | Irish |
|---|---|
| Number | Líon |
| Year | Bliain |
| Planning Applications | Iarratais Pleanála |





| English | Irish |
|---|---|
| 20 January | 20 Eanáir |
| 25 February | 25 Feabhra |
| 28 March | 28 Márta |
| 23 April | 23 Aibreán |
| 26 May | 26 Bealtaine |
| 27 June | 27 Meitheamh |
| 25 July | 25 Iúil |
| 36 August | 36 Lúnasa |
| 22 September | 22 Meán Fómhair |
| 18 October | 18 Deireadh Fómhair |
| 15 November | 15 Samhain |
| 21 December | 21 Nollaig |
| Applications Received Between…. | Iarratais a Fuarthas idir an 1 Ean 2016 agus an 31 Nol 2016 |

**Rialú Tógála**

**Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán**


Fuair an tÚdarás um Rialú Tógála 42 Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, ar an iomlán, in 2016, arb ionann sin agus méadú ar an líon Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán a fuarthas, nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an líon a fuarthas 2015. Ba é an t-ardleibhéal cigireachtaí agus forfheidhmithe faoina raibh Cigirí um Rialú Tógála ag tabhairt ba mhó ba chúis leis an leibhéal gníomhaíochta a tugadh faoi deara in 2013 agus 2014. Tugadh líon iarratais chasta ar dheimhniú a thabhairt chun rialtachta a seoladh ar aghaidh i mblianta roimhe seo chun críche in 2016.




| English | Irish |
|---|---|
| Fire Safety Certificate Types | Saghsanna na nDeimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán |
| 7 Day Notices | Fógraí 7 Lá |
| Regularisation | Tabhairt chun Rialtachta |
| Revised | Leasaithe |
| Standard | Caighdeánach |
| Number | Líon |
| Year | Bliain |

**Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas**


Fuair agus phróiseáil an tÚdarás um Rialú Tógála 42 iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, ar a iomlán, in 2016, arb ionann sin agus méadú 23 ar na 19 iarratas a fuarthas in 2015. Ba é seo an líon ba mhó Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuair an tÚdarás Dóiteáin in aon bhliain ar leith. Bhí 2016 ar an gcéad bhliain, chomh maith, ina bhfuarthas an líon céanna Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán.




| English | Irish |
|---|---|
| Total FSC’s & DAC’s | DSDanna agus TRDFanna Iomlána |
| Total | Iomlán |
| Number | Líon |
| Year | Bliain |

## Fógraí um Thosach Feidhme

Fuair an tÚdarás um Rialú Tógála 113 Fógra um Thosach Feidhme in 2016. Is ionann seo agus 5 cinn ní ba mhó ná mar a fuarthas in 2015.





| English | Irish |
|---|---|
| Total Commencement Notices | Fógraí um Thosach Feidhme Iomlána |
| Total CN’s | FTFanna Iomlána |

## Cigireachtaí ar Rialú Tógála

Tugadh faoi 143 Cigireacht ar Rialú Tógála, ar an iomlán, ar fud an Chontae in 2016. Leagadh an bhéim ar thábhacht chomhlíonadh na Rialachán Foirgníochta agus bhí agus leanann an tÚdarás um Rialú Tógála le gnólachtaí príobháideacha agus baill den phobal a spreagadh agus a chur ar an eolas faoin gcéanna.

Anuas ar na Cigireachtaí um Rialú Tógála, tugadh faoi 105 Cigireachtaí um Shábháilteacht ó Dhóiteán, chomh maith, i rith 2016.




| | |
|---|---|
| Total BC Inspections | Cigireachtaí Iomlána RT |
| Fire Safety Inspections | Cigireachtaí ar Shábháilteacht ó Dhóiteán |

## TIONSCADAIL SPEISIALTA

**Caisleán agus Gairdín Múrtha Gharrán Duckett**

Cuireadh roinnt imeachtaí ar bun san áis seo, Margaí na Nollag agus na Cásca ina measc a fhad le 2016. Ar an drochuair, níor cheadaigh Comhairle Contae Cheatharlach clár iomlán imeachtaí in 2016.

Ábhar méadaitheach spéise iad na príomhfhoirgnimh do na grúpaí eolaíochta Paranormálta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Chuir South East Radio agus Beat FM roinnt craolachán ar bun a bhain le toisí osnádúrtha an Chaisleáin. Ina theannta sin, bhí imeacht bliantúil "Relay for Life" de chuid Fhoras Ailse na hÉireann ar bun sna tailte, a bhí ar siúl i Meitheamh. Tá athnuachan na ngairdíní - na codanna luibheacha agus bláthacha, beagnach tugtha chun críche. Is é an bainisteoir tionscadail don obair seo an tUasal Pat Ryan le Emerald Forestry Co. Ltd. Léiríonn aithint na tábhachta a bhaineann le Garrán Duckett ina bhfuil a ghnéithe uathúla ailtireachta agus gairneoireachta ar leibhéal Idirnáisiúnta misneach chomhaltaí Chomhairle Contae Cheatharlach, a gníomhairí agus a fostaithe, i ngeall ar an taisce Náisiúnta seo a thug siad slán. Déantar comhghairdeas, chomh maith, le Eileen O'Rourke, i ngeall ar an obair dhian a rinne sí chun an tsaoráid seo a chur chun cinn. Déantar comhghairdeas le Madeleine Forrest maidir leis an tseirbhís ardchaighdeán agus fháilteach a chuirtear ar fáil ag na Seomraí Tae.



**Caisleán Gharrán Duckett**

**Páirc Foraoise Pháirc na Darach**

Áit ar a bhfuil an-tóir chun dul ar shiúlóidí ciúine i suíomh álainn is ea Páirc Foraoise Pháirc na Darach, ar imill Bhaile Cheatharlach. I rith 2016, tugadh faoi oibreacha ar dhromchla na gcosán. Bhuaigh Páirc Foraoise Pháirc na Darach dámhachtain Choillearnach Náisiúnta Phobail i ndiaidh comórtas 32 contae, a ndearna Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) agus an tSeirbhís Foraoiseachta moltóireacht air. Leanann Emerald Forestry Co. Ltd. ag tabhairt faoi na hoibreacha riachtanacha um athnuachan foraoise i gcomhar le Coillte agus an tSeirbhís Foraoiseachta. Baineann Ionad Deilte Cheatharlach agus scoileanna áitiúla tairbhe ó na saoráidí uilíocha.



**Páirc Foraoise Pháirc na Darach**

**Siúl**

Rinne Údaráis Áitiúla Cheatharlach, i gcomhar le Turasóireacht Cheatharlach, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teoranta agus Fochoiste Siúlóidí Cheatharlach measúnú ar na siúláin tosaíochta sa Chontae. Déanann na siúláin bhunaithe fánaíocht sléibhe agus talamh pháirce uirbeach a cheangal. Tá Ceatharlach ceangailte le Bealach Chill Mhantáin agus le Raon Shliabh Mairge i gCill Chainnigh/Laois agus le Bealach Laighean Theas, i.e. a cheanglaíonn Deisceart Thiobraid Árann/Phort Láirge/Bhaile Átha Cliath. Tá i nGleannta na Bearú agus na Sláine roinnt de na siúláin abhann is mealltaí agus is dea-chothabháilte in Éirinn. Déantar forbairt leanúnach ar na siúláin fánaíochta níos faide i gcomhar le Cumann Sléibhteoireachta na Tulaí agus leis na Blackstairs Ramblers. A bhuíochas le Cumann Bailte Slachtmhara na Buiríse agus le Clare O'Shea le Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach, tá stráice tábhachtach breise curtha againn leis na saoráidí siúil ag Clais Ghainimh.

**Páirc Bhaile na Tulaí**

Éiríonn le Páirc Bhaile na Tulaí chun áis a sholáthar do mhuintir na Tulaí. I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar bun ann, bhí úsáid an chlóis súgartha, an limistéir aclaíochta agus traenála agus an pháirc a úsáid díreach chun an scíth a ligean. Ag an Tulach, tá an-tóir anois ar an bPáirc Chlárscátála. Tá moladh ard tuillte ó na Comhaltaí ó thoghcheantar na Tulaí dá dtionscnamh sa togra seo - agus ón gComhlachas Develope Tullow i ngeall ar an obair dhian a rinne siad chun Páirc Bhaile na Tulaí a chothabháil. Cuirfidh tograí breise feabhas ar éagsúlacht éiceolaíochta na Páirce.

**Páirc Mhic Chraith, Muine Bheag**

Tá moladh le tabhairt d'Iontaobhaithe Pháirc Mhic Chraith i ngeall ar a saoráid iontach a úsáideann cumainn iománaíochta, pheile, sacair, ghailf dhá mhaide, lúthchleasaíochta agus chruicéid. Tá comhghairdeas le déanamh le Grúpa Feabhais Mhuine Bheag, faoi cheannaireacht Paddy Gardiner, mar gheall ar an tsárobair a rinne siad ar fud Mhuine Bheag, Páirc an Bhaile ina measc.

**An Bhearú**

Leanfaidh Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Turasóireacht Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach ar aghaidh le cistiú a aimsiú ar mhaithe le tosaíochtaí an Staidéir ar Chonair na Bearú. Leagadh béim ar na tairbhí a baineadh ó na háiseanna agus na saoráidí a thóg Uiscebhealaí Éireann ag Clais Ghainimh le déanaí. Tosaíochtaí práinneacha ar cheart breithniú a dhéanamh orthu anois iad feabhas a chur ar an rochtain agus ar shaoráidí páirceála ag Clais Ghainimh. Déantar comhghairdeas le Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach agus le Bailte Slachtmhara na Buiríse i ngeall ar an dul chun cinn a rinne siad ar shiúlán nua, atá in aice limistéar an Loic. Thug Comhairle Contae Cheatharlach faoi uasghrádú a dhéanamh ar an tsaoráid bhádóireachta taoide ag Tobar Moling i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann. Ábhar mór buartha do bhádóirí agus do dhaoine ar spéis leo an iascaireacht agus iad siúd atá buartha faoi thuile amach anseo é cainéal loingseoireachta na Bearú, mar gheall ar shioltadh agus imfhás. Is dodhéanta aon tionscnamh a chur chun cinn ag an mBearú mura dtugtar faoi roinnt gníomhartha réitigh ina leith seo. D'fhéadfadh go gcuirfeadh carnadh leanúnach spruadar ar leaba na habhann srian ar bhearta um chosaint in aghaidh tuile agus d'fhéadfadh go mbainfeadh sé díobh siúd atá i bhfeidhm cheana féin. Cuirfear tús le MARATÓN 'STONE MAD' GHLEANN NA BEARÚ ag Halla Baile Cheatharlach Dé Sathairn, an 17 Meitheamh 2017. Meallfaidh an t-imeacht seo spéis Náisiúnta agus daoine chun taitneamh a bhaint as sár-áis na Bearú.

**Pobail Fuinnimh Níos Fearr an SEAI 2016**

Thug Comhairle Contae Cheatharlach faoi uasghráduithe fuinnimh ar bhreis agus 200 teach in 2016. Áiríodh leis seo uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras téimh, aerú, fuinneoga agus doirse, soilsiú agus soirn ardéifeachtúlachta. Go dtí seo, rinneadh uasghráduithe fuinnimh ar bhreis agus 1,700 teach i gContae Cheatharlach. D'fháiltigh na sealbhóirí tí go croíúil roimh na hoibreacha seo - a bhfuil laghdú de bhreis ar leath tagtha ar a mbillí fuinnimh agus a bhfuil méadú mór tagtha ar a gcáilíocht beatha.

Ábhar díomá é nár ghlac roinnt pobal sa Chontae páirt in ainneoin go raibh fáil ar chistiú suntasach agus ar ardleibhéal tacaíochta á tabhairt ag Comhairle Contae Cheatharlach. D'ullmhaigh Comhairle Contae Cheatharlach i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh sceideal tionscadal a bhféadfaí cúnamh deontais a bhronnadh orthu in 2017.

Tugadh tionscadail chun críche ag Eastát New Oak, Leabharlann Cheatharlach, Oifigí Cathartha, Stáisiún Dóiteáin Cheatharlach, Ionad Pobail New Oak, Ionad Amhairc le haghaidh na nEalaíon Comhaimseartha, Soilsiú Poiblí ag Láithreacha Éagsúla, Linn Snámha na Carraige Duibhe agus C.Y.M.A.

# COMHPHÁIRTÍOCHT POBAIL AGUS SPÓIRT

**TIONSCNAIMH POBAIL**

Lean Comhairle Chontae Cheatharlach leis an idir chaidreamh láidir oibre atá aici le pobail uilig Cheatharlach a neartú rith 2016. Leanann siad le cur lena limistéir agus len iad a fhorbairt go sóisialta, go cultúrtha, go timpeallach agus ar bonn inbhuanaithe in éineacht le cúnamh na Comhairle. I measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh i rith 2016 bhí: Deontais Phobail, Chomhshaoil/Fhóntais, Clár Áitiúil 21, Mórtas Áite Cheatharlach agus Mórtas Áite IPB Comhoibriú Éireann.

In 2016 choinnigh Ceatharlach a cháil mar chontae atá bródúil as a Sráidbhailte galánta agus as a bhailte a dhéanann iarracht bheith saor ó bhruscar agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Dheimhníodh é seo trí thorthaí Chomórtas na mBailte Slachtmhara agus trí ghradam Mhórtas Áite Cheatharlach.

Gnóthaigh Cluain na nGall na marcanna ab airde i gContae Cheatharlach uair amháin arís i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2016 díreach nios lú ná an ollbhuaiteoir na Scéirigh. Choinnigh Cluain na nGall agus Leithghlinn an Droichid a stádas órga agus choinnigh Ceatharlach a stádas airgid. Bhuaigh Fionnmhagh an Gradam Díchill don dara bliain as a chéile le méadú 12 phointe ar thorthaí anuraidh (an % méadú ab airde ar mharcanna anuraidh). Bhuaigh An Chluain Mhór a catagóir agus fuair gradam molta Contae den chéad uair.




D'éirigh le formhór na 19 n-iomathóir ó Chontae Cheatharlach a bpóintí a mhéadú rud ar léiriú é seo ar thiomantas agus ar obair chrua Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara agus a ndeonaithe. Baintear an t-ardchaighdeán amach agus déantar é a chothabháil tríd an gcomhoibriú dearfach atá ann idir na grúpaí pobail, Comhairle Chontae Ceatharlach agus gníomhaireachtaí eile. Tugann foireann Rannóg an Phobail tacaíocht do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud an Chontae. I mblian d'eagraig an Rannóg roinnt ceardlann do ghrúpaí, ina measc: Gnáthóga Fiadhúlra agus Fóntais Nádúrtha a Chosaint le IPCC, agus Foirm Iarratais na mBailte Slachtmhara - Leideanna Praiticiúla le Billy Flynn, ar moltóir na mBailte Slachtmhara é. Reácháladh Clinicí do dheisiúin tacaíochta duine ar dhuine do ghrúpaí a dteastaíonn uathu leas a bhaint as tacaíocht bhreise lena n-iarratas.

Tá ag éirí thar cionn fós le Mórtas Áite Cheatharlach. Chuir breis is 100 grúpa ó fud fad Cheatharlach isteach in 2016, agus breis is 187 iontráil sna catagóirí difriúla ó Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara, Cumainn na gCónaitheoirí, agus Gníomhaireachtaí Pobail agus Deonacha. Spreagtar gach duine agus gach pobal sa chontae tríd an tionscnamh seo chun cur le cur i láthair a mbailte, a sráidbhailte nó a n-eastáit; a limistéar a choinneáil saor ó bhruscar, a n-oidhreacht áitiúil a chaomhnú; a spiorad pobail a neartú agus chun an mórtas a n-eascraíonn as an timpeallacht ina bhfuil cónaí orthu a fheabhsú a léiriú, rud a tharraingíonn tairbhe sóisialta agus geilleagrach araon.

Ní bheadh aon rath ar an tionscnamh seo gan tiomantas agus diogras na bpobal ar dud Chontae Cheatharlach agus gan tacaíocht na mBall Tofa. TNhronn Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach An Comh. John Murphy, Méara Cheantar Bardasach Cheatharlach An Comh. Fintan Phelan agus Cathaoirleach Cheantar Bardasach Mhuinebheag An Comh. Thomas Kinsella na Gradaim.



Ag Searmanas na nGradam ae reáchtáladh é an 13 Deireadh Fomhair 2016 ag Óstán Seven Oaks, Ceatharlach, fógraíodh Ráth Ana mar ollbhuaiteoir i gcatagóir na mBailte agus na Sráidbhailte.

Bhuaigh Eastát Shruthán an Chnoic, An Tulach an tOllghradam nua i gcomhair Eastát.



Bronn Comhairle Chontae Cheatharlach breis is 60 duais ar luach €20,750 ar ghrúpaí pobail ar fud an Chontae. i measc na gcatagóirí bhí: Eastáit, Scoileanna, Frithbhruscar, Reiligí, Oidhreacht agus

Comhshaoil chomh maith le Bailte & Sráidbhailte. Rinne Comhlachas Tráchtála Chontae Cheatharlach urraíocht ar Chatagóir Ghradam an Ghnó. Rinne Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach urraíocht ar bhuaiteoir an Ghradaim Aonair.

Roghnaíodh Fóram Daoine Scothaosta Phobal Bhuiríos agus Cheatharlach chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Cheatharlach i gComórtas Mórtas Áite IPB Comhoibriú Éireann 2016. Reáchtáladh Oíche Aitheantais chun obair agus tiomantas an dá ghrúpa a cheiliúradh agus a aithint i mí Mheán Fómhair i Halla an Bhaile.





Bhuaigh Buiríos an duais ab airde in a chatagóir ag Searmanas Gradam Bliantúil IPN Comhoibriú Éireann Mhórtas Áite, fógartha i mí na Samhna ag ócáid cheiliúrtha i mBéal Feirste.




**Scéim Deontais Comhshaoil/Fóntais 2016**
Bronnadh 171 deontas san iomlán ar Ghrúpaí Pobail/Chumainn Cónaitheoirí agus Scoileanna ar fud an chontae. I measc na n-oibreacha incháilithe bhí tírdhreachtú agus forbairt spásanna

oscailte; forbairt fóntais ar bhruach aibhneacha/sruthán; áiseanna picnice a sholáthar; péinteáil; soláthar boscaí bruscair/tionscnaimh frithbhruscair; feabhsúcháin reiligí agus feabhsúcháin ghinearálta limistéar. Bronnadh maoiniú deontais €58,000 in 2016.

**Scéim Deontais Pobail 2016**

Bronnadh 40 deontas san iomlán ar Ghrúpa Pobail ar fud an Chontae faoin scéim seo. Is í aidhm na scéime tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus deonacha i gContae Cheatharlach a thugann faoi thionscadail:

- a dhéanfaidh seirbhís nó gníomhaíocht a chuireann le caighdeán saoil a bpobail áitiúil.
- a mhéadóidh gníomhaíocht dheonach.
- a dhíreoidh orthu siúd ata eisiata go sóisialta agus a méadóidh a ndeiseanna rannpháirtíochta.
- a thacóidh le ionchur luachmhar na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha i gContae Cheatharlach.

Bronnadh maoiniú deontais €15,000 i rith 2016.

**Maoiniú Lánroghnach**

Bhronn na Baill Tofa 137 deontas san iomlán ar Chónaitheoirí agus ar Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara, Eagraíochtaí Deonacha Pobail, Scoileanna agus Eagraíochtaí Spóirt óna maoiniú lánroghnach.

**Clár Áitiúil 21 Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil**

Leithdháileadh €17,000 san iomlán ar 17 ngrúpa pobail i gContae Cheatharlach trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus trí mhaoiniú meaitseála Chomhairle Chontae Cheatharlach. Thug na grúpaí seo faoi thionscadail a chuireann le feasacht chomhshaoil ag an leibhéal áitiúil nó a chuir tógáil phobal atá níos glasa agus níos inbhuanaithe chun cinn.

**Na Ceapacha Tionscadal Gairdín & Cuibhrinn Pobail**

Leanann sé seo le bheith ina Chomhpháirtíocht Oibre an-rathúil idir Pobail Pháirc Naomh Muire agus Ráth na Píse, Ionad Seirbhíse Pobail Naomh Caitríona agus Comhairle Chontae Cheatharlach. Tá an limistéar múirín ag feidhmiú go maith anois. I rith na bliana seo chaite tógadh Turcaithe do dhinnéar na Nollag agus tá 8 gcearc fós sa ghairdín agus an pobal áitiúil ag baint leasa as na huibheacha saor-raoin. Is deis foghlama do na páistí é a chuirfidh lena bhfeasacht maidir le cearca.

Is iad príomhchuspóirí an tionscnaimh seo:

- Spás a ligeann go ghrúpaí agus do dhaoine aonair a nglasraí féin a fhás a chur chun cinn.
- Bia folláin agus slite maireachtála folláine a chur chun cinn trí bhia úr a fhás agus trí aclaíocht laethúil a dhéanamh.
- Forbairt phobail, ionchuimsitheacht agus bród a chur chun cinn trí obair chomhoibríoch le codanna éagsúla an phobail.
- An timpeallacht áitiúil a fheabhsú.
- Bheith mar áis oiliúna do dhaoine nach bhfuil ag obair, in oideachas ná faoi oiliúint trí mheascán d'oiliúint ghortóireach agus modúil litearthachta, uimhreachta, forbartha pearsanta, agus ullmhúcháin poist chomh maith le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe chun dul i ngleic leis a mbacanna ar dul ar aghaidh.

**Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil Cheatharlach**

**Déanann** Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil Cheatharlach (TIG) monatóireacht ar chur i bhfeidhm ghníomhartha Straitéis Idirghníomharachta don Lucht Siúil tríd a 4 ghrúpa théamacha: Cóiríocht agus Caidrimh (Coiste Cóiríochta Comhairleachta don Lucht Siúil Áitiúil); Oideachas, Forbairt Phobail agus Ealaíona; Fostaíocht, Oiliúint agus Deiseanna Gnó; Sláinte agus Stíl Mhaireachtála, ar bunaíodh iad chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha. In 2016 tugadh faoi cleachtadh mapála le tacaíocht maoinithe ón Rannóg Beartais an Luchta Siúil, an Roinn Dlí & Cirt & Comhionannais. Ghlac baill páirt on oiliúint ar idirchultúrachas tugtha ag Oibrithe Príomhchúraim Sláinte ó Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona. D'eagraigh Líonra an Luchta Siúil Cheatharlach Seachtain Mhórtais an Luchta Siúil, a raibh an-ráth uirthi, i mí an Mheithimh le tacaíocht Naomh Caitríona.

D'éirigh le iarratas deontais idirghníomhaireachta chun maoiniú a chinntiú d'oiliúint lae do sholáthraithe seirbhíse a oibríonn leis an bPobal Róma i gContae Cheatharlach.

**Ionad Pobail New Oak**

Leanann Baill foirne Pobail le tacaíocht a thabhairt do Choiste Stiúrtha Ionad Pobail New Oak.

**Coiste Forbartha Pobail Cheatharlach(LCDC)**

Is coiste na Comhairle é LCDC ach tá sé neamhspleách maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna. Méadaíodh a bhallraíocht ó 17 go 19 i rith 2016 agus tá baill reachtúla agus neamhreachtúla air lena n-áirítear 4 ball tofa. D'éirigh a leanas as an gcoiste in 2016, Comh. Jennifer Murnane O'Connor, Ann Shortall, Ionadaí Ionchuimsitheachta Sóisialta PPN, An tAth. Caoimhín Ó Néill Cumann Sibhialta. Ina n-áit tháinig Comh. Arthur McDonald, Josephine Tierney & Brian Hand. Is iad an bheirt bhall eile Eileen O'Rourke Turasóireacht Cheatharlach agus Anna Marie Lanigan Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte. Is coiste na Comhairle é LCDC ach tá sé neamhspleách maidir le feidhmíocht a fheidhmeanna.

**Is iad Baill LCDC Cheatharlach:**

| **Leasa Reachtúla** | | |
|---|---|---|
| **Earnáil** | **Ainm an Bhaill** | **Eagraíocht** |
| **Rialtas Áitiúil** | Michael Doran<br>Charlie Murphy<br>Arthur McDonald<br>William Quinn<br>Kathleen Holohan<br>Kieran Comerford | Baill Chomhairle Chontae Cheatharlach<br><br><br><br>Príomhfheidhmeannach<br>Ceann Fiontair |
| **Gníomhaireachtaí Stáit** | Noel Barry<br>Cynthia Deane<br>Anna-Marie Lanigan | Roinn Coimirce Sóisialaí<br>Bord Oideachais & Oiliúna Chill Chainnigh/Cheatharlach<br>FSS |
| **Leasa Neamhreachtúla** | | |
| **Earnáil** | **Ainm an Bhaill** | **Eagraíocht** |

| | | |
|---|---|---|
| **Forbairt Áitiúil agus Phobail** | Thomas Kelly<br><br>Mary Doyle<br><br>Josephine Tierney<br><br><br>Andrea Dalton<br><br>Eamon Moore | Coiste Reilige Dhroim<br>(PPN Ionadaí Pobail & Deonach)<br>Grúpa Pobail Bhaile Haicéad<br>(PPN Ionadaí Pobail & Deonach)<br>Ionad Acmhainní Teaghlaigh Mhuine Bheag(PPN Ionadaí Ionchuimsitheachta Sóisialta)<br>Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Caitríona(PPN Ionadaí Ionchuimsitheachta Sóisialta)<br><br>PPN Ionadaí Colúin Chomhshaoil |
| **Leasa Socheacnamaíocha agus Pobail** | Mary Walsh<br><br>John Brophy<br>John Nolan<br>Brian Hand<br>Eileen O'Rourke | Comhpháirtíocht Forbartha Cheatharlach CLG<br>Comhlachas Cheatharlach (Fostóir Gnó)<br>almhaíocht/Feirmeoireacht<br>Cumann Síbhialta<br>Turasóireacht Cheatharlach |

Reáchtáladh cúig chruinniú LCDC/LAG i rith 2016 mar a leanas:

- An 27 Eanáir 2016
- An 13 Aibreán 2016
- An 6 Iúil 2016
- An 2 Meán Fómhair 2016
- An 2 Nollaig 2016

Tá Maoirseacht Chláir agus Bainistíocht Chláir ag an LCDC/LAG maidir leis na gníomhaíochtaí a leanas:

- Clár Forbartha Tuaithe (LEADER)
- Clár Gníomhachtaithe Pobail um ionchuimsiú sóisialta (SICAP)
- Plean Áitiúil Geilleagair agus Pobail (LECP)

**Clár Forbartha Tuaithe (LEADER)**

Fuair Ceatharlach leithdháileadh €6,416,803.43m faoin gClár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2014 -2020. Tá Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teo. faofa ag an LCDC mar Cheannpháirtí Curtha i bhFeidhm don Chlár Forbartha Tuaithe.Cuireadh Straitéis Forbartha Áitiúil Chontae Cheatharlach faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an 15 Eanáir 2016 i ndiaidh do bhaill an LCDC í a mheas agus do Fochoiste agus Cathaoirleach LCDC LEADER í a fhaomhadh.D'ullmhaigh Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CLG an straitéis trí phróiseas "ó bhun aníos" a d'éascaigh rannpháirtíocht phobal na tuaithe agus a rinne measúnú iomlán agus cuimsitheach ní hamháin ar riachtanais áitiúla ach ar fhéidearthachtaí áitiúla freisin. Cuireann an straitéis le próiseas pleanála straitéisí Chomhairle Chontae Cheatharlach a bhfuil foráil

ann do chur chuige níos comhtháite d'fhorbairt phobail ag an leibhéal áitiúil. Tá sé leagtha amach sa Straitéis conas an úsáid is fearr a bhaint as maoiniú LEADER chun forbairt inbhuanaithe Chontae Cheatharlach a thacú. D'fhaomh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Straitéis i mí an Mheithimh 2016 agus an 8 Iúil 2016 sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Clár Forbartha Tuaithe (LEADER) in Achadh an Iúir áir ar shínigh an tAire Heather Humphries, Eamonn Moore, Cathaoirleach an LCDC, Margaret Moore, Páirtí Airgeadais Comhairle Chontae Cheatharlach agus Clare O'Shea, Páirtí Curtha i bhFeidhm Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CLG Comhaontú/Conradh maoinithe LEADER Cheatharlach..

D'fhaomh an LCDC/LAG Gairm Tograí LEADER i leith na dtéamaí leanas ag a chruinniú an 2 Meán Fómhair 2016 arna mbainistiú ag Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach CLG, Páirtí Curtha i bhFeidhm.

- Tionscadail Infreastruchtúir Pobail
- Tionscadail Féile Turasóireachta Pobail
- Fiontraíochtaí a bhfuil breis is 10 fostaithe agus a fhreastalaíonn ar an margadh baile amháin.
- Tionscadail Phobail sa chás go bhfuil sé deacair na pobail a shroicheadh
- Fiontraíochtaí Tuaithe a bhfuil níos lú ná 10 fostaithe acu agus láimhdeachas €2 mhilliún
- Forbairt Thionscadail Thurasóireachta

Faomhadh critéir incháilitheachta do Ghairm Tograí maidir leis an méid thuasluaite.

Fógraíodh gairm tograí LEADAR maidir le Athghiniúint Bailte/Sráidbhailte Tuaithe agus le Féilte dírithe ar Lucht Féachana Náisiúnta, a raibh spriocdhátaí an 18 Deireadh Fómhair agus an 18 Samhain 2016 faoi seach do léirithe spéise acu. D'fhaomh/dhiúltaigh an LAG do moltaí maidir leis sin ag a chruinniú an 2 Nollaig 2016.

Tá an méid a leanas faofa/measta ag an LCDC/LAG:

- Coiste Measúnaithe LEADER
- Tuarascáil Airgeadais LEADER do 2016
- Taifead cDórála Choiste Measúnaithe LEADER
- Lámhleabhar Dréachtnósanna Imeachta LEADER

**Clár Ionchuimsithe Soisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP**)
Tugadh isteach Clár Ionchuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) in ionad Clár Forbartha Pobail Áitiúil. Is clár ionchuimsithe sóisialta áitiúil é SICAP atá dírithe ar na daoine is imeallaithe i sochaí na hÉireann.

Leithdháileadh maoiniú SICAP €536,428 ar Chontae Cheatharlach don bhliain 2016. Is é an LCDC an t-údarás conraithoireachta is í Comhpháirtíocht Forbartha Cheatharlach a chuirfidh an clár i

bhfeidhm. Rinne an LCDC Plean Bliantúil SICAP 2015 SICAP i mí Eanáir 2016 agus d'fhaomh sé Plean Bliantúil SICAP 2016. Rinne na baill athbhreithniú lárthéarma den tréimhse Eanáir-Meitheamh 2016 ar Phlean Bliantúil SICAP 2016 in 2016 agus rinne Plean Bliantúil SICAP do 2017 a mheas i mí na Nollag 2016. Bhfuail foghrúpa an choiste LCDC a raibh Andrea Dalton agus Noel Barry, Michael Brennan, Príomhoifigeach agus Margaret Moore, Pobal mar bhaill le cheile ar roinnt ócáidí i rith 2016 chun cur i bhfeidhm an chláir a athbhreithniú agus é a scrúdú in éineacht le Karl Duffy, Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach, a chuireann an clár i bhfeidhm. Baineadh amach gach ceannsprioc sa chlár SICAP ag Forfheidhmiú an Chláir do 2016.

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP)**



Tugtar ról níos láidre agus níos soiléire do rialtas áitiúil maidir le forbairt eacnamaíoch agus forbairt phobail leis an Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014. Is príomheilimint é seo maidir leis bhfís atá leagtha amach sa Chlár Gnímh um Rialtas Áitiúil Éifeachtach - Tús Áite do Dhaoine a bhaint amach "beidh rialtas áitiúil ina príomhbhealach Rialála agus Seirbhíse Poiblí ag leibhéal áitiúil, ag léiriú ceannaireachta maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus phobail."

Tá foráil in Alt 44 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 Plean Comhtháite Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ceapadh (LECP).

Fanann an fhreagracht an plean a ullmhú le Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) Cheatharlach agus Comhairle Chontae Cheatharlach. D'fhorbair Coiste Áitiúil Forbartha Pobail na gnéithe Pobail den phlean agus d'fhorbair Comhairle Chontae Cheatharlach na gnéithe eacnamaíocha tríd an gCoiste Beartas Straitéisigh um Fhorbairt Gheilleagrach, um Thacaíocht Fiontair agus um Phleanáil.

Is é cuspóir an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) do Chontae Cheatharlach, na gníomhartha a theastaíonn chun gnéithe forbartha geilleagracha agus pobail i limistéir an údaráis áitiúil a láidriú thar thréimhse 6 bliana 2016-2021 a aithint agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach lena dtacaítear agus lena dtagtar le cur i bhfeidhm phlean Forbartha Chontae Cheatharlach, an Comhphlean Spásúlachta do Cheatharlach agus na Dréacht-treoirlínte agus straitéisí réigiúnacha spásúlachta agus Eacnamaíochta molta (RSESs), lena n-ullmhófar iad ag an Tionól Réigiúnach agus ag an gCreat Pleanála Náisiúnta a bheidh ann in ionad na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta. Agus an LECP á ullmhú, hí gá ann an Straitéis Forbartha Tuaithe molta do Chontae Cheatharlach 2014 -2020, Clár Ionchuimsithe Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) agus Plean Gnímh an Rialtais um Phoist a mheas.

Seoladh an dréachtphlean le haigh comhairliúcháin poiblí an 22 Nollaig 2015 le spriocdháta do thráchtanna/thuairimí an 22 Eanáir 2016. Rinne an LCDC an dréachtphlean a mheas agus é a fhormheas i ndiaidh an phróiseas comhairliúcháin Phoiblí ag a chruinniú an 27 Eanáir 2016 le leasuithe. Ghlac Contae Cheatharlach leis an Dréachtphlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, "***Contae Cheatharlach 2021 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021"*** ag a chruinniú an 8 Feabhra 2016. Is é ról an LCDC an plean a chur i bhfeidhm, é a chomhordú, é a mhaoirsiú agus é a athbhreithniú i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Cheatharlach. an Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta don Rialtas Áitiúil (NOAC) agus beidh ról maoirseachta ag Grúpa Stiúrtha Comhairliúcháin LECP maidir le cur i bhfeidhm an phlean.

Cuirfear an plean i bhfeidhm i dtrí shraith de thréimhse dhá bhliain trí phlean curtha i bhfeidhm agus rinne an LCDC agus Comhairle Chontae Cheatharlach plean curtha i bhfeidhm don tréimhse 2016 -2018 a mheas agus é a fhormheas. I rith 2017 tuairisceoidh gníomhaireachtaí LEAD aitheanta sa phlean don LCDC trí thuairisc ar dhul chun cinn scríofa/ó bhéal a thabhairt ar na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean curtha i bhfeidhm.

Sheol an Cathaoirleach Cllr Charlie Murphy an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail i gCeatharlach i mí Iúil agus sheol an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil é ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair.

Rinne an LCDC an méid a leanas a ghlacadh/a mheas freisin:

- Tuarascáil Bhliantúil an LCDC, 2015
- Leasuithe ar Bhuan-Orduithe
- Dearbhú Leasa – Coimhlint Leasa
- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Athbhreithniú ar Thionscadal REDZ Cheatharlach Theas
- Tuairisc ó Líonra Rannpháirtíochta Pobail Cheatharlach
- Ball LCDC Ms Josephine Tierney a ainmniú go Grúpa Pleanála Cheatharlach um Fhéinmharú a chosc
- Tuairisc ó Edmond Connolly Bainisteoir Fhóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt

D'eagraigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil oiliúint ag an Leibhéal Náisiúnta do bhaill an LCDC maidir le:

- Oibríochtaí an LCDC
- SICAP
- LEADER
- Ár bPobail – Creatbheartas um Fhorbairt Áitiúil agus Phobail in Éirinn.

**An Coiste Um Sheirbhísí do Pháistí agus do Dhaoine óga Cheatharlach**

Tá an Coiste Idirghníomhaireachta seo freagrach as saoil páistí agus teaghlaigh a fheabhsú ag an leibhéal áitiúil agus pobail trí phleanáil, trí oibriú agus trí sheachadadh seirbhíse chomhtháite agus cinntíonn sé go n-oibríonn gairmithe agus gníomhaireachtaí le chéile. Ba bhliain ghnóthach í 2016 don choiste idirghníomhaireachta seo.

- Rinneadh an Plean gnímh nua 3 blina a fhorbairt agus cuireadh i gcrích é le linn an dara leath de 2016.
- In November 2016 d'éirigh le hiarratas CCCYPSC maoiniú síolchiste a fháil chun gníomhartha ón bPlean Gnímh a chur i bhfeidhm. Fuair siad an t-uasmhéid €25,000.

**Comhairle na nÓg**

Bunaíodh Comhairlí na nÓg mar thoradh ar an Straitéis Náisiúnta 10 mBliana um Pháistí a sheol an Roinn Sláinte agus Leanaí é in 2001 agus bunaíodh iad i 34 Bhord Forbartha Cathrach agus Contae ar fud na tíre. Faoi choimirce na mBord Forbartha Cathrach/Contae seo, fanann an fhreagracht as Comhairle na nÓg leis an údarás áitiúil i ngach limistéir. I gContae Cheatharlach, bainistíonn Seirbhísí Réigiúnacha Cheatharlach don Oíge Comhairle na nÓg i gcomhar le Rannóg Pobail Chomhairle Chontae Cheatharlach. Is fóram é chun go dtabharfaidh páistí agus daoine óga ionchur struchtúrtha maidir le forbairt seirbhísí agus beartais áitiúla a mbíonn tionchar acu ar shaoil daoine óga.

- Reáchtáil Comhairle na nÓg Ceatharlach a Cruinniú Cinn an 15 Samhain agus bhí rannpháirtíocht den scoth ann ó na hIar-bhunscoileanna ar fud an Chontae.
- Ghlac Baill Comhairle Cheatharlach páirt i Seothaispeántas Náisiúnta na gComhairlí an 24 Samhain i bPáirc an Chrócaigh, baile Átha Cliath aus an Aire Leanaí agus Daoine Óga Katherine Zappone i láthair.

**Ceatharlach - Contae AoisbhRúil**

Lean Foghrúpa Aoisbháúil Cheatharlach le cur i bhfeidhm ghníomhartha Straitéis Aoisbáúil an Chontae a thacú agus chun cur i bhfeidhm ghníomhartha Phlean Bhaile Cheatharlach a stiúradh agus seo a leanas cuid de na buaicphointí:

- Tá pleanáil ar aghaidh tosaithe ag an gCoiste Idirghníomhaireachta Aoisbháúil maidir le forbairt na straitéise nua 5 bliana don tréimhse 2017-2022. Ceapadh Debra O'Neill, sainchomhairleoir chun forbairt na straitéise a stiúradh. Déanfar é seo trí shuirbhéanna aonair, trí agallaimh leis na páirtithe leasmhara agus trí dhá chruinniú phoiblí a reáchtáil i ngach ceantar bardasach.

- I mí Dheireadh Fómhair 2016 ceapadh Eileen Brophy ina Cathaoirleach an Choiste Aoisbháúil, i gcomharba ar Mary White.

**Ionad na nDeonach Cheatharlach**

Bhí bliain an-ghnóthach ag Ionad na nDeonach Cheatharlach agus sháraigh sé go leor dá spriocanna a bhí aige agus ghlac sé páirt i raon gníomhaíochtaí a thacaigh go héifeachtúil le hobair dheonach ar fud Chontae Cheatharlach, gníomhaíochtaí ar nós na seirbhíse socrúcháin ríthabhachtaí, Oiliúint um Bhainistíocht Deonach, Grinnfhiosrúchán na nGardaí, obair le grúpaí pobail agus forbartha áitiúla.

- Mar gheall ar ciorruithe leanúnacha sa bhuiséad le blianta beaga anuas, d'fhan Ionad na nDeonach Cheatharlach sa chóiríocht atá soláthraithe ag Comhairle Chontae Cheatharlach.
- Lean Foireann na Rannóige Pobail le hionad na nDeonaithe a thacú.

Chun blaiseadh a thabhairt ar a phríomhobair is é sin an tSeirbhís Socrúcháin, cuimsíonn a n-obair leis an Deonaí an méid a leanas:

- Eolas ar roghanna oibre deonaí
- Tacaíocht agus comhairle dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta de dhíth orthu
- Socrúchán agus bróicéireacht
- Imeachtaí aitheantais agus buíochais
- Foláirimh Téacs
- Próifílí meáin/Feasacht a mhéadú
- Na Meáin Shóisialta
- Obair Dheonach san Idirbhliain
- Obair Dheonach for-rochtana ag 3ú leibhéal
- Gradam I.T Cheatharlach um Obair Dheonach
- Laethanta Oibre Deonaí um Fhoirne Corparáideacha
- Cuir i láthair ar théamaí sainiúla maidir le hobair dheonach - i.e. Comhshaol, MMíchumas, Dífhostaíocht

Cuimsíonn a gcuid oibre leis na hEagraíochtaí Deonacha an méid leanas;

- Folúntais um Obair Dheonach a Fhógairt
- Comhairle agus Tacaíocht
- Teimpléid Cáipéisíochta – m.a. Beartas Oire Deonaí, sonraíochtaí róil srl.
- Comhairliúcháin ar cheisteanna faoi leith.
- Oiriúint ar Obair Dheonach a bhainistiú
- Rochtain ar Ghrinnfhiosrúchán na nGardaí
- Seimineáir ar Thopaicí Ábhartha
- Imeachtaí Earcaíochta - Volunteer Expo, Aonach Oibre Deonaí It Cheatharlach
- Liosta "Cás aon uaire/Deonaigh Imeachta"
- Uasdátuithe Rialta trí Ríomhphost
- Rochtain ar Aitheantas Deonach Náisiúnta

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT CHONTAE CHEATHARLACH

### Buaicphointí Feidhmíochta 2016

- **Obair Mhaoinithe** - Fuair an LSP €225,120 san iomlán d'fhorbairt spóirt i gContae Cheatharlach;

- **Clár Míchumais** – Fuarthas €25,500 chun clár gníomhartha chun dul i ngleic le riachtanais daoine faoi mhíchumas spórtúil a chur i bhfeidhm agus soláthraíodh deiseanna rannpháirtíochta do thart ar 216 duine;

- **Imeachtaí Pobail** - ghlac breis is 2000 duine páirt i gclár LSP bunaithe sa phobal agus dírithe ar dhaoine óga agus ar theaghlaigh, m.s. Téigh amuigh faoin aer, Operation Transformation, Lá spraoi, Seachtain na fóillíochta, srl.;

-  **Aclaí ós cionn 50** – Ghlac 135 duine páirt i ngníomhaíochtaí ar mol spóirt dAosaigh Aosta i mBaile Cheatharlach agus sa Tulach;
-  **Cláir na mBan i Spóirt** - Ghlac 20 bean páirt i gcláir ghníomhaíochtaí Spóirt LSP;
-  **Scoileanna** - Ghlac 16 bhunscoil áitiúla páirt i gcláir LSP chun rannphháirtíocht daoine óga i spórt a mhéadú;
-  **Obair Forbartha Cumainn** – Tugadh cúnamh do 26 cumann spóirt áitiúil maidir le ceisteanna forbartha;
-  **Soláthar Eolais** – Fuair 1,200 duine aonair tacaíocht maidir le soláthar eolais i rith 2016 ;
-  **Oiliúint**– Ghlac 432 ceannairí, deonach agus traenálaí spóirt áitiúil páirt i gcúrsaí oiliúna LSP agus ionadaíoch ann ó 63 chumann áitiúil ;
-  **Beartas** - Ghlac an LSP páirt in 5 choiste, líonra agus fhóram áitiúla agus réigiúnacha chun rannphháirtíocht i spórt agus teachtaireacht an LSP a chur chun cinn.

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓRT ÁITIÚIL CHONTAE CHEATHARLACH

## Achoimre ar Thorthaí 2016

### CÚLRA, ACMHAINNÍ AGUS MAOINIÚ

**Cúlra Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach**

Tá Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach mar chuid den ghréasan náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Spórt. Cheap Spórt Éireann an coincheap de'Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil' (LSP) chun forbairt spóirt ag leibhéal áitiúil a eagrú agus a chur chun cinn. Cuireadh tús le Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach in 2006. Tá an LSP maoinithe go príomha ag Spórt Éireann agus feidhmíonn sé mar fhochoiste de Chomhairle Chontae Cheatharlach.Tagann coiste bainistíochta an LSP le chéile thart ar gach 6 – 8 seachtaine. Is é cúram an choiste bhainistíochta ná cur i bhfeidhm an phlean bhliantiúla oibríochta a mhaoirsiú agus tacaíocht agus treoir a thabhairt d'fhoireann Spórt Éireann.




*Coiste agus Foireann Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach, Meán Fómhair 2016.*

**Cuspóir Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach**
Is é aidhm Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach ná rannpháirtíocht i spórt agus aclaíochta mhéadú gan aois, cumas nó cúlra a chur san áireamh, trí:

- **Phointe lárnach faisnéise** d'fhorbairt spóirt a sholáthar;
- Chumas ceannairí spóirt a fhorbairt trí **thraenáil den chéad scoth**;
- Comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí rialaithe náisiúnta spóirt, eagraíochtaí, áiseanna príobháideacha, scoileanna, cluban4na spóirt agus grúpaí pobail chun cláir a fhorbairt **a théann i ngleic le baic ar rannpháirtíocht**.
- Buntáistí agus tionchar dearfach spóirt ar **mhurtall, cuimsiú sóisialta agus sláinte mheabhrach** a chur chun cinn.

**Baill Choiste Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach 2016**
Liostaítear na baill reatha thíos a bhfuil neart taithí agus faisnéise acu maidir le haclaíocht, forbairt spóirt, traenáil oibrithe deonacha agus cuimsiú sóisialta:

| Ainm | Gníomhaireacht | Ainm | Gníomhaireacht |
|---|---|---|---|
| **1.Carmel Lynch** Cathaoirleach | Ionadaí Phobal Spórt | **8.Declan Doyle** | Ionadaí Phobal Spórt |
| **2.Tom Geoghegan** | Ionadaí Phobal Spórt | **9.Garry Coady** | Ionadaí Phobal Spórt |
| **3.Julie Doyle** | Ionadaí Phobal Spórt | **10.Michael Brennan** | Comhairle Chontae Cheatharlach |
| **4.John Hayden** | Ionadaí Phobal Spórt | **11.Regina Duane** | Ionad Oibre Dheonaí Cheatharlach |
| **5.Olive Fanning** | Cur chin cinn Sláinte, FSS | **12.Kathryn Wall** | Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach |
| **6.Donal McNally** | Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | **13.Karl Duffy** | Comhpháirtíocht Forbartha Chomhairle Chontae Cheatharlach |
| **7.Ronan Dempsey** | Ionadaí Phobal Spórt | **14.Pat Bolger** | Ionadaí Phobal Spórt |

**Foireann agus Pearsanra**

Tá triúr bhall foirne lán-aimseartha ag obair don LSP:
- Comhordaitheoir: Martha Jane Duggan
- Riarthóir: Sandra Corrigan,
- Oifigeach Forbartha Spórt Áitiúil: Louise Barry,

**Teagascóirí agus áisitheoirí cláir** do LSP áitiúla agus do Chláir Spórt Éireann Náisiúnta – comhoibríonn LSP Chontae Cheatharlach le roinnt ceannairí áitiúla a bhfuil taithí agus scileanna acu chun cláir rannpháirtíochta a sholáthar:

- Joanne Wall (Clár Chuimsiú Míchumais i Spórt & Traenáil Chuimsiú Míchumais);
- Teresa Meagher (Clár Chuimsiú Míchumais i Spórt);
- Ken Kavanagh (Cód Eitice agus Bunfheasachta agus Traenáil Oifigigh do Leanaí);
- Grainne Fleming (Cód Eitice agus Bunfheasachta);
- Pulse Medical Brain Downes (Garchabhair Ghairm, Garchabhair Spóirt, Traenáil Dhífhibrileora);
- Sharon O'Byrne (Luthchleasaíocht Halla Spóirt & Clár Siúlóide sa Phobal)
- Lisa Kennedy (Luthchleasaíocht Halla Spóirt &Clár Siúlóide sa Phobal)
- Tomas Kinsella (Luthchleasaíocht Halla Spóirt).

**Maoiniú Urraithe do Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach, 2016**

| | | |
|---|---|---|
| Rríomh-mhaoiniú ó Spórt Éireann | EURO | €113,199 |
| Clár agus maoiniú eile Spórt Éireann | EURO | €6,400 |
| Údarás áitiúil | EURO | €10,500 |
| FSS | EURO | €8,500 |
| Ciste na gCuntas Díomhaoin chun Cóitseáil sa Phobal a mhaoiniú | EURO | €11,925 |
| Oifigeach Forbartha Spóirt Áitiúil ó Spórt Éireann | EURO | €25,000 |
| Ceannaireacht do Dhaoine Óga | Euro | €5,000 |
| An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt | EURO | €5,000 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | EURO | €19,350 |
| Ceannaire /Comhlacht Forbartha Áitiúil | EURO | €4,000 |
| Income Generated from Courses, Programmes, Events | EURO | €16,246 |
| **Iomlán** | | **€225,120** |

**Nótaí maidir le Maoiniú 2016**

- **Comhpháirtíocht Fhorbartha Chontae Cheatharlach**
  Fuaireadh an €4,000 ón gComhlacht Forbartha Áitiúil trí thogra a rinneadh an LSP maidir le Clár Cuimsiú Sóisialta Cheatharlach;
- **An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt**
  Briseann an maoiniú a fuaireadh ón An Roinn Iompair Turasóireachta síos mar €5,000 a fhaightear tríd an gciste deontais don tSeachtain Bhliantiúil Rothair agus Spóirt.
- **Scéim Deontais Chiste na gCuntas Díomhaoin i gcomhair Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal** Thug Spórt Éireann €25,000 do Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach faoin scéim deontais seo bunaithe ar thogra a tíolacadh i mí na Bealtaine. Cuireadh an ciste seo ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don Phlean Náisiúnta umAclaíocht chun 'cumas Chomhpháirtíochtaí Spórt Áitiúil a neartú agus a fheabhsú chun pleananna áitiúla agus níos mó cláir fhadtéarmacha maidir le haclaíocht a fhorbairt.'Ceapadh Louise Barry i ndiaidh an phróisis earcaíochta agus de bharr sin, mhéadaigh an post cumas an CSA chun deiseanna i gcomhair aclaíocht laistigh den tréimhse sin a sholáthar.
- **Scéim Deontais Chiste na gCuntas Díomhaoin i gcomhair Ceannaireacht Óige** Fuaireadh €5,000 faoin scéim deontais seo, riartar ag Spórt Éireann, chun traenáil cheannaireacht óige i gcomhar le scoileanna áitiúla agus eagraíochtaí óige a chur ar fáil.

**ACHOIMRE AR ASCHUIR 2016**

Mar a ordaíonn Spórt Éireann, déanann an LSP réime leathan gníomhaíochtaí leis an aidhm chun rannpháirtíocht ina bpobail áitiúla a mhéadú. Tá na gníomhaíochtaí sin rangaithe i gceithre réimse aschur:

1. Ag obair chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú, go háirithe i measc spriocghrúpanna ar leith;
2. Bonneagar spóirt a chruthú trí thacaíocht i gcomhair NGBs, clubanna, and oibrithe deonacha agus comhpháirtíochtaí tacaíochta idir clubanna spóirt áitiúla, eagraíochtaí pobalbhunaithe agus gníomhaireachtaí earnála;
3. Níos mó deiseanna a chruthú i gcomhair rochtain ar thraenáil agus oideachas maidir le spórt agus soláthar aclaíochta;
4. Faisnéis a sholáthar faoi spórt agus aclaíocht chun feasacht agus rochtain a chruthú.

**<u>Sprioc 1: Leibhéil Rannpháirtíochta a mhéadú</u>**

**<u>SPRIOCGHRÚPA - DAOINE</u>**

**Achoimre ar an gClár:** Is é aidhm an chláir seo ná rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas i spórt agus aclaíocht áineasa a mhéadú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha**.** Ullmhaíodh mionchlár gníomhaíochtaí bunaithe ar riachtanais agus ar bhaic an spriocghrúpa. D'oibrigh an Chomhphairtíocht Spórt Áitiúil (LSP) leis na páirtithe leasmhara chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár agus tíolacadh miontuarascálacha maidir le dul chun cinn chuig Coiste Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil go minic. Tá an tionscadal maoinithe ag an HSE, Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach agus Spórt Éireann. Déanann Comhordaitheoir an CSA bainistiú air agus cuirtear ar fáil é trí chonradh i gcomhair seirbhísí ó áisitheoirí Joanne Wall agus Teresa Meagher.

**Eagraíochtaí/Seirbhísí Bainteacha: Áirítear na grúpaí seo a leanas:** IWA; Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga; Teiripe Shaothair ag Ospidéal Naomh Dympna; Aonad Sláinte Mheabhrach FSS, Seirbhísí BEAM; Rehabcare; Ionad Cairdeais; Skillsbase NLN: Ionad Delta; Ionad Uathachais Cheatharlach; na Cluichí Oilimpeacha Speisialta; Grúpa Siondróim Down Cheatharlach; NCBI; Grúpa Lagaithe Radhairc; srl.

**Aschuir Athchóirithemaidir le Ranpháirtíocht in Aclaíocht2016**
Téann an tionscadal seo i ngleic le neamhchothroime deiseanna i gcomhair daoine atá faoi mhíchumais fhisiciúla, fhoghlama agus chéadfacha chun páirt a ghlacadh i spórt agus in aclaíocht i gContae Cheatharlach. Tá an tionscadal bunaithe ar riachtanais a shainaithnítear ag daoine atá faoi mhíchumas, cúramóirí, tuismitheoirí agus eagraíochtaí. Tugann an tionscadal deiseanna do dhaoine bualadh le daoine nua. Tugann an tábla seo achoimre ar ghníomhaíochtaí míchumais agus uimhreacha rannpháirtíochta.

**Traenáil Aclaíochta Athchóiritheagus Aschuir Oideachais**

| GNÍOMHAÍOCHT | | RANNPHÁIRTÍOCHT | DISABILITY TYPE | STAKEHOLDER COLLABORATION |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | **Cispheil Chathaoireacha Rothaí** | 18 | 11 faoi Mhíchumas fisiciúil<br>3 siblín, cara & baill theaghlaigh | IWA<br>Meánscoil na Toirbhirte agus<br>Clúbanna Cispheile Áitiúla |
| **2.** | **St Dympna's Mental Health Group** | 6 | 11 Meabhairghalar | FSS |
| **3.** | **Campa Samraidh Athchóirithe Aclaíochta** | 39 rannphàirtí<br>16 cheannaire | 18 faoi mhíchumas intleachta<br>2 faoi mhíchumas fisiciúil<br>(20 faoi mhíchumas) | IT Ceatharlach, Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach, & NGBs |
| **4.** | **Rothaíocht Uileghabhálach** | 33 | Míchumas intleachta | Solathraí Príobháideach,<br>Meánscoil na Toirbhirte na hEasca,<br>Gréasán áitiúil APA |
| **5.** | **Snámh Uileghabhálach** | 12 | Míchumas intleachta | 'Holy Angels' &eagraíochtaí míchumais áitiúla |
| **6.** | **Trail Kids** | 9 | Míchumais Éagsúla | Trail Kids &eagraíochtaí míchumais áitiúla |
| **7.** | **Yóga** | 12 (2 groups J Wall & Eist) | Míchumais Éagsúla | IWA<br>Eist |
| **8.** | **Marcaíocht ar Chapall** | 59 | Míchumais Éagsúla | Doyles<br>na Carraige Bige |
| **9.** | **Tae Kwon Do** | 12 | Míchumas intleachta | Club TKD<br>Tulaí&eagraíochtaí míchumais áitiúla |
| | **IOMLÁN** | 216 | | |

Bhain an CSA úsáid as cur chuigeilghnéitheachchun: 1. Baint daoine aonair/ eagraíochtaí míchumais a éascú; agus 2. Tacaíocht agus scileanna a thabhairt do chlubanna, cóitseálaithe, oibrithe deonacha chun athchóiriú agus daoine atá faoi mhíchumas a áireamh.

| | Traenáil | Comhoibriú Páiritithe Leasmhara | Rannpháirtíocht |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Traenáil Fheasachta faoi Mhíchumas** | CARA, IT Cheatharlach | 16 |
| **2.** | **Traenáil Chuimsiú Míchumais** | CARA, IT Cheatharlach | 27 |
| | | | 43 |

**Buaicphointe an Chláir Mhíchumais –Campa Cuimsithe i mí Iúil, 2016**

Chomhoibrigh LSP Cheatharlach le IT Cheatharlach chun campa samhraidh do dhaoine óga atá faoi mhíchumas a eagrú. Bhí fáilte roimh shiblíní chomh maith. Ghlac 39 rannpháirtithe páirt ann. Traenáladh 16 ceannairí spóirt chun tacú le heagraíocht an champa. Bhí an campa oscailte do bhuachaillí agus do chailíní ó 6 bliana d'aois go 6 bliana déag d'aois. Reachtáladh é ó 2-5 de Lúnasa, 10am go 2pm gach lá ag IT Cheatharlach. Bhí costas €25 i gcomhair gach páiste. Bhí lascainí teaghlaigh ar fáil i gcomhair gach páiste sa bhreis ag costas €20. Áirítear turas roghnach go hIonad Eachtraíochta Avon Rí Chois Locha sa phraghas. Thug IT Cheatharlach, Spórt Éireann, Comhairle Chontae Cheatharlach, Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Fhorbartha Chontae Cheatharlach tacaíocht don chlár. Cuireadh gníomhaíochtaí in oiriúint, cosúil le: Ealaíona agus Ceardaíocht, Spóirt, Rothaíocht, Ríomhaireacht, Turas (roghnach) go hIonad Eachtraíochta in Avon Rí i gCill Mhantáin sa phictiúr thíos. D'éirigh go han-mhaith leis an gcampa agus bhí an t-aiseolas ó rannpháirtithe agus tuismitheoirí an-dearfach. Fuair an CSA roinnt ríomhphost agus glaoch ó thuismitheoirí, ag labhairt faoi cé chomh sásta is a bhí siad le ceannairí an champa, na gníomhaíochtaí agus na háiseanna ar an láthair.



**Buaicphointe an Chláir Mhíchumais – Clár Marcaíochta ar Chapall i gcomhair Páistí a bhfuil Uathachas Orthu**

*'A Martha,*

*Tá trí as ceithre cheacht marcaíochta ar chapall déanta againn agus ní bheinn in ann a chur in iúl cé chomh iontach is a bhí an taithí dár ngrúpa Bhanríon na Cruinne S.N. Bhí sé iontach! Go raibh míle maith agat as ucht é seo a chur ar siúl. Ba breá liom fiosraigh faoin airgeadas mar gur cuireadh ceist orm faoi conas atáimid chun é a phróiseáil. Baileoidh mé an sonrasc ó n gCarraig Bheag an Aoine*

*seo chugainn. Le do thoil, cuir mé ar an eolas faoi conas iad a phróiseáil. Bunscoil Náisiúnta Bhanríon na Cruinne.*
*Míle buíochas,*
*Tommy'*

**Ríomhphost ó Tommy Cox, múinteoir ag Bunscoil Náisiúnta Bhanríon na Cruinne, Muine Bheagmaidir leis an glcár marcaíochta ar chapall ar ghlac siad páirt ann, a bhí eagraithe ag CSA Chontae Cheatharlach.**

**SPRIOCGHRÚPA–DAOINE FÁSTA NÍOS SINE**

**Réasúnaíocht:** Aithníonn Spórt Éireann daoine fásta níos sine mar phríomhgrúpa chun aclaíocht a chur chun cinn mar gheall ar leibhéil rannpháirtíochta ísle. Tá tionchar dearfach ag aclaíocht ar shláinte ghinearálta, fhisiciúil agus mheabhrach. Tagann an clár seo faoin mbrateagraíocht Age Friendly Carlow – is féidir aclaíocht a úsáid mar uirlis chumachtach chun dul i ngleic le huaigneacht, i gcomhair cuimsiú sóisalta, chun rannpháirtíocht a spreagadh sa phobal áitiúil agus is féidir leis an gclár an cumas i gcomhair maireachtáil neamhspléach a fheabhsú. In 2016, lean Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach ar aghaidh le húsáid a bhaint as AC (SLOT) Naomh Lorcán Ua Tuathail agus ionad paróiste Tualaímar 'chroílár gníomhaíochtaí' i gcomhair daoine fásta níos sine. Bhain an LSP úsáid as SLOT mar bhunáit do na gníomhaíochtaí 'Go for Life'. In ainneoin go bhfuilimid na gníomhaíochtaí dírithe ar ghlúin níos sine, tá na gníomaíochtaí oscailte do gach duine chun imeascadh a chur chun cinn. D'eagraigh an LSP gníomhaíochtaí i dTulachchun for-rochtain a chur ar fáil do dhaoine ina gcónaí faoin tuaithe. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí ag SLOT, d'oibrigh an LSP i gcomhar leis an ionad fóillíochta 'Supreme Fitness' ag Éire Óg chun gníomhaíochtaí a fhorbairt, lena n-áirítear pilates agus ióga. Cuireadh an clár chun cinn trí ghníomhaireachtaí lárnacha do dhaoine fásta níos sine agus grúpaí deonacha, dáileadh ríomhphost, meáin chlóite agus meáin shóisialta. Tugann an tábla seo achoimre ar na gníomhaíochtaí do dhaoine fásta níos sine a d'eagraigh CSA Cheatharlach in 2016:

| | Cláir do Dhaoine Fásta Níos Sine | Fad | Áit | Rannpháirtíocht |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | Zumba Gold Cheatharlach (SLOT) | 6 seachtaine | Naomh Lorcán Ua Tuathail | 31 |
| **2.** | Zumba Gold Tulaí | 6 seachtaine | Ionad paróiste agus Halla an Phobail | 14 |
| **3.** | Ióga | 6 seachtaine | Naomh Lorcán Ua Tuathail | 10 |
| **4.** | Pilates | 6 seachtaine | Naomh Lorcán Ua Tuathail & Éire Óg Supreme Fitness | 10 |
| **5.** | Cluichí 'Go for Life' | 19Bealtaine – 9Meitheamh | Naomh Lorcán Ua Tuathail | 25 |
| **6.** | Cluichí 'Go for Life' | 3Samhna – 1Nollaig | Naomh Lorcán Ua Tuathail | 25 |
| **7.** | Grúpa Shiúlóid na Gráige | Fós ar siúl | an Ghráig | 15 |
| **8.** | Grúpa Shiúlóid Bhalana/Ráth Chró | Fós ar siúl | Club Gaa Bhalana | 10 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Iomlán** | | | **135** |

**BUAICPHOINTE AN CHLÁIR DO DHAOINE FÁSTA NÍOS SINE- Cluichí 'Go for Life Games'Imeacht Réigiúnach**

Bhí na Cluichí 'Go for Life' ar siúl in IT Ceatharlach an 2 de mhí na Nollag i gcomhar le mic léinn Eolaíocht Spóirt sa cheathrú bliain, LSP Phort Láirge agus CSA Chill Chainnigh. Ghlac níos mó ná 70 páirt ann. Aschur amháin óngclár ná gur cruthaíodh nasc leis an IT i gcomhairtionscadail phobailbhunaithe atá dírithe ar chumsiúagus cuireadh é sin ar ábhar an chúrsa chun taithí oibre phraiticiúil a sholáthar.

**Aschuir an Chláir do Dhaoine Fásta Níos Sine**

Maidir le tionchar an chláir 'Fit over 50 2015', is féidir leis an LSP díriú ar na haschuir seo a leanas: Réimse deiseanna níos leithne so dhaoine fásta níos sine chun pairt a ghlacadh in aclaíocht; Méadú ar leibhéil rannpháirtithe sa chlár; Cur chun cinn comhoibrithe idir gníomhaireachtaí áitiúla, clubanna agus grúpaí pobail; eascaíodh grúpaí le faisnéis maidir le deiseanna maoinithe i gcomhair aclaíocht.

**SPRIOCGHRÚPA - MNÁ**

Ta maoiniú don chlár 'Women in Sport' dírithe ar chláir a sheoltar ag Boird Rialaithe Náisiúnta Spóirt agus Comhpháirtíochtaí Spórt Áitiúil mar ghníomhaireachtaí i gcomhair spórt agus aclaíocht don Chomhairle Náisiúnta Spórt. In 2016, chuir Gréasán na mBan Chontae Cheatharlach, i gcomhar le Talbot Hotel, clár snámha agus clár amháin spóirt raice i gcomhar le Carlow Lawn Tennis Club. Chomh maith leis an méid thuasluaite, thug an LSP tacaíocht d'oibrithe deonacha chun an clár 'Buggy Buddies' a chomhordú le thart ar 25 rannpáirtithe.

| | **Cláir Mhná i Spóirt** | **Áit** | **Rannpháirtithe** |
|---|---|---|---|
| **1.** | Clár Spóirt Raice | Club Leadóige Cheatharlach | 12 |
| **2.** | Clár Snámha | Óstán Talbot | 8 |
| | | | 20 |

***Barúlacha agus Tuairimí ó rannpháirtithe sna cláir Mhná i Spóirt:***

*'Ba bhreá liom dá mbeadh an clár níos faide'*
*'Táim beagnach in ann snámh, faoi dheireadh'*
*'Traenálaí den chéad scoth'*
*'An-bhuíoch as ucht an deis páirt a ghlacadh sa chúrsa'*
*'Spreag an teagascóir muinín sna rannpháirtithe'*

**SPRIOCGHRÚPA – FIR**

Maoiníonn Spórt Éireann an clár agus eagraíonn Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach é i gcomhar le Joe Dunny ón gcampa aclaíochta Fit2Go. Tá béim sa chlár ar fheasacht agus tuiscint a chruthú maidir le tábhacht aclaíochta agus na buntáistí sláinte, ní hamháin sláinte fisiciúil ach sláinte mheabhrach agus sláinte ghinearálta. Is clár aclaíochta fisiciúla é 'Now Move'

atá dírithe ar fhir fhásta chun iad a spreagadh a bheith aclaí, spraoi a bheith acu agus a gcuid leibhéal aclaíochta a fheabhsú.Is éard atá i gceist leis ná seisiúin corpacmhainne dhá uair sa tseachtain thar sé seachtaine. Stiúir teagascóir cáilithe na seisiúin chun freastal ar riachtanais gach duine agus chun treoir a thabhairt trí chlár a oireann do na rannpháirtí.

**SPRIOCSHUÍOMH – IONAD OIBRE**

**Clár um Aclaíocht san Ionad Oibr**

Mar fhreagra ar na hiarratais ó fhoireann Chomhairle Chontae Cheatharlach, d'fhorbair foireann ón gComhpháirtíocht Spórt Áitiúil dúshlán céime chun aclaíocht laethiúil a mhéadú. Shínigh 119 ball foirne ó Chomhairle Chontae Cheatharlach suas don dúshlán agus mhair sé sé seachtaine. An aidhm a bhí ag gach duine ná 10,000 céim a shiúil gach lá. Roinneadh na rannpháirtithe i bhfoirne agus bhí 13 fhoireann ag glacadh páirte sa dúshlán. Bhuaigh an fhoireann leis an méid is mó céimeanna sa tréimhse sé seachtaine.

**Tuairimí na Rannpháirtithe**

| |
|---|
| 'Thug sé ardú do mheanma na foirne' |
| 'Spreag sé me chun dul amach agus siúil agus a bheith lasmuigh den oifig ag am lóin' |
| 'Chuir sé feabhas ar mo shláinte mheabhrach agus fhisiciúil' |
| 'Iontach i gcomhair tógáil foirne agus idirghníomhaíochtaí dearfacha idir comhgleacaithe' |

**SPRIOCSHUÍOMH– AN POBAL**

**RTÉ Operation Transformation 2016**

Chuaigh Spórt Éireann i gcomhar le clár RTÉ 'Operation Transformation' in Eanáir 2016 chun aclaíocht a chur chun cinn do gach duine. D'eagraigh gach Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil sa ghréasán náisiúnta siúlóid phobail, ar tharla i gCeatharlach ag Ionad Baile agus Gairdín Choill na Rátha. Bhí thart ar 400 rannpháirtí ann. Bhí an tsiúlóid 5km ar fad.

**Seachtain na Rothar 2016**

Bhí Seachtain na Rothar 2016 ar siúl ón 11 go dtí an 19 de Mheitheamh agus i gCeatharlach, bhí sé an rathúil le nís mó ná 1200 páiste ann agus daoine fásta ón gContae ar fad ag glacadh páirte in imeachtaí eagraithe. Eagraíonn Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chomhairle Chontae Cheatharlach chomh maith le Comhairle Chonate Cheatharlach Seachtain na Rothar agus i mbliana, d'eagraigh 5 ghrúpa pobail agus 10 scoil imeachtaí i rith na seachtaine. Bhí imeacht ar siúl an 3 de Mheitheamh, 201 6mar chuid de Sheachtain na Rothar-Fun Family Cycle. D'fhreastail níos mó na 140 ar an ócáid seo a bhí dírithe ar pháistí 2-10 mbliana d'aois. Bhain rannpháirtithe taitneamh as rothaíocht easbhóthair, cúrsaí bacainní, tóraíocht taisce, ealaíona agus ceardaíochta, cluichí ar an bhfaiche agus i bhfad níos mó.





**Imeachtaí Fhéile Shiúlóide san Fhómhar i gCeatharlach, 2016**
Chuaigh an LSP i gcomhar le Turasóireacht Cheatharlach chun dhá 'C' shiúlóid/imeacht a fhorbairt agus a chomhordú don Fhéile Shiúlóide i mí Dheireadh Fhómhair i gCeatharlach, 2016:

a. **<u>IMEACHT 'TRAIL KIDS' I gCLAIS GHAINIMH</u>** – Eagraíodh imeacht le 'Trail Kids' agus d'fhreastail 12 leanbh air an 1 de mhí Dheireadh Fómhair. a scavenger event with 'Trail Kids' which 12 people attended on Saturday 1st October in Clashganny.
b. **<u>IMEACHT THORAÍOCHT TAISCE GEOCACHE DO THEAGHLAIGH I bPÁIRC NA DARACH</u>**- Eagraíodh Toraíocht Taisce 'Geocache' i bPáirc na Darach, a bhí ar siúl an 2 de mhí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail thart ar 300 air. Thug an FSS maoiniú don chlár.

**Parkrun Cheatharlach**
Chabhraigh an LSP le Parkrun Éireann chun rith páirce a bhunú i dTulach. Is cuideachta neamhbhrabúis é Parkrun a eagraíonn rití 5k amaithe seachtainiúla atá saor in aisce, le haon phobal a bhfuil rith uathu. Bíonn na rití ar siúl gach Satharn ag 9.30 sna páirceanna áitiúla agus dírítear iad ar dhaoine nach mbeadh féinmhúiníneach go leor chun dul isteach i rás traidisiúnta. Tá gné shóisialta an chomh maith ag gach imeacht- spreagtar na reathaí chun dul go café áitiúil i ndiaidh an imeachta. Cuireann oibrithe deonacha gach imeacht ar siúl agus earcaítear iad ó na rannpháirtithe. Tá thart ar 170 imeacht ar siúl go domhanda le thart ar 24,000 rannpháirtithe ag glacadh páirte ann gach seachtain. Féach ar <u>www.parkrun.com.</u> Earcaíodh grúpa d'oibrithe deonacha cheana féin.

**<u>SPRIOCGHRÚPA – AOS ÓG</u>**
**Deontas Caipitil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí óige um Mhaoiniú i gcomhair Spraoi agus Áineas**
Fuair Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach maoiniú de €17,000 faoin Scéim 'Cistiú Caipitil um Imirt agus Áineas' ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tógadh an Scéim isteach in 2013 chun tacaíocht a thabhairt d'áiseanna spraoi agus áineasa nua agus áiseanna atá ann do leanaí agus daoine óga. Fuair an LSP maoiniú chun suíomhanna buana treodóireachta, clár rothair uileghabhálaigh do leanaí 2-6 bliana d'aois agus clár gailf do bunscoileanna.
**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Oige–Lá Spraoi agusSeachtain an Áineasa 2016**
Tugann an DCYA deontas chun tacú le gníomhaíochtaí don tSeachtain Náisiúnta Áineasa (3 – 9 Iúil 2016) agus don Lá Náisiúnta Spraoi (Dé Domhnaigh 3 Iúil). Téama an imeachta ná ''Ag cuimhniú ar 1916'.
Iarratais a áiríonn gnéithe a dhíríonn ar 1916:

- **Seachtain an Áineasa – Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach**

Thug an LSP tacaíocht do Sheirbhísí Réigiúnacha Óige Cheatharlach le maoiniú chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a eagrú:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. | Dúshlán Tógála Foirne do Dhéagóirí: Go Quest | Thaistil daoine óga ó Cheatharlach go Baile Átha Cliath don ghníomhaíocht | €282 lena n-áirítear an ghníomhaíocht agus an bus | 13 dhéagóirí |
| 2. | Gníomhaíocht Uisce do Dhéagóirí i mBaile Átha Luain | Thaistil daoine óga ó Cheatharlach go Baile Átha Luain don ghníomhaíocht | €220 lena n-áirítear an ghníomhaíocht agus an bus | 11 déagóirí |

- **Imeacht 'Lá Spraoi' ar Bhóthar na Tulaí, Satharn 27 de Lúnasa– CCDP & CSA**

Thug an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Comhairle Chontae Cheatharlach maoiniú don imeacht 'Free Family Fun', agus d'eagraigh Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Contae Cheatharlach, Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Fhorbartha Contae Cheatharlach an t-imeacht. Tháinig i bhfad níos nó daoine ná mar a bhíomar ag súil leis, le 409 síniú ar anbhfoirm chláraithe. Ba é aidhm an tionscnaimh ná deis i gcomhair spraoi agus áineas a sholáthar do chónaitheoir Bhóthar na Tulaí agus chun spiroad pobal agus tógáil caidrimh a spreagadh idir cónaitheoirí, clubanna áitiúla, grúpaí agus oibrithe deonacha sa phobal. D'eagraigh Comhairle Chontae Cheatharlach glanadh suas de na heastáit roimh an imeacht agus chabhraigh Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óige Cheatharlach le cur chun cinn an imeachta agus earcú oibrithe deonacha. Bhí cónaitheoirí áitiúla bainteach le pleanáil agus cur i bhfeidhm an imeachta. Tá sé ar intinn againn go mbeidh sé ina imeacht bliaintiúil, de réir maoinithe.




*Grianghrafanna ó Lá Spraoi Bhóthar Tulaí, mí Lúnasa2016 – d'fhreastail níos mó ná 400 duine air*

**Cuspóir 2: Bonneagar atá Inbhuanaithe**

Príomhaidhm do na LSP ná go bhfuil leibhéal forbartha inbhuanaithe laistigh de bhonneagar spóirt áitiúil. Trasna an ngréasán, oibríonn na LSP le clubanna agus grúpaí chun a áirithiú go bhfuil struchtúr ann chun rannpháirtíocht gach ball pobail i réimse leathan spóirt nó aclaíochta a chur ar

chumas. Cabhraíonn oibrithe deonacha agus cóitseálaithe leis an timpeallacht inbhuanaithe seo, le deiseanna chun a scileanna a fheabhsú agus cáilíocht rannpháirtíocht spóirt ina bpobal a fheabhsú.

## Croílár Spóirt Phobail Áitiúil

Is grúpa é Croílár Spóirt Phobail Áitiúil de clubanna spóirt forásacha agus eagraíochtaí áitiúla eile/ páirtithe leasmhara atá ag iarraidh obair a dhéanamh lena chéile chun an spórt atá ar fail ina bpobail a fheabhsú. Beidh gach club ags eagraíocht sainiúil, caithfidh siad cloí le prionsabail áirithe, ámh, cosúil le rannpháirtíocht a mhéadú, an pobal áitiúil a thabhairt isteach, ceannaireacht áitiúil a chur chun cinn, cuir réimse leathan deiseanna spóirt ar fáil agus tabhair na páirtithe/ grúpaí /daoine ábhartha le chéile. Is iad Comhpháirtíochtaí Pobail gné lárnach an tionscadail. **Aithneofar riachtanais agus tarlóidh comhairliúchán ó bhonn.** Buneofar naisc straitéiseacha le gníomhaireachtaí áitiúla, clubanna spóirt, comhlachtaí tráchtála, grúpaí deonacha, chomh maith le bunscoileanna agus meánscoileanna. In 2016, d'oibrigh an LSP ar fhorbairt dhá chroílár spóirt phobail áitiúil:

a. Croílár Spóirt i bpobal Bhóthar Tulaí
b. Croílár Spóirt Uisce na Gráige

**Torthaí Beartaithe ón Tionscnaíocht CSPA:**

Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt; Clubanna Áitiúla; Gnólachtaí Áitiúla; srl. Is comhoibriú é an croílár spóirt de pháirtithe leasmhara atá tiomanta do chumacht spóirt agus aclaíochta a úsáid i gcomhair torthaí ar leith:

<table>
<tr><th>Aidhm</th><th>Spriocanna</th><th>Possible outcomes</th></tr>
<tr><td>Cosán a sholáthar</td><td>Níos mó deiseanna chun páirt a ghlacadh i spórt agus in aclaíocht<br>Áit ar féidir le réimse clubanna áitiúla spóirt comhoibriú<br>Áit fháilteach agus shabháilte chun páirt a ghlacadh in aclaíocht</td><td rowspan="3">Tá measúnú ag teastáil ar an taighde ar phróifil phobail.<br><br>Margaíocht agus gníomhaíochtaí fógraíochta, lena n-áirítear for-rochtain clubanna spóirt<br><br>Ceannaigh trealamh caipitil<br><br>Comhthionscnaíochtaí idir clubanna spóirt agus grúpaí aclaíocht áineasa a fhorbairt<br><br>Traenáil agus cúrsaí forbartha a chur ar fáil d'oibrithe deonacha spóirt</td></tr>
<tr><td>Daoine oilte</td><td>Traenáil agus forbairt daoine a chuireann le spórt</td></tr>
<tr><td>Grúpaí/ clubanna spóirt láidre</td><td>Clubanna spóirt/ eagraíochtaí féinchothaithe<br>Cur chuige imeasctha ó pháirtithe áitiúla<br>Timpeallacht shóisialta a spreagann baill an phobail<br>Clubanna áitiúla atá eagraithe agus nasctha<br>Rannpháirtíocht agus fíorcheannaireacht sa phobal</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **Áiseanna den chéad scoth** | Rochtain feabhsaithe do dhaoine áitiúla agus clubanna spóirt inacmhainne<br>Imeascadh le pleanáil áiseanna áitiúla agus cláreagrú | Rolladh amach comhchlub chun seisiúin 'taster' a chur ar fáil chun ballraíocht a mhéadú<br><br>Deiseanna spóirt a fhobairt agus a thriail |

**CLUB SPÓIRT & NGB WORK**

Tugann an LSP tacaíochtaí leithne do sholáthraí spóirt agus aclaíochta trasna an Chontae. Déanann an LSP obair le NGBs, clubanna spóirt, pobail agus daoine aonair chun deiseanna nua spóirt agus bealaí i gcomhair rannphháirtíocht in aclaíocht a thabhairt isteach. Thug an LSP tacaíocht do na clubanna agus NGBs thíos in 2016. Chabhraigh an LSP le 26 chlub spóirt le gníomhacíotaí forbartha tacaíochta i rith na bliana.

**SCOTH-LÚTHCHLEASAITHE**

**Sparánacht an Ambasadóir Spóirt i gcomhair Scoth-Lúthchleasaithe**

Is comhthionscnaíocht é Duais an Ambasadóra, Ceatharlach, idir Comhairle Chonate Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Cheatharlach chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do thallann ata ag teacht chun cinn. Is fiú €1,500 é an sparántacht. Is duais speisialta é, ámh, agus níl sé dírithe ar thacaíocht airgeadais amháin a thabhairt don luthchleasaí. Beidh an faighteoir mar ambasadóir do spórt i gCeatharlach, chun stíl mhaireachtála aclaí a chur chun cinn agus inspioráid a thabhairt do gach duine trína éachtaí féin. Is é seo an dara bliain den duais. Ba é Marcus Lawler an faighteoir anuraidh. Rinne fochoiste na Comhairle Contae measúnú cúramach ar na hiarratais a fuaireadh agus sheas na hiarrthóirí do réimse leathan spórt: luthchleasaíocht, peil Ghaelach, sacair agus karate, gan ach roinnt bheag acu a lua. Rinneadh bronnadh foirmiúil don fhaighteoir 2016 Molly Cott ag ócáid i seomra na Comhairle Contae dé Luain, an 15 de mhí na Feabhra. Ba é Príomhfheidhmeannach Spórt Éireann, John Treacy, an t-aoichainteoir. Go raibh maith agat as ucht gach duine a tháinig chun tacú leis. Bhí an t-aiseolas ó John Treacy, Molly Scoot agus an teaghlach iontach.



***Paul Scott, John Treacy, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Cheatharlach, Kathleen Holohan,Comhairleoirí Walter Lacey &Molly Scott, comh maith lena n-aíonna.***

**SPRIOCGHRÚPA – SCOILEANNA**

Tugann an LSP tacaíocht don tionscnaíocht 'Scoil Aclaí' ón Roinn Oideachas trí dheiseanna a chur ar fáil do mhúnteoirí chun a gcuid scileanna a fheabhsú, cláir rannpháirtíochta a fhorbairt dírithe ar scoileanna agus trí aird a tharraingt ar na deiseanna atá ar fáil trí NGBs. Tugtar an Bhratach i gcomhair Scoil Aclaí do scoileanna a dhéanann iarracht pobal scoile níos aclaí a chruthú. Aidhm an phróisis ná go mbeadh scoileanna níos aclaí, níos minice. Tosaíonn na scoileanna a bhfuil BSC uathu le féinmheastóireacht ar a sholáthar reatha thar trí réimse: Corpoideachas, Aclaíocht agus Comhpháirtíochtaí. Caithfidh go n-eagraíonn scoileanna clár um Sheachtain Aclaí na Scoile agus caithfidh siad gealltanas a dhéanamh go mbeidh sé mar chuid den fhéilire scoile bliantúla. Gheobhaidh na scoileanna, ar féidir leo 'tá' a rá leis na critéir BSC, leis am bratach aclaí. Ta an bhratach bhailí i gcomhair trí bliana. Ina dhiaidh sin, tabharfar cuireadh do na scoileanna chun iarratas a chur isteach arís. Is tionscnaíocht é an BSC ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus tugann Sláinte Éireann tacaíocht dó. Is liosta é seo de na cláir a chuir an LSP ar fáil do bhunscoileanna in 2016:

a. **Luthchleasaíocht Halla Spóirt**– Is clár comhpháirtíochta é seo idir an LSP agus Luthchleasaíocht Éireann a dhéanann iarracht leanaí sinsearacha i mbunscoileanna a thabhairt isteach i mbunluthchleasaíocht agus cothromaíocht aclaíochta, agus gníomhaíochtaí comhordaithe, ag baint úsáide as luthchleasaíocht sa halla spóirt. Is iad príomhghnéithe na chláir na ceardlanna oideachais do mhúinteoirí, sieiúin chóitseála ar shuíomhanna scoile agus comórtais réigiúnacha agus náisiúnta. Thacaigh Cumann Luthchleasaíocht Éireann (CLE) le hearcú 2 theagascóirí chun Luthchleasaíocht Halla Spóirt a chur ar fáil i mbunscoileanna i gCeatharlach. Tá 305 leanaí ag glacadh páirte i glcár 5 sheachtain in 2016.
b. **Clár Gailf do Bhunscoileanna**- Thacaigh se le Comhdháil Ghailf in Éirinn chun clár píolótach a phleanáil agus a fhorbairt nasctha le Club Gailf Cheatharlach. An sprioghrúpa ná daltaí scoile i rang a chúig agus rang a sé. Tabharfaidh an LSP tacaíocht don chlár trí threalamh a fháil, mar a chuir comhairle an CGI. Cuireadh an clár ar fáil do dhaltaí in 2016.
c. **Clár Dhúshlán Céime Programme**- Thacaigh sé le dha bhunscoil le trealamh agus bileog oibre chun dúshlán céime a eagrú, chun rannpháirtithe a spreagadh chun a bheith níos aclaí i rith an lae.
d. **Clár Rothar Cothromaíochta**– Cheannaigh sé 22 rothar cothromaíochta, maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige- Scim Deontais Caipitil le haghaidh Óige. Tá earcú agus traenáil teagascóirí ar siúl faoi láthair, ionas go mbeidh an LSP in ann Clár Rothar Cothromaíochta do leanaí réamhscoile agus naíonáin shóisir a sheoladh transa na tíre. Déanfar é sin i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí an Chontae.
e. **Seachtain Aclaí na Scoileanna 25 – 29 2016 –**Thacaigh sé le 8 bhunscoil aitiúil chun Seachtain Aclaí na Scoileanna a chur i gcrích. Fuair gach scoil traenáil Luthchleasaíocht Halla Spóirt ag costas €200 gach lá.

**CUSPÓIR 3: TRAENÁLA AGUS OIDEACHAIS A CHUR AR FÁIL**
**LSP Bi-annual Training Calendar**

Cuireann na LSP réimse deiseanna tábhachta ar fáil, cosúil le deiseanna scileanna agus traenála ag leibhéal áitiúil d'oibrithe deonacha, cóitseálaithe agus riarthóirí. Áirítear deiseanna traenála cosúil le Cosaint 1 Cúrsa feasachta faoi Leas Leanaí i Spóirt agus Cosaint 2 Ceardlann Oifigigh do Leanaí agus Garchabhair i Spórt. Tá an t-amchlár ar fáil ó oifig an LSP.

**Buaicphointe na traenála agus an oideachais – Cóitseáil Pobail le IT Cheatharlach**
Is tionscnaíocht é an clár idir LSP Cheatharlach agus IT Cheatharlach, agus cheadaigh agus thcaigh Spórt Éireann leis. Rinne 27 duine ancúrsa in 2016. Tá an cúrsa maoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin agus IT Cheatharlach. Tá na gnéithe cóitseála deimhnithe ag an IRFU, GAA, FAI agus Get Ireland Walking. Is féidir le sealbhóirí an teastais ag leibhéal 6 i gCóitseáil Spóirt sa Phobal fostaíocht a fháil mar chóitseálaithe, ceannairí aclaíochta nó mar réirteoirí agus leanann an cúrsa go breisoideachais. The programme is an initiative between Carlow Local Sports Partnership in conjunction with Institute of Technology Carlow and approved and supported by Sport Ireland, formally known as the Irish Sports Council. 27 people in total completed this course in 2016.

| | **LSP Clár Traenála 2016** | **Méid cúrsaí** | **Méid rannpháirtí** |
|---|---|---|---|
| **1.** | Cosaint 1 Cúrsa feasachta faoi Leas Leanaí i Spórt | 17 | 253 |
| **2.** | Cosaint Leanaí 2Cúrsa- Oifigeach Leanaí | 1 | 12 |
| **3.** | Garchabhair i Spórt | 2 | 16 |
| **4.** | Rec Leibhéal 3 | 1 | 8 |
| **5.** | Traenáil Chuimsiú Míchumais | 2 | 43 |
| **6.** | Cúrsa Cóitseála sa Phobal | 2 | 27 |
| **7.** | Ceannaire Spórt don Aos Óg | 1 | 23 |
| **8.** | Seimineár 'Out to Play' | 1 | 50 |
| | **Iomlán** | **27** | **432** |

**Traenáil do Dhaoine Óga maidir le Ceannaireacht i Spórt**

Fuair an LSP maoiniú ó Spórt Éireann agus ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun 4 chúrsa traenála do dhaoine óga maidir le Ceannaireacht i Spórt a eagrú agus a chur ar fáil. Tugann Duais Leibhéal 1 i gCeannaireacht Spóirt túsphointe den scoth d'fhoghlaimeoirí atá trí bliana déag d'aois agus níos sine ata ag iarraidh a scileanna ceannaireachta a fheabhsú, faoi mhaoirseacht teagascóra/meastóra nó duine fásta cáilithe. Ceapadh an siollabas chun scileanna búnasacha ceannaireachta a fheabhsú, gur féidir a úsáid i suíomhanna ginearálta spóirt/áineasa, agus cuireann na scileanna sin le forbairt phearsanta an fhoghlaimeora. Táimid ag obair ar 4 chúrsa traenála do dhaoine óga maidir le Ceannaireacht i Spórt, agus bheadh siad ar siad sa chéad agus sa dara ceathrú de 2016. Táimid ag obair ar na riachtanais riaracháin ón gcomhlacht comhordaithe – Ceannairí Spóirt sa Ríocht Aontaithe. Fuair an CSA Cheatharlach €5,000 don chlár seo. Cuireadh an clár ar fáil don Scoil Gairme in 2016agus cuirfear ar fáil é do trí scoil eile in 2017.

**Out to Play & Seimineár Thuiscint Aclaíochta**

D'fhreastail thart ar 50 cleachtóir 'early years' an seimineár 'Out to Play', a bhí ar siúl i bPáirc Fionnachtain Chaisleán an Chomair, dé Sathairn, an 14 de mhí na Bealtaine. Eagraíodh an chomhdháil chun comhaidhm na gcomhghníomhaireachtaí a chur i gcrích, is é sin cabhrú le leanaí

saolta níos aclaí a bheith acu. Ba chomhthionscnaíocht é idir Cill Chainnaigh agus Ceatharlach. Na comhghníomhaireachtaí: Comhpháirtíocht Spórt agus Áineas Chill Chainnigh, Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil Chontae Cheatharlach, Coiste Chúram Leanaí Cheatharlach agus Chill Chainnigh, agus FSS Cur Chun Cinn na Sláinte agus Feabhsuithe.

## CUSPÓIR 4: COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓRT ÁITIÚIL MAR CHROÍLÁR FAISNÉISE

Tugtar achoimre ar aschuir na ngnéithe chun Faisnéis agus Acmhainní a sholáthar thíos:

**Acmhainní a Dhéanamh agus a Scaipeadh**

| | 2015 |
|---|---|
| Méid leabhrán fisiciúil nó bileog fhaisnéise a rinneadh | 20 |
| Méid eolaire a rinneadh/ a uasdhátaíodh | 3 |
| Méid daoine/clubanna/grúpaí ar an liosta ríomhphoistl | 750 |
| Méid preasráiteas a eisíodh | 10 |
| Méid tuarascálacha bliantiúla a scaipeadh | 1 |
| Méid cur i láthair a tugadh | 24 |
| Iomlán | 808 |

**Úsáid na meán (lena n-áirítear na meáin shóisialta)**

| | Ceathrú 1 | Ceathrú 2 | Ceathrú 3 | Ceathrú 4 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Méid alt sa phreas áitiúil/raidió | | | | | 10 |
| Facebook: Méid postálacha | | | | | 300 |
| Facebook: Méid leantóirí | | | | | 2,000 |
| Twitter: Méid tvuíteanna | | | | | 3 |
| Twitter: Méid leantóirí | | | | | 25 |
| Twitter: Méid leantóirí | | | | | 40 |
| Iomlán | | | | | 2,378 |

**Prótacal i gcomhair Clubanna Spóirt maidir le hEachtraí Criticiúla**

Chomhthiomsaigh agus d'fhorbair fochoiste an LSP dréacht de prótacal i gcomhair clubanna spóirt maidir le h-eachtraí criticiúla. Beidh an prótacal seo ar fáil ar shuíomh idirlín nua an LSP nuair a buneofar é.

**Iniúchadh ar Chlubanna Spóirt**

Rinne LSP iniúchadh ar chlubanna spórt áitiúla, chun eolaire de chlubanna spórt a fhoilsiú. Thug 200 freagra ar an iniúchadh. Tá uasdhátú ar an bhfaisnéis sin an-tábhachtach i gcomhair cumarsáid éifeachtach.

**Iniúchadh ar na Deiseanna do Dhaoine atá faoi Mhíchumas**

Rinne an LSP iniúchadh ar na deiseanna do dhaoine atá faoi mhíchumas chun páirt ghlacadh in aclaíocht. Úsáidfear an fhaisnéis sin chun eagraíochtaí a sholathraíonn gníomhaíochtaí a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar na bearnaí:

**Feachtais**

Thacaigh an LSP leis na feachtais seo a leanas agus chuir sé chun cinn iad:

- Bike Week 2016
- European Week of Sport 2016
- Carlow Walking Festival 2016
- Pride of Place Barrow2016

**Líonrú, Comhpháirtíocht, & Comhoibriú**

Déantar ionadaíocht don LSP ar na coistí agus gréasáin áitiúla seo a leanas:

- Age Friendly
- Social Inclusion Forum
- Carlow Volunteer Centre BOM
- Carlow County Council Walking Forum

**Déantar ionadaíocht don LSP ar na gréasáin réigiúnacha agus náisiúnta seo a leanas:**

- LSP National Network - National Sports Policy Submission
- Local Sports Partnership South East Network
- Local Authority Play & Recreation Network



**Foireann Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil: Cathaoirleach, Carmel Lynch; Comhordaitheoir, Martha Jane Duggan; Riarthóir, Sandra Corrigan; &Oifigeach Forbartha Spórt Áitiúil, Louise Barry.**

# Na hEalaíona

In 2016, sheol Comhairle Chontae Cheatharlach a fís maidir le forbairt ealaíona áitiúla thar sé bliana trína Plean Forbartha Ealaíon Áitiúil 2016-2021. Sheol Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon é, Orla McBride, agus díríonn an plean ar na tosaíochtaí straitéiseacha don bhliain atá ag teacht. Tugann an plean soiléiriú ar thosaíochtaí Chomhairle Chontae Cheatharlach maidir lena hinfheistiú sna healaíona agus a straitéisí soiléire agus cinniúnacha. Tá trí phríomhchuspóir ag Comhairle Chontae Cheatharlach: croíthe trasna Ceatharlach a threoir, a chothú. Is gne lárnach den phlean é príomhról na Comhairle Contae i bhforbairt na n-ealaíon le 15 bliana anuas, agus é sin a chur in iúl, trína seirbhís amaitéarach 'Seirbhís Ealaíona'.

In 2016, eagraíodh ceardlanna chun achoimre a thabhairt ar na príomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí a luadh sa phlean. Is féidir níos mó faisnéise faoi na príomhchuspóirí i gcomhair 2016 a fháil sa Phlean Forbartha Ealaíon Áitiúil 2016 – 2021, atá ar fáil trí dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Ealaíon nó é a íoslódáil ó www.carlow.ie.








**Seoladh Phlean Forbartha Ealaíon Áitiúil i mí na Feabhra, 2016**

**Maoiniú na n-Ealaíon 2016**

**Maoiniú ón gComhairle Ealaíona i gcomhair soláthar ealaíon áitiúil in 2016:** Thug an Chomhairle Ealaíon €67,300 do Chomhairle Chontae Cheatharlach trína MaoiniúBliantiúi Ioncaim. D'infheistigh an Chomhairle Ealaíon **€852,269** sna healaíona in 2016.

Leanann Comhairle Chontae Cheatharlach ar aghaidh le hinfheistíochtaí suntasacha i bpríomhréimsí straitéiseacha, lena n-áirítear réimsí cosúil le VISUAL. Déanaimid infheistiú inár n-ealaíontóirí agus inár bpobail trí fhorbairt ghairmiúil, comhairle, tacaíocht agus tionscnaíochtaí do dhaoine óga sna healaíona cosúil le *Music Generation Carlow* agus Téatar Óige Cheatharlach. Ina theannta sin, thug Oifig na nEalaíon tacaíocht do roinnt buaicthionscnaíochtaí, cosúil leis an Oíche Chultúir a eagrú agus a chomhordú agus in 2016 bhí sé bainteach leis an gcomóradh céad bliain mar chuid de chlár choimisiún ealaíon Chomhairle Chontae Cheatharlach.

Chomh maith leis an Oifig Fiontair Áitiúil, déanann Comhairle Chontae Cheatharlach infheistíocht i bhFéilte cosúil le Féile Ealaíon Éigse Cheatharlach, an Fhéile Cheilteach Idirnáisiúnta, Féile na Scríbhneoireachta agus Smaointe i mBuiríos, Contae Cheatharlach agus roinnt féilte cultúir eile ar fud na tíre, a chuireann na healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta is fearr ós comhair an phobail, agus a mheallann turasóirí cultúir chun na tíre.

**1916 – 2016 Comóradhagus Ceiliúradh**

**Coimisiún Mhuine Bheag**

I mí Aibreáin 2016, tharla nochtadh an leachta chuimneacháin 1916 d'Athair Bibby agus Banaltra Kehoe i Muine Bheag tríd an gceantar bardasach Mhuine Bheag. D'fhreastail go leor daoine ar an ócáid agus bhí Banna Píob Cheatharlach ar cheann an mhórshiúil ó Chearnóg an Mhargaidh, Muine Bheag. Bhí searmanas nochta ag suíomh an leachta chuimneacháin, le haoichainteoir Dr. Maurice Manning. Rinne Oifig na nEalaíon bainistíocht ar phróiseas an choimisiúin do charraig ó Cheatharlach, Balana.

**Coimisiún Gloine Dháite**

Rinne Oifig na nEalaíon Chomairle Chonate Cheatharlach bainistíocht ar an bpróiseas coimisiúin do mhúrphictiúr gloine dhaite don chomóradh céad bliain 1916 agus chuir an t-ealaíontóir Peadar Lamb an múrphictiúr i Músaem Chontae Cheatharlach i mí na Bealtaine, 2016. Is saothar oidhreachta é, a dhéanann cuimhneachán ar ár stair, agus a dhíríonn ar an todhchaí. Léiríonn an saothar príomhphearsana Cheatharlach: Michael O'Hanrahan a cuireadh chun báis in 1916, pearsa tábhachtach san éirí amach. Cuirtear O'hanrahan in aghaidh an fhorógra, a théann thar íomhá de Bhanaltra Magaret Kehoe ar chaill a saol in Éirí Amach na Cásca, agus í ag tabhairt aire do na gonta i gCeardchumann Bhaile Átha Cliath. (Ba í an chéad shibialtach a maraíodh). Ar a deis, tá Athair Albert Bibby OFM CAP, Muine Bheag, a d'fhreastail ar phríosúnaighreibiliúnacha agus a dteaghlaigh. Tá Thomas Trayno, Muine Bheag, a maraíodh in 1921, timpeallaithe ag a 10 páistí. Ós comhair Traynor ta 15 philéar, a dhéanann ionadaíocht do na 15 a maraíodh ag scuád lamhaigh in 1916.

Cuireadh an saothar sin ar ghearrliosta do Dhuaiseanna Chomhlachas Éireann, Rialtas Áitiúil2016faoin gcatagóir 'Comóradh agus Ceiliúradh 1916 le linn Sheachtain Dhúchais de mí Lúnasa'. Bhí Peadar Lamb i gcomhrá le Príomhstaraí agus Coiméadaí Ealaíon Éireann, Catherine Marshall, ag imeacht poiblí i gCeatharlach. Eagraíodh an t-imeacht le hOifig na nEalaíon Chomhairle Chontae Cheatharlach.

**Scéalta 1916**. **'The Seeds Were Well Planted'**




*Nochtadh an choimisiún gloine dhaite i Músaem Chontae Cheatharlach i mí na Bealtaine 2016, le healaíontóir Peadar Lamb (duine sa lár ag bun an staighre) chomh maith le Cathaoirleach, Comhairleoir John Murphy, Méara cheantar bardasach Cheatharlach Comhairleoir Fintan Phelan, foireann Chomhairle Chontae Cheatharlach, Bord agus foireann Mhúsaeim Chontae Cheatharlach agus coiméadaí agus Príomhstaraí Ealaíon in Éirinn, Catherine Marshall.*

**Scéalta 1916**. **'The Seeds Were Well Planted'**



Choimisiúnaigh Oifig na nEalaíon Chomhairle Chontae an tionscadal 1916 seo le healaíontóir Michael Fortune, agus rinneadh taighde áitiúil air i rith na bliana cuimhneacháin. Le bailchríoch a chur ar an tionscadal, bhí Ceolchoirm, Seimineár, Turas agus Leiriú i Halla Ráth Ana, Ráth Ana, Contae Cheatharlach ar an 31 de mhí na Nollaig 2016. Rinne an t-imeacht Oíche Chinn Bliana iniúchadh ar an tréimhse roimh agus i ndiaidh Éirí Amach na Cásca 1916 ó pheirspictíocht Cheatharlach agus rinne sé cuimhneachán agus ceiliúradh ar na daoine, scéalta, amhráin ón tréimhse sin. Bhí cainteanna poiblí, sleachta, turais agus léirithe mar chuid den imeacht lae, agus bhí ceolchoirm de cheol agus amhráin thraidisiúnta, le hamhránaithe ón Tionscadal Amhráin 1916 agus Páistí na Réabhlóide.

Chun breathnú ar an mionch agus taighde, le do thoil tabhair cuairt  ar :www.storiesof1916.com nó facebook.com/1916StoriesfromCarlow



**Téatair Óige Cheatharlach: Coimisiún 'HowTo Live' mar chuid den chomóradh céad bliain**




Ba é buaicphointe fhéilire Téatair Óige Cheatharlach ná léiriúchán an dráma *How to* Live, a forbraíodh trí chomráite agus ceardlanna le daoine óga Cheatharlach, lena gcuid smaointí faoi conas gach rud a oibriú amach in Éirinn chomhaimseartha. Scríobh Eimear Cheasty an dráma (ceannaire Téatair Óige/teagascóir) agus stiúir Liam Halligan é, aisteoir agus stiúrthóir a bhfuil ardmheas air. Thug Comhairle Chontae Cheatharlach agus an Chomhairle Ealaíon don tionscadal tríd an Scéim 'Ensemble' Óige agus i gcomhar le VISUAL. Cuireadh an dráma ar an stáitse den chéad uair i mí mheán Fómhair agus bhí níos mó ná 300 duine sa lucht féachana.

**<u>Ealaíontóirí agus Deontais Phobail</u>**

Ceadaíonn Acht na n-Ealaíon d'údarás áitiúil chun cúnamh airgid a chur ar fáil chun suim an phobail sna healaíona a spreagadh, faisnéis, tuiscint agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn, nó caighdeáin sna healaíon a fheabhsú. San Acht, ciallaíonn an frása 'na healaíona' léiriú cruthaitheach nó léirmhínitheach (traidisiúnta nó comhaimseartha), in aon fhoirm, lena n-áirítear na hamharc-ealaíona, drámaíocht, litríocht, ceol, damhsa, ceoldráma, scannánaíocht, sorcas agus ailtireacht. Tá dhá chatagóir ann do na deontais seo: ceann amháin d'ealaíontóirí aonair atá ina gcónaí i gCeatharlach nó is as Ceatharlach dóibh chun cabhrú leo tabhairt faoina n-ealaíon agus é a fhorbairt laistigh den disciplín.

Buiséad Iomlán 2016 Leithdháileadh Deontais na nEalaíontóirí: €14,000.17 Fuaireadh iarratais i gcomhair €27,862.05 san iomlán. I ndiaidh mheasúnú an phainéil sheachtraigh, bronnadh 12 deontas d'ealaíontóirí aonair ar fud an Chontae.

Tá an dara scéim deontais ar fáil d'eagraíochtaí nó pobail atá ag iarraidh tabhairt faoi ghníomhaíocht nó tionscadal a bhaineann le healaín. Fuair 16 eagraíocht phobail agus grúpa maoiniú in 2016, lena n-áirítear: Aspiro; Péintéirí Ghleann na Barú; Cumann Scannánaíochta an Staighre Dhuibh, Gairmscoil Bhuiríos; Coláiste Ceoil Cheatharlach; Cumann na Amharclainne Bige Cheatharlach; Cumann Grianghrafadóireachta Cheatharlach; Banna Píob Cheatharlach; Comharchumainn Scríbhneoirí Cheatharlach; Gréasán na mBan Chontae Cheatharlach, CRYS, Grúpa Skits; Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann; Myshall Muintintir na Tíre; Striking Productions; agusBanna Scoil Presentation.  Fuaireadh iarratais i gcomhair €40,827.50 san iomlánagus buiséad de €22,000 ar fáil agus tugadh é in 2016.



*Banna Píob Cheatharlach, ceann amháin de na faighteoirí Deontais Acht na nEalaíontóirí, 2016.*

**Clár Téatair Óige Cheatharlach**



Is tionscnaíocht é **Téatar Óige Chontae Cheatharlach** agus déanann Oifig na nEalaíon Chomhairle Chontae Cheatharlach bainistíocht air ó 2000. In 2016, bogadh é go VISUAl ionas go mbeadh rochtain ag daoine óga ar théatar óige, le rochtain ar an amharclann, an t-oifig, agus ar an gclár ealaíonta. Is tionscnaíocht fadtéarmach é Amharclannaíocht do Dhaoine Óga um Fhorbairt Ealaíon Óige agus ta sé bainteach le Seirbhís Réigiúnach do Dhaoine Óga Contae Cheatharlach.

Thosaigh an bhliain nua don amharclann le sceideal lán. Bhí ceardlanna ar siúl, lena n-áirítear clár do 11-14 bhliana déag d'aois, agus 15-19 mbliana déag d'aois. Tá Téatar Óige Chontae Cheatharlach oscailte do dhaoine óga ar fud na tíre agus cuireann sé fáilte roimh gach duine óg, beag beann ar chúlra nó taithí. Is iad Sile Penkert and Eimear Cheaty háisitheoirí.



*Roinnt Baill de Théatar Óige Chontae Cheatharlach*



***Music Generation Carlow***

Leanann Music Generation Carlow ar aghaidh le hoideachas ceoil a athrú i gCeatharlach, agus tugann sé tacaíocht do níos mó ná 5,500 duine óg atá ag glacadh páirte **go seachtainiúil** i gcláir cheoil, do scoileanna agus pobail ar fud na tíre. Téann siad i dteagmháil le 32 cheoltóirí chun obair a dhéanamh ar fud na tíre. **Seasann sé seo don chomhpháirtíocht oideachas ceoil is mó sa tír.**

Tá an Comhordaitheoir Paula Phelan i gceannas ar *Music Generation Carlow*, atá lonnaithe sa Bhord Traenála Oideachais Chill Channaigh Cheatharlach, príomhpháirtí *Music Generation Carlow* agus tugann Comhairle Chontae Cheatharlach maoiniú agus tacaíocht dó.

In 2016, ba é Scoil Náisiúnta Bhaile na mBreatnach an chéad scoil 'Music Rich' i gCeatharlach le nochtach leac 'Music Rich- Music Generation' i bhforhalla na scoile. Ina dhiaidh sin, rinne cór na scoile léiriú spreagúil, le Glúnta Ceoil Aideen Byrne á stiúradh.

Tharla Féile Cheoil Traidisiúnta Stua Laighean i nGairmscoil Bhuiríos i mí na Feabhra 2016. Tháinig grúpaí ó áiteanna éagsúla timpeall na tíre, lena n-áirítear Ceatharlach, Laoise, Cill Mhantáin, Sligeach agus Baile Átha Cliath. Bhí dhá phríomhcheolchoirm, ceardlanna agus seisiúin do cheoltóirí óga ó thimpeall na tíre.

D'eagraigh *Muisc Generation Carlow* a chéad fhéile do pháistí – CURISO a tharla i mí an Mhárta agus a bhí díolta amach. Bhí trí phríomhimeacht a bhí dírithe ar aoisghrúpaí óga (3-5 bliana d'aois). Tharla sé i club GAA Thigh an Réileáin, Halla Paróiste Thigh an Réileáin agus Scoil Mhuire gan Smal BS.

Ghlac daltaí gairmscoile Bhuiríos páirt satsaothar corúil coimisiúnaithe is mó, 'Nations Voice', a tharla an Domhnach Cásca i nDún Uí Choileáin i mBaile Átha Cliath mar chuid den chomóradh céad bliain.

Sheol *Music Generation* tionscnaíocht nua, darb ainm 'Rock School' do dhaoine óga 13-18 mbliana déag d'aois, a bhfuil spéis acu i scríobh amhrán, taifeadadh, forbairt bannaí agus an tionscal ceoil. Ta an deis iontach seo i gcomhar le MG Cheatharlach ag 'Rock School' sa Vault, Sráid Bhoirne, Ceartharlach, i gcomhar le CRYS.

Le linn an tsamhraidh, reachtáil *Music Generation Carlow* an tionscadal 'Carlow Young Creatives' anseo i gCeatharlach, áisithe ag Wall2Wall music, agus is clár spreagúil é. Ní hamháin gur sheinn ceann de na 5 bhannaí a cheol beo ar raidio áitiúil, ach tharla éisiúint oifigiúil de na traiceanna agus físeáin ar líne agus ar fhóraim meáin shóisialta.

**<u>Sheinn Ambasadóirí Óga ó Cheatharlach leis an Edge, ó U2 ag an tSéipéal Sistíneach</u>**

Chuaigh cór de sheachtar Ambasadóirí Óga 'Music Generation', lena n-áirítear ceathrar amhránaithe óga ó Cheatharlach, le giotáraí U2 'The Edge' chun stair a dhéanamh nuair a sheinn siad beo sa tSéipéal Sistíneach sa Róimh, De Sathairn, 30 de mhí Aibreáin, mar chuid de chomhdhail ar mhíochaine athghiniúnach, *Cellular Horizons*. Abbie Kelly (aois 13, Sráth Bó), Cillian Dooley (aois 16, Ceatharlach), Katie Brennan (aois 14, Baile Pholaird) agus Joe Jennings (aois 15, an Urnaí) chomh maith le hamránaithe óga ó Mhaigh Eo agus Cathair Chorcaí don ócáid thábhachtach - ba é an chéad taispeántas le healaíontóir comhaimseartha sa Vatacáin. Imeachtaí eile Music Generation Carlow: Seachtain na bhFliúiteanna Sasanacha, Trialacha Damhsa, 7 gCeolchoirm Ghuthach agus an Cheolchoirm Chéiliúrtha a tharla i mí na Bealtaine chomh maith leis na Ceolchoirmeacha Céiliúrtha, a thug deis do rannpháirtithe a gcuid tallan a thaispeáint thar dhá oíche dhraíochtúil taispeántaisó ambasadóirí óga ceolmhara ó Chontae Cheatharlach.

**<u>Cás Cheatharlach–Taispeántais Guthacha Encore!</u>**

Imeacht seachtaine do scoileanna ata bainteacht leis an gClár Guthach 'Music Generation Carlow'. Ghlac thart ar 1,200 páiste ó Chontae Cheatharlach san imeacht a bhí ar siúl i mí na Bealtaine 2016.



**<u>Oíche Chultúir Cheatharlach</u>**

Tharla Oíche Chultúir Cheatharlach i mí mheán Fómhair in 2016. Bhí Oifig na nEalaíon Chontae Cheatharlach i gceannas uirthi. Reachtáil Oíche Chultúir Cheatharlach Slí Chultúir lan le himeachtaí inrochtana, saor in aisce, agus a bhí oiriúnach do theaghlaigh. Cheap ealaíontóirí áitiúla, grúpaí ceoil agus cultúir agus pobail na himeachtaí a bhí ar siúl i spasanna poiblí agus i gclubanna. Is é an buntuiscint taobh thiar den Oíche Chultúir na deis a thabhairt do dhaoine triail a bhaint as foirmeacha éagsúla cultúir, cultúir b'fhéidir nach mbeadh suim acu ann de ghnáth. Is meabhrú é de na cultúir atá timpeall orainn, ar leac an dorais, gach la agus oíche sa bhliain.
Bhí 14 imeacht pleanáilte d'Oíche Chultúir Cheatharlach 2o16, ar mheall 860 cuairteoir chuig 8 n-ionad, lena n-áirítear Leabharlann Cheatharlach, Músaem Cheatharlach,
Fourteen events were programmed for Culture Night Carlow 2016, which attracted 860 visitors to the eight venues involved including Carlow Library and County Museum, Coláiste Phádraig, Ceatharlach, Féile Ealaíon Éigse Cheatharlach, VISUAL, IT Cheatharlach, Club Gleacaíochta Cheatharlach agus an seanhalla Baile.

Is ócáid bhliantiúil é an Oíche Chultúir a bhíonn ar siúl ar fud an oileáin, agus déanann sé ceiliúradh ar chultúr, cruthaitheacht agus na hEalaíona. Ar Oíche Chultúir, cuireann eagraíochtaí ealaíon agus cultúrtha agus roinnt ionad síneadh ama lena n-uaireanta oscailte chun rochtain méadaithe a chur ar fáil don phobal. Ta imeachtaí agus ceardlanna sainiúla agus speisialta pleanáilte in áiteanna ata ag glacadh páirte ann agus ta gach rud saor in aisce.




**<u>The Dresser Project</u>** le hEalaíontóir Michael Fortune

Mar chuid de Fhéile na Bealtaine i mí na Bealtaine 2016, bhí an tionscadal seo i mbéal an phobail. Rinne Oifig na nEalaíon bainistíocht air. I dtosach, bhí an saothar bainteach le Ceatharlach, Maigh Eo, Port Láirge agus Tiobraid Árann. Thaistil Michael timpeall gach contae, ag taifeadadh drisiúr Éireannach trí ghrianghrafadóireacht, scannánaíocht agus scéalta. Cuireadh glaoch poiblí amach trasna na tíre in 2016. Thug an t-ealaíontóir cuairt ar shraith tithe timpeall an cheantar Tulaí agus tháinig sé ar dhrisiúr ar leith. Is cosúil go ndearnadh an drisiúr sa bhaile sna 1920s. Rinne athair Catherine Brennan drisiúr amháin in 29129, agus tá beannacht air: ‘God Bless Our Home.’ D’inis Carmel do Mhichael gur séad fine é an drisiúr agus ‘how it plays a central role in the lives of her relatives and friends’. Tugadh an drisiúr abhaile le ‘ass and cart from Tullow’, achar 4 mhíle, agus tá sé sa teach ó shin. (Féach thíos.) Tógadh deich drisiúr ó Chontae Cheatharlach le chéile i gcomhair imeacht agus taispeántas i gCeanncheathrú Leabharlann an Chontae, Ceatharlach.




Ta tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.thedresserproject.ie






**Creat i gcomhair Comhoibriú - Tionscnaíocht Chomhpháirtíochta nua idir na hÚdaráis Áitiúla agus an Chomhairle Ealaíon**

In 2016, thug an Chomhairle Ealaíon cuireadh d'údaráis áitiúla chun cur isteach ar scéim nua- Cuireadh chun Comhoibriú. Fuaireadh 19 n-iarratas go náisiúnta ag na hOifigigh Ealaíon agus ba é Oifig na nEalaíon Chomhairle Chontae Cheatharlach údarás amháin as sé húdarás chun €71,000 i maoiniú a fháil i gcomhair tionscadal ar leith lonnaithe i mBóthar Tulaí, Ceatharlach. (An méid is mó a bhí ar fáil ná €75,000 agus fuair Ceatharlach an duais is airde.)

I mí Mheán Fómhair, chuaigh Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach, Comhairleoir John Murphy, foireann Oifig na nEalaíon agus Earnáil Phobail Chomhairle Chontae Cheatharlach, foireann Comhpháirtíocht Fhorbartha Chontae Cheatharlach agus Ionadaithe Pobail ón gceantar Bhóthar Tulaí agus Stiúrthóir 'Take a Part UK' chuig an gComhairle Ealaíon i mBaile Átha Cliath don seoladh oifigiúil de tionscadal '**Take a Part Carlow'** leis an Aire Ealaíon, Heather Humphreys TD.



Is tionscadal é *Take a Part Carlow*a chur Oifig na nEalaíon tús leis, chun na baic timpeall na n-ealaíon a bhriseadh síos agus chun léiriú gur uirlis iad na healaíona chun pobail áitiúla a athrú ó bhonn, deiseanna i gcomhair malartuithe, rannpháirtíocht agus rochtain maidir le cinntí a bhaineann lena bpobail áitiúla a chruthú. Thar 18 mí, rachaidh *Take a Part Carlow* i dteagmhail e daoine óga agus daoine níos sine sa cheantar Bhóthar Tulaí, trí ghníomhaireachtaí atá ag obair ann, lena n-áirítear Seirbhísí Réigíunacha Óige agus Comhpháirtíocht Fhorbartha Chontae Cheatharlach.

Trí obair a rinneadh in 2016, bunaíodh Grúpa Gníomhaíochtaí do na hEalaíona chun obair ar leith a dhéanamh ar an tionscadal seo, déantas as ionadaithe pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla. Is é aidhm an ghrúpa seo ná maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas coimisiúin de 4 shaothar ealaíne coimisiúnaithe sa phobal áitiúil, a mbíonn an lucht féachana páirteach inti.

**<u>Clár Scríbhneora Cónaithe, Ceatharlach</u>**



In 2016, chuir Oifig na nEalaíon, i gcomhar le Seirbhísí Leabharlainne Chonate Cheatharlach, tús agus thug tacaíocht do chlár nua- Scríbhneoirí Cónaithe. Tar éis glaoigh oscailte, bronnadh cead cónaithe don scríbhneoir John MacKenna, an tríú cead cónaithe. Ta an tionscnaíocht seo saor in aisce agus oscailte do scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn ó Cheatharlach a bhfuil spéis acu i scríbhneoireacht nó ina gcuid scéalta a insint.

In 2016, tharla sraith ceardlann i leabharlanna Cheatharlach, Mhuine Bheag, Bhuiríos agus Tulaí. Bhuail scríbhneoirí lena chéile trathnóna Dé Mairt agus Dé Sathairn agus bunaíodh trí ghrúpa déantas as 50 ball. Chuir a grúpa scríbhneorí sleachta poiblí ar siúl mar imeacht imeallach i rith Fhéile Ealaíon Éigse Cheatharlach – i mí an Mheithimh agus ghlac siad páirt in 'Penfest' i mí Mheán Fómhair i Leabharlann Cheatharlach, chomh maith le roinnt sleachta. Rinne John MacKenna meantóireacht ar gach údar a bhí ag glacadh páirte ann.

**Artlinks**

Is comhpháirtíocht é ArtLinks idir na ceithre Oifig Údaráis Áitiúil i gCeatharlach, i gCill Chainnigh, i bPort Láirge agus i Loch Garman. Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht don Chomhpháirtíocht. Cuireann ArtLinks deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil agus tacaíonn sé le healaíontóirí socraithe agus ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, ata ina gcónaí sna ceantair údarás áitiúla sa a luadh san oirdheisceart. In 2016, tugadh taíocht agus rinneadh meantóireacht ar 14 ealaíontóir áitiúil ar fud na tíre, lena n-áirítear Enda Bowe, Rennie Beunting, Janice de Broithe, Joe Campbell, Deirdre Parkes, Caroline Cunningham, Gillian Daly, an Grúpa Pure Thinking, Ceantar Bardasach Cheatharlach agus Nuala Dalton, Orla Ryan, Emma Martin, Liam O'Neill, Helen Robbins, Angela Keogh, Ceantar BardasachMhuine Bheag.

**Féile Ealaíon Éigse Cheatharlach i gcomhar le Comhairle Chontae Cheatharlach**
**Obair ar an Láthair**

Sa Phlean Forbartha Ealaíon Áitiúil, is é an príomhchuspóir ná deiseanna d'ealaíontóirí agus do phobail a mhéadú chun páirt a ghlacadh sna healaíona chomh maith le deiseanna coimisiúin d'ealaíontóirí a mhéadú.

Is tionscnaíocht nua é Site Works idir Féile Ealaíon Éigse Cheatharlach agus Oifig na nEalaíon Cheatharlach, a dhéanann maoirseacht ar choimisiúin shealadacha shuíomhoiriúnaithei gCeatharlach i rith na Féile i mí an Mheithimh.http://carlowartsfestival.com/siteworks

In 2016, tugadh trí choimisiún do thriúr ealaíontóirí. Chuir Steven Maher 'Follow me up to Carlow' i lathair ag Caisleán Cheatharlach, dealbh sealadach cinéiteach le tarracóir agus píoba! Bhí 'Banner' an ealaíontóra Angela Fulcher suite i bhfearann na ngairdíní ceilte Choláiste Cheatharlach agus i dTéater. Chuir Téater Lottering saothar sealadach suíomhoiriúnaithe, Truffaut's Code, i láthair ag DolmainChnoc an Bhrúnaigh i gCeatharlach. Bhí sé bunaithe ar an scannán Close Encounters of the Third Kind.

**VISUAL**

D'infheistigh Comhairle Chontae Cheatharlach €585,000 in VISUAL agus leanann an Chomhairle ar aghaidh le tús áite a thabhairt do VISUAL Cheatharlach mar acmhainn cultúrtha suntasach do Cheartharlach agus don réigiún. Cothaíonn VISUAL feabhas ealaíonta trí roinntclár i spásanna gailearaí agus téatair. Oibríonn VISUAL i gcomhar le hearnáil leathan, lena n-áirítear oideachas, gnó, turasóireacht agustá VISUAL bródúil as an tionchar ata ag ean eagraíocht. Is croílár suntasach cultúrtha é VISUAL san oirdheisceart. Cuireann sé ealaíontóirí suntasacha áitiúila, náisiúnta agus

idirnáisiúnta i láthair. In 2016, mhéadaigh VISUAL lucht féachana, chuir sé tús le forbairt straitéiseach chun an chéad phlean straitéiseach a fhoilsiú in 2017, agus d'fhorbair sé Polasaí Rannpháirtíochta, a thugann creat i gcomhair rochtain agus rannpháirtíocht in VISUAL do roinnt lucht féachana, le béim ar rannpháirtíocht áitiúil le pobail éagsúla.

In 2016, mhéadaigh an méid cuairteoirí ar VISUAL. Tháinig méadú 7% ar chuairteorí chuig an ngailearaí ó 2015. Chuir freastal ó chíos corporáideach leis an méid cuairteoirí ar an amharclann in 2016 le 1675, le **28,237** ann san iomlán. Nuair a chuirtear é sin le cuairteorí ar an ngailearaí, is é **65,757** an méid iomlán in 2016.

Tá tionchar suntasach ag VISUAL ar an ngeilleagar aitiúil, mar go bhfanann formhór an mhaoinithe ón Údarás Áitiúil sa gheilleagar áitiúil le seirbhísí áitiúila, soláthair agus pá. Ina theannta sin, fostaíonn Bialann Lennon 18 mball foirne, agus baineann siad úsáid as roinnt soláthar agus seirbhísí áitiúla. Bíonn thart ar 350 leaba ag teastáil ó thaibheoirí, foirne, ealaíontóirí, teicneoirí agus giollaí stáitse a thagann ar cuairt le linn na bliana. Tharraing VISUAL lucht féachana de bheagnach 66,000 in 2016, agus mar thoradh bhí caiteachas breise ar earraí, seirbhísí agus loistín sa cheantar.

Sa tsuirbhé ar lucht feachana ár ngailearaithe, bhí 41% de na cuairteoirí ó bhaile nó ó chontae Cheatharlach, bhí 45% ó áiteanna eile i Laighin, bhí 3% ó Éirinn go ghinearálta agus 11% ó thar lear. Maidir leis na cuairteorí sin, bhí 20% ag fanacht thar oíche i gCeatharlach, ag cur le caiteachas breise arís.

I gcomhair tuilleadh faisnéise, le do thoil tabhairt cuairt ar www.visualcarlow.ie





*Ceann amháin de roinnt gníomhaíochtaí a spreagann rannpháirtíocht in VISUAL in 2016.*

# Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach Tuarascáil Bhliantúil 2016

Leabharlann Chontae Ceatharlach
Carlow County Library




**<u>Réamhrá:</u>**

Is áit ríthabhacthach é Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Cheatharlach, ina dtugann daoine idir óg agus aosta faoi eolas, faisnéis agus taitneamh. Cuireann leabharlanna i gCeatharlach seirbhís ar fáil a bhfuil an-éileamh air, le rochtain neamhchlaonta, nach bhfuil a leithéid eile ann, ar eolas, faisnéis cruthaitheacht agus cultúr. Bhí an-éileamh ar Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Cheatharlach arís in 2016.

Tá ceithre bhrainse leabharlainne ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach, sna ceantair


Baile Cheatharlach, Buiríos, Tulach agus Muine Bheag. D'fhan na huaireanta oscailte ag 124 in aghaidh na seachtaine, lena n-áirítear óicheanta déanacha agus oscailt Dé Sathairn. Tugann ranna riaracháin cheathrúcheann na leabharlainne tacaíocht do na brainsí leabharlainne (oibríonn an tseribhís staidéir áitiúil agus an tseirbhís ginealais ann chomh maith.) Bíonn an tSeirbhís Staidéir Áitiúil oscailte don phobal 35 uair sa tseachtain. Bíonn Ginealeolaí tiomanta ar fáil trí choinne dhá lá sa tseachtain, i gcomhar le *Irish Family History Foundation*.

Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach go comhoibríoch le réimse eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta, a chabhraíonn leis an leabharlann é féin a chur chun cinn mar spás lárnach don phobal. In 2016, lean an tSeirbhís Leabharlainne ar aghaidh leis an gcur chuige comhoibríoch sin le cinntiú gur spás sóisialta agus ilghnéitheach é an leabharlann do gach duine.

**Cnuasach na Leabharlainne:**

Faoi láthair, tá níos mó na 170,000 earra i Cnuasach na Leabharlainne. Cintíonn infheistíocht bhliantiúil rialta go bhfuil an cnuasach ábhartha do riachtanais na n-úsáideorí. Eisíodh 189,668 earra in 2016, a léiríonn go bhfuil an cnuasach riachtanach.

Baineann go leor daoine tairbhe as infheistíocht i gcnuasaigh ar leith agus ligeann an infheistíocht sin don tseirbhís díriú ar dhaoine ar leith agus úsáid na leabharlann a spreagadh agus a mhéadú. In 2016, bhí níos mó infheistíochta sna chnuasaigh *Work Matters* agus*Mind Matters*chomh maith le ceannachán stoic dírithe ar ábhar Éireannach. Lig maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil do cheannachán chnuasach leabhar faoi Éirí amach na Cásca 1916, chomh maith le comhad fuaime *Irish Life and Lore- Heritage Collection.*




## Membership

Total Membership:

**13,829**


28% increase on 2015




## Visits & Loans



190,219 visits to our libraries



Carlow - 129,412
Tullow - 34,636
Muinebheag - 20,841
Borris - 4,779

**189,668**

Items Borrowed:

<u>Imeachtaí agus Cláreagrú:</u>

**Imeachtaí Bliantiúla Liteartha agus Leabharlainne**

- Bhí cúig imeacht ar siúl don ‘Harry Potter Day’ i mí na Feabhra, le 198 bpáiste agus ndéagóir ag glacadh páirte ann ar fud na tíre.
- Sheol buaiteoir na duaise Hennessy, Simon Lewis, a chnuasach filíochta *Jewtown* i Leabharlann Cheatharlach Dé hAoine, 27 de mhí na Bealtaine.
- Bhí an ‘Summer Stars Reading Challenge’ ar siúl ar leaibhéal náisiúnta in 2016 le leabharlanna ar fud na tíre ag glacadh páirte ann. Ghlac 872 páiste páirt ann agus fuarthas níos mó ná 17,000 leabahr do pháistí ar iasacht i mí Iúil agus i mí Lúnasa.
- Eagraíodh sraith ceardlann ceardaíochta do pháistí i Leabharlann Cheatharlach i mí Iúil le 46 duine ag glacadh páirte ann.
- Reactáladh ‘Pen Fest ’16’ i Leabharlann Cheatharlach arís thar deireadh seachtaine, 9-11 de mhí Mheán Fómhair. Tá an Féile Scríbhneoireachta Cruthaitheachta dírithe ar thosaitheoiríagus rinne se ceiliúradh ar an séú bhliain den fhéile. Bhí cláir ann do dhaoine

fásta, daoine óga agus do pháistí. Seoladh an deireadh seachtaine le sliocht speisialta le grúpaí scríbhneoirí nua, a bhí ag obair ó mhí na Feabhra leis an Scríbhneoir Cónaithe, John MacKenna, agus bhí deireadh seachtaine lán le ceardlanna le scríbhneoirí agus áisitheoirí Anthony Glavin, John MacKenna, Dave Lordan, Pauric Brennan agus Caroline Busher. San iomlán, ghlac níos mó ná 120 scríbhneoir nua páirt (saor in aisce) san fhéile.

- Tharla maidin chaife i Leabharlan na Tulaí, Dé Máirt, 18 de mhí Dheireadh Fómhair agus bailíodh €460 ar son ionad cúram lae na Tulaí.
- Bhí an tSeirbhís Bhliantúil Carúl Nollag i Leabharlann na Tulaí, trathnóna Dé Céadaoin, 14 de mhí na Nollag, le thart ar 60 duine ann.

**Imeachtaí Rialta i rith na Bliana:**

- Bhí am scéalaíochta do pháistí ar siúl gach maidin Dé Sathairn i Leabharlann Cheatharlach.
- Lean an clár Scríbhneora Chónaithe le John MacKenna i gcomhar le hOifig na nEalaíon Cheatharlach le trí ghrúpa de scríbhneoirínua i rith na bliana.
- Thosaigh Club Scannaíochta Grán Rósta i leabharlanna Mhuine Bheag agus Bhuiríos.

**Rannpháirtíocht in Imeachtaí Náisiúnta agus Imeachtaí an Chontae:**

- Na himeachtaí a bhí ar siúl mar chuid de Fhéile Náisiúnta Aontais do d'Fhoghlaimeoirí Fásta i rith na seachtaine deireanaí i mí na Feabhra.
- Mar chuid de Sheachtain Dhúchais 2016, chuir Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach na himeachtaí seo a leanas ar siúl:
    - Taispeántas Grianghrafadóireachta a thugann cuntas ar stair na Seirbhíse Dóiteáin i gContae Cheatharlach, sa Leabharlann sa bhaile, i dTulach agus i Muine Bheag le léacht speisialta ar thug Paul Curran ar stair ár Seirbhíse Dóiteáin ar an Máirt, 22 de mhí na Lúnasa.




    - Taispeántas ar Sheansráideanna Cheatharlach, le Cumann Staire agus Seandalaíocha. Bhí sé ar siúl sa seomra GB Shaw, Leabharlann Cheatharlach.



    - Thug Martin Nevin léacht stairiúil ar an Mairt, 22 de mhí na Lúnasa i Leabharlann Mhuine Bheag darb ainm:: *Walt Disney – The Carlow Connection.*
    - Thug John Murphy léacht stairiúil ar an gCéadaoin, 23 de mhí na Lúnasa faoi Chaisleán Tulaí i Leabharlann Tulaí.
    - Thug Paul McDonald léacht stairiúil Dé Máirt an 24 de mhí na Lúnasa darb ainm: *+The Cold War between East and West 1945-1990*
    - Bhí trí cheardlann le Ginealeolaí, Bernie Walsh, chun teacht ar do chrann ginealaighctrí úsáid a bhaint as acmhainní saor in aisce ar líne.
- Ghlac Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach páirt in Oíche Chultúir i mbliana, le sliocht speisialta ón nGrúpa Scríbhneoireachta 'Banshee'. Bhí taispeántas grianghrafadóireachta le

Jarlath Judge, 'Carlow in Focus' oscailt go dtí a 9 ar Oíche Chultúir agus bhí sé ar taispeáint sa seomra George Bernard Shaw go don tseachtain ina dhiaidh.

- Rinneadh ceiliúradh ar an Dúshlán Léitheoireachta 'Summer Stars' in Óstán Seven Oaks ar an Déaraoin, 29 de mhí Mheán Fhómhair. Ghlac thart ar 872 páiste páirt ann agus tógadh níos mó ná 17,000 leabhar do pháisti ar iasach i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Bronnadh teastas rannpháirtíochta agus bonn do na páistí ar an oíche. Chuir Niall de Búrca siamsaíocht ar fáil do na páistí faoi thrí chun i ngleic leis an méid daoine a bhí ann.




- Bhí Féile Leabhar do Pháistí 2016 ar siúl i rith mhí Dheireadh Fómhair, agus bhí roinnt imeachtaí do pháistí bunscoile lena n-áirítear cuairteanna ó údair, an Club Ghrain Rósta, seisiúin cheardaíochta agus Am Scéalaíochta.
- Reachtáladh réimse imeachtaí thar an ngréasáin bhrainsí leabharlainne chun tacú le sláinte mheabhrach dearfach mar chuid de 'Mensana' 2016 le linn na seachtaine 11-15th de mhí Dheireadh Fómhair.
- Ghlac Seirbhís Leabharlainne Chontae Cheatharlach páirt i Seachtain Náisiúnta na Leabharlann, Éire, 2016. Scaipeadh an scéal ar líne faoi na seirbhísí leabharlainne agus luach na leabharlann poiblí in Éirinn an lae inniu.

**1916 – 2016:**

- 1916 Comóradh – Léirigh taispeántas Leabharlainne Chontae Cheatharlach an gnáthshaol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a bhí ag daoine i gCeatharlach. Bhí 'A Snapshot in Time' sa seomra George Bernard Shaw, Leabharlann Cheatharlach ar feadh coicíse i mí Mheán Fómhair. Seoladh an taispeantas go hoifigiúil ag Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach, John Murphy, ag Méara Cheatharlach, agus ag Cathaoirleach an Choiste 1916, Comhairleoir Fintan Phelan Dé Céadaoin, 7 de mhí Mheán Fómhair.Thug an t-aoichainteoir Imelda Byrne léargas ar an gcineál bia agus ar chostas bia in 2916, i gcomparáid le hÉirinn an lae inniu.




-

- Rinneadh ceiliúradh ar an gcomórtas *A Poem for Ireland* i gcomhar leis an Aonad Forbartha Leabharlainne mar chuid den chomóradh 1916 ag an tsearmanas bronnta náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine, 6 de mhí na Bealtaine. Tháinig Lucy Ní Duighinn ó Ghaelcholáiste Cheatharlach sa tríú háit.



- Thug Myles Kavanagh léacht ar Athair Bibby i Leabharlann Mhuine Bheag mar chuid den chomóradh 1916 Chontae Cheatharlach.
- Bhí Oíche Amhráin agus Scéalaíochta 1916 le Scéalaithe Cheatharlach mar chuid den Fhéile Cheilteach.

**Imeachtaí Comhoibrithe:**

- Ghlac Easpag Foley agus Scoileanna Náisiunta an Bhóthair Ghlais páirt sa tionscnaíocht litearthachta 'Faraway Friends' le naisc scoile a rinneadh in California, SAM.
- Bhí Lá Idirnáisiúnta na mBan lán le imeachtaí saor in aisce i Leabharlann Cheatharlach i gcomhar le gréasán na mBan Cheatharlach.
- Thosaigh scannánaíocht ar *Live from the Library* i seachtain dheireanach mhí an Mhárta. Thug 'Young Irish Filmmakers' treoracha do na déagóirí ó Sheirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach maidir le teicníc scannánaíochta agus eagarthóireachta i Leabharlann Cheatharlach agus sa Vault.
- Thosaigh an feachtas 'Spring Clean Your Life' i gcomhar le Cumann Sláinte Mheabhrach Cheatharlach. Dhírigh sraith cheardlann ar intinn, corp agus spiorad sláintiúil i rith mhí Aibréain.
- Sheol an Cathaoirleach Charlie Murphy an taispeántas 'The Dresser Project' i gcomhar le hOifig na nEalaíon ar an 18 de mhí na Bealtaine. Thug an t-ealaíontóir Michael Fortune caint ina dhaidh.
- Ghlac foireann Leabharlann Cheatharlach páirt i Lá 'Hello Carlow' an 26 de mhí na Bealtaine i gcomhar le Cumann Sláinte Mheabhrach Cheatharlach.
- Bhí Féile na Bealtaine ar siúl i mí na Bealtaine, agus rinne se ceiliúradh ar chruthaitheacht i measc daoine fásta. Tharla réimse imeachtaí sna leabharlanna.
- Thug an tAire Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Mitchell O'Connor, TD cuairt ar Leabharlann Cheatharlach chun FORM, taispeantás ceardaíochta – 'design made in Carlow' - a oscailt go hoifigiúilan 10 de mhí an Mheithimh. Sheol sí an t-eolaire bróisiúr nua, agus bhuail sí le fiontraí agus fostóirí nua. Ba chomhpháirtíocht é an seoladh FORM agus taispeántas idir Oifig Fiontair Áitiúil agus Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach.



- Tharla lá fhaisnéis fuinnimh Dé Máirt, 28 de mhí an Mheithimh i Leabharlann Cheatharlach. D'eagraigh Gníomhaireacht Fhuinnimh Cheatharlach Chill Chainnigh é, i gcomhar le Leabharlann Cheatharlach agus Comhairle Chontae Cheatharlach. Ba é aidhm an lae ná feasacht faoi fhuinneamh i mbailte, scoileanna nó in ionaid oibre a mhéadú, agus conas a

dhéanann athruithe beaga difíocht mhór do do phóca. Bhí an t-imeacht mar chuid de thionscadal AE Data4Action.

- Thug an tAire Stáit do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, Damien English, cuairt ar Leabharlann Cheatharlach mar chuid de thuras oifigiúil go Ceatharlach chun bualadh le Pat Deering TD agus oifigigh Chomhairle Chontae Cheatharlach. Ghlac an tAire páirt sa Lá Fhaisnéis Fuinnimh a bhí ar siúl an 26 de mhí an Mheithimh.



- Bhí Oíche Mheascrán na Nollag leis an nGrúpa Scríbhneora Chónaithe i Leabharlann Cheatharlach ar an Déardaoine, 8 de mhí na Nollag. Léigh an grúpa sleachta, dánta agus dráma don lucht éisteachta. Bhí thart ar 50 duineann.
- Bhí Cóisiúr Bliantúil na Nollag do pháistí fhoireann Leabharlainne Chontae Cheatharlach ar siúl i Leabharlann Cheatharlach Dé Domhnaigh, 11 de mhí na Nollag, agus tháinig Daidí na Nollag ar inneall dóiteáin. Bhí an-spraoi ag gach duine.
- Sheol Leabharlanna Cheatharlach grúpa léitheoireachta nua i gcomhar le VISUAL i mí na Samhna. Bíonn sé ar siúl in VISUAL, agus is é coimhlint téama an ghrúpa agus beidh baint ag an téama le taispeántais reatha san ionad.
- Tugann Club Phost Cheatharlach cuairt ar an leabharlann gach seachtain i gcomhair turais agus ionduchtú sa tseirbhís leabharlainne.
- Seirbhís Nasc Leabharlainne i gcomhar le Seirbhís'Care and Repair' CCDP.
- Traenáil do dhaoine níos sine maidir le conas fón póca a úsáid i gcomhar le Vodafone Cheatharlach.
- Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal 'Live from the Library' i gcomhar le Seirbhísí Réigiúnacha do Dhaoine Óga Cheatharlach.
- Ghlac Leabharlann Bhuiríos páirt i bhFéile Scannánaíochta Bhuiríos arís le léiriú speisialta de 'Happy Feet' Dé Sathairn, 26 de mhí na Samhna.


**Taispeántais sa Seomra George Bernard Shaw:**

- I mí Aibreáin, bhí taispeántas leis an ealaíontóir áitiúil Anne Deere.
- Tharla an chéad taispeántas FORM i Leabharlann Cheatharlach mar chuid de Fhéile Ealaíon Éigse Cheatharlach.
- Mar chuid de Fhéile Ealaíon Éigse Cheatharlach, bhí taispeántais de shaothair le triúr ealaíontóirí, Pat Grassick, Lorraine Heydon agus Mary Clare Nolan, 'A Passion Shared'. Tharla sé i Leabharlann Cheatharlach i spás nua atá tiomanta do shaothair áitiúla a cur i láthair.
- Tharla 'An Art Exhibition' leOlaniyan Oladimeji sa seomra GB Shaw i Leabharlann Cheatharlach sa tseachtain dheireanach i mí Iúil agus sa chéad seachtain i mí Lúnasa.
- Chuir ealaíontóir áitiúil taispeántas ar siúl dá saothar, darb ainm'A Brush with Summer' sa seomra GB Shaw sa chéad sheachtain i mí Iúil agus d'áirigh sé taispeántas dá saothar le páistí i Leabharlann Cheatharlach.

- Tharla taispeántas de shaothar Caroline Cunningham, ealaíontóir áitiúil, darb ainm 'The Sacred Life of Trees'sa seomra Shawsa tríú seachtain i mí na Samhna.
- Thaispeáin FORM, grúpa ceardaíochta i gCeatharlach a saothar i Leabharlann Cheatharlach roimh Nollaig. D'oscail an taispeantas an 13 de mhí na Nollag go dtí an 23 agus ba é aidhm an taispeántais ná an cheardaíocht iontach ata ag teacht ón gConate a thaispeáint do dhaoine i gCeatharlach.
- Thosaigh taispeántas le healaíontóirí áitiúla Pat Grassick, Lorraine Hayden agus Mary Clare Nolan darb ainm*New Chapters*sa seomra Shaw an 29 de mhí na Samhna go dtí an 5 de mhí na Nollag.

**Teicneolaíocht Faisnéise:**

Tá ICT agus na seirbhísí ar líne riachtanach mar chuid de na seirbhísí leabharlainne. Is point digiteach seirbhíse é suíomh idirlín na leabharlainne, www.carlowlibraries.ie, agus ta rochtain air laismuigh de huaireanta oscailte.Tugann an cúigiú brainse seo rochtain do bhaill leabharlainne ar ríomhleabhair, ríomhiris, foghlaim teanga, cúrsaí, ciclipéidí agus catalóg chunasach na leabharlainne. Ó 1 de mhí Lúnasa, tá baill in ann ríomhghreannáin agus ríomhúrscéalta gráfacha a íoslódáil agus a léamh ar líne. Tá 7,000 teideal sa chnuasach, agus níl aon srian ar iasacht. Chomh maith leis sin, ta léitheoireacht as líne, srianta tuismitheoirí agus rogha iontach de theidil do pháistí ar fáil.




Ní raibh laghdú san éileamh ar rochtain ríomhaire agus WiFi in 2016, le beagnach 43,000 seisiún rochtain ar ríomhaire phoiblí agus beagnach 7,000 nasc Wifi i rith na bliana.

**Córas Bhainistíocht na Leabharlann Náisiúnta:**

Mar chuid de thionscnaíocht náisiúnta, glacfaidh Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach Córas nua Bhainistíocht Leabharlainne, Sierra, go luath in 2017. Thosaigh obair don chóras nua le linn an tsamhraidh seo chaite, agus ta sé le bheith beo roimh dheireadh mhí na Feabhra. Tógadh




ballraíocht leabharlainne shaor in aisce isteach ag tús 2016, de réir an pholasaí náisiúnta agus méadaíodh fíneálacha go 5c in aghaidh an lae. Méadaíodh an cuóta earra ar féidir le ball a fháil ar iasacht chun tacú leis an CBL. Do bhaill leabharlainne, is feidir leo aon leabharlann sa tír a úsáid lena gcárta Leabharlainne Cheatharlach agus tá rochtain acu ar 18 milliún leabhar ar an gcatalóg náisiúnta ag www.librariesireland.ie

Is iad na forbairtí eile i dteicneolaíocht faisnéise ná nuashonrú ar an mbonneagar teicniúil i Leabharlann Mhuine Bheag, chun tacú le teacht isteach 'My Open Library', seirbhís nua a chur an Ghníomhaireacht Bainistíochta agus Rialtais Áitiúil chun cinn. Fuarthas maoiniú deontais de 75% agus fuarthas thart ar €30,000 ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhair nuashonraithe don fhéinsheirbhís RFID, CCTV, córas callaire agus rochtain foirgnimh. Ceaptar go gcuirfear tús leis an tseirbhís 'My Open Library' am éigin in 2017.

Mhéadaigh úsáid na meán sóisialta mar mhodh chun seirbhísí leabharlainne agus cumarsáid le daoine agus eagraíochtaí Cheatharlach a mhéadú arís in 2016, le húsáideoirí Facebook ag 1,940 agus leantóirí Twitter ag 2,069.

**Cartlann an Chontae, Staidéir Áitiúil agus Ginealas:**

Bhí 1,406 cuairteorí ar an Roinn Staidéir Áitiúil in 2016. Ba mhéadú 31% é ar an bhfigiúr ó 2015. Taifeadadh réimse ceisteanna agus seiceáileacha micreascannáin. D'eagraigh an Roinn Staidéir Áitiúil cuairteanna ó eagraíochtaí éagsúla le grúpaí agus taighdeoirí, lena n-áirítear daltaí bunscoile agus meanscoile agus mic léinn triú leibhéal.

Leanadh ar aghaidh leis an bpolasaí chun foilseacháin bainteach le Ceatharlach a bhailiú. Cuireadh Carloviana, Irisleabhar an Chnoic Bhig agus Croinic Bhalana-Rathoeleis na hIrisleabhair in 2016.

**Stair Áitiúil agus Cartlanna ar Líne:**




Le tabhairt isteach Chóras Bainistíochta Nua na Leabharlainne go luath, bhí caomhnú ag teastáil ar Sierra, Catalóg Staidéir Áitiúil Cheatharlach. D'infheistigh an tSeirbhís Leabharlainne i mbunachar sonraí agsu catalóg nua do Stair Áitiúil in 2016. Tabharfaidh sé sin rochtain don chnuasach staidéir áitiúil iomlán agus méadóidh sé rannpháirtíocht agus cumarsáid leis an tseirbhís leabharlainne ididnáisiúnta. Seolfar an tseirbhís in 2017.

Tugtar tús áite do chaomhnú agus scaipeadh staidéir áitiúil luachmhar agus ábhair chartlainne. Forbraíodh Omeka Cheatharlach in 2016 chun aird a tharraingt ar chnuasaigh shaibhir grianghrafadóireachta ata i gCeartlann Stair Áitiúil an Chontae agus iad a chur ar fáil. Beidh an suíomh idirlín ar fáil go luath in 2017 ag www.carlowlibraries.ie.

Dhigitigh Cumann Staire agus Seandálaíoch Cheatharlach an chatalóg ar fad den irisleabhar bliantiúil Carlovania in 2016, agus bhronn siad cóip dhigiteach de ar an tSeirbhís Leabharlainne. Ta an acmhainn luachmhar sin inchuardaithe agus ar fáil i gcomhair seiceáil sa Roinn Staidéir Áitiúil agus Cartlann.

**Seirbhís Ginealais:**

Tá seirbhís Ginealais á cur ar fáil ag Leabharlann Cheatharlach i Roinn Staire Áitiúla Cheanncheathrú na Leabharlainne ó mhí na Feabhra 2015. Tá rath ar an tseirbhís maidir le ceisteanna faoi Stair Muintire sna cainteanna i rith Bealtaine 2016. Tharraing léachtanna go leor cuairteoirí ar Staidéir Áitiúil: léachtanna 'Start with Yourself', gach Luan i mí an Mheithimh 2016, agus Cainteanna Ginealais don tSeachtain Dhúchais i mí Lúnasa 2016. in June 2016. Is féidir le taighdeoirí áitiúla nó diaspóra cuairt a thabhairt ar an nGinealeolaí trí choinne a dhéanamh agus gheobhaidh siad cabhair le taighde a dhéanamh ar a gcrainn ghinealaigh nó leis an tseirbhís ríomhphoist a úsáid. Le himeacht na mblainta, shil roinnt cliant deora tar éis dóibh teacht ar shinsir nach raibh feicthe acu le fada, tríd an tseirbhís seo a usáid. Meallann an tseirbhís Ginealais daoine ar fud na cruinne, agus bíonn cuairt mothúchánach agus fiúntach acu go Ceatharlach. Tá naisc iontacha déanta ag go leor daoine. Bíonn ceisteanna ginealais ag ceatadán ard de na daoine a chuireann glaoch ar Staidéir Áitiúil.

Thug an t-iriseoir, scannán óir agus údar Nic Dunlop cuairt ar Staidéir Áitiúil in 2016. Síolraíonn sé ó mhuintir Browne Clayton, agus thug se cuairt ar Cheatharlach agus ar Staidéir Áitiúil chun buanchaidreamh a bunú leis an tSeirbhís Leabharlainne.



**Forbairtí Foirne:**

- D'fhág Leabharlannaí an Chontae, Josephine Coyne, Comhairle Chontae Cheatharlach agus d'fhill sí ar an tseirbhís leabharlainne i gCill Chainnigh i mí Eanáir, tar éis 4 bliana le Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach.
- D'fhág Jannette O'Brien an tseirbhís leabharlainne chun post a ghlacadh mar Oifigeach Fheasacht Fuinnimh ag deireadh mhí Lúnasa.
- Bhí agallaimh ar siúl ar feadh dhálá (27 agus 28 de mhí Dheireadh Fómhair) chun post buan (grád 6) a líonadh – Leabharlannaí Feidhmiúchán.
- Aistríodh John Patton go sealadach go Leabharlann Cheatharlach mar Leabharlannaí Gníomhach, grád 5.
- Aistríodh Margaret Byrne go sealadach go Leabharlann Tulaí mar Chúntóir Sinsearach Gníomhach na Leabharlainne, grád 4.
- Fuair Ciara Cross Lunney conradh sealadach mar Chúntóir Leabharlainne i Leabharlann Cheatharlachó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag.
- Fuair Sylvia Madyda conradh sealadach mar Chúntóir Leabharlainne i Leabharlann Cheatharlach i mí na Nollag.
- Chuaigh Fiona Foskin, an Leabharlannaí Feidhmiúchán, ar saoire mháithreachais i mí na Nollag.

**Oiliúint Foirne agus Forbairt:**

- Mí na Feabhra 2016 – Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann chun tosaigh maidir le dul i ngleic le Foréigean agus Fearg san Ionad Oibre.
- Mí Aibreáin 2016 – D'fhreastail Margaret Byrne, Jean Broderick, Jannette O'Brien agus Monica Murphy ar cheardlann do fhoireann na leabharlainne 'Activities for Children and Reading Development' sa LGMA, Baile Átha Cliath.



- Mí Aibreáin 2016 – D'fhreastail John Shortall ar Chomhdháil agus Taispeántas i gCill Chainnigh, Cumann Leabharlainne na hÉireann/ Insitiúid Chairte Daoine Gairmiúla Leabharlainne agus Faisnéise (Éire).
- Mí na Bealtaine 2016 – D'fhreastail Deirdre Condron ar 'Acmhainní Digiteacha agus Uirlisí do Stair Áitiúil' le McGrath Barrett & Associates
- Mí na Bealtaine 2016 – Chuir an Oifig Réigiúnach um Acmhainní chun Féinmharú a Chosc, FSS, oiliúintSafeTALK d'fhoireann na leabharlainne.
- Mí na Bealtaine 2016 – Cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad maidir le 'Agresso Milestone 4'.
- Mí an Mheithimh 2016 – D'fhreastail John Patton agus Clodagh Kinsella ar 'Library Success Stories', óstáilte ag an Grúpa Leabharlainne óige i Leabharlann Bhaile Formaid.

- Mí an Mheithimh 2016 – D'fhreastail Jannette O'Brien agus Deirdre Condron ar cheardlann 'Mind your Mental Health' Workshop, óstáilte ag Cumann Sláinte Mheabhrach Cheatharlach.
- Mí Dheireadh Fómhair 2016–D'fhreastail Leabharlannaí Gníomhaíoch, John Shortall, seimineár dhá lá do Leabharlannaithe Cathrach agus Contae i dTamhlacht
- Mí na Samhna 2016 – Fiona O'Toole, Margaret Byrne agus Jonathan Dunne ar chomhdhail bliantiúil Chumann Leabharlann na hÉireann i dTeach Fháithlinge, Port Láirge.Rinne John Shortall cur síos ar an tionscadal 'Live from the Library i gcur i láthair do na daoine a bhí i lathair ag an gcomhdháil.
- Mí na Samhna 2016 – Tugadh oiliúint Basic Circulation training ar an gCóras Bhainistíocht Leabharlainne nua, Sierra, do cheathrar ball foirne i Leabharlann Shráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath.
- Mí na Nollag 2016 – D'fhreastail Fiona Foskin ar dhá chúrsa oiliúna maidir leis an gCóras Bhinistíocht Leabharlainne nua, Sierra, agus dhírigh na cúrsaí ar Riarachán Córas agus Catalógaigh.
- Mí na Nollag 2016 – D'fhreastail cúigear ball foirne ar Lá Faisnéise Five 'My Open Library i dTulaigh Mhóir, agus bhí turas ar an tseirbhís 'My Open Librar' i Leabharlann Thulaigh Mhóir.

## An Bhliain seo Chugainn:


My Open Library
National Book Tender
National LMS
Deaf Community
Archives & Digitisation
Collection Development
Sharing OF Services & Resources
FUTURE

# TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

**Teicneolaíocht Faisnéise**

Tá Comhairle Chontae Cheatharlach tiomanta do sheirbhísí a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun éifeachtúlacht agus cáilíocht ár seirbhísí a fheabhsú. Déanann Roinn Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta (FCT) na Comhairle riachtanais na seirbhíse faisnéise. Ba bhliain ghnóthach é 2016 don Roinn FCT agus cuireadh neart tionscadal bonneagair i gcrích, agus rinneadh obair shuntasach ar Shábháilteacht TF chomh maith le nuálaíochtaí néala agus bogearraí.

**<u>Tionscadail Bhonneagair</u>**

Cuireadh nuashonrú suntasach i gcrích ibpríomhlimistéir bhonneagar FCT na Comhairle.Fuarthas seacht dtairiscint i gcomhair lárionad sonraí do Chomhairle Chontae Cheatharlach i mí an Mhárta 2016.Seven tenders were received for a replacement datacentre for Carlow County Council in March 2016. Bronnadh an tairisint bhuaiteach, Réiteach Dell Nutanix, go luath i mí Aibreáin. Is ionad sonraí bonneagair chomhtháite é Nutanix. Cuirtear le chéile é leis an teicneolaíocht is déanaí, agus tagann ríomhaireacht, fíorúlú agus stóráil le chéile chun réiteach acmhainneach, ata dírithe ar bhogearraí le hintleacht shiabhir a chruthú. Braitheann ionaid shonraí d'fhiontair fhorásacha an domhain ar theicneolaíocht Nutanix cheana féin chun cumhacht a sholáthar dá n-ualaigh oibre tábhachtacha. Ta cumais naisc néala ag Nutanix a chumasóidh ailtireacht néala hibrid trí imeascadh seirbhísí néala poiblí, cosúil le Amazon Web Services (AWS) nó Microsoft Azure, leis an ionad sonraí nua do Chomhairle Chontae Cheatharlach. Déanfaidh an bonneagar nua seo cinnte go mbeidh acmhainní earraí crua sásúla ag Comhairle Chontae Cheatharlach go ceann 3/5 bliana. Thosaigh an t-athrú ón mbonneagar reatha i mí na Bealtaine agus lean sé ar aghaidh go dtí mí na Samhna.

Tá Líonra Achair Fhairsing (LAF) casta ag Comhairle Chontae Cheatharlach. Tá réimse gnéithe sa líonra, cosúil le laisc, ródairí, naisc gan sreang agus naisc snáthoptaice. Mar gheall ar an gcastacht sin, bíonn cothabháil, monatóireacht agus nuashonrú ag teastáil i gcónaí.

Cuireadh go leor suíomhanna nua leis an LAF, lena n-áirítear:

- Ionad Cóireála Uisce Ráth Bhile
- Ionad Cóireála Uisce Tulaí
- Ionad Cóireála UisceSion Cross
- Ionad Cóireála Uisce Mhuine Bheag
- Ionad Cóireála Uisce Ráithín Léith
- Ionad Cóireála Uisce Bhuiríos
- Ionad Cóireála Uisce Leithghlinn an Droichid
- Taisce Uisce Bhaile an Choillín
- Rathoe Ionad Cóireála Uisce
- Ionad Cóireála UisceMortarstown
- Taisce Uisce Tulaí
- Leabharlann Bhuiríos

**<u>Aip agus Seirbhísí Bogearraí</u>**

Caitheadh go leor ama, mar is gnáth, ar chothabháil fhoireann aipeanna gnó, lena n-áirítear: iPlan, iHouse, Agresso, ePayments, suíomhanna idirlín éagsúla, súíomhanna mheáin shóisialta agus ardáin, Office 365, Dynamics CRM, Sugar CRM, iDocs and ArcGis. Tá na haipeanna sin go léir thar a bheith casta agus gan na haipeanna sin, ní bheadh na ranna in ann feidhmiú.

Fuair cúpla aip gnó lárnach nuashonruithe nó aistríodh iad go aipeanna eile in 2016. Aonad 4 Agresso - Milestone 4, sheol an Roinn FCT agus Airgeadais nuashonrú ar Chóras Bhainistíocht

Airgeadais Chomhairle Chonate Cheatharlach go rathúil in 2016. Ba nuashonrú suntasach é, maidir le hAirgeadas agus FCT araon chomh maith le hathruithe a thabhairt isteach san eagraíocht. Cuireadh cúnamh ar fáil déanach in 2016 don Roinn Sheirbhísí Leabharlainne. Bhí sé sin mar ullmhuú do sheoladh in 2017 de Sierra, an Córas nua Bhainistíocht Leabharlainne. Is athrú suntasach é sin arís.

Forbraíodh aip fhóin nua i gcomhar le Turasóireacht Cheatharlach i mí an Mheithimh 2016. Cuireadh an aip, darb ainm 'Ceatharlach' ar fáil mar íoslódáil shaor in aisce i gcomhair Android agus iOS. Cuireann an aip turais timpeall Cheatharlach ar fáil, lena n-áirítear Turas Siúil Cheatharlach, Cosáin na Naomh agus Turas Gairdíní Cheatharlach. Ta gach turas déantas as 'stadanna' le faisnéis, fuaim agus grianghrafanna faoi stad agus i gcásanna áirithe, físeán. Tá na stadanna nasctha le gléasanna CSD, a chabhraíonn le húsáideoirí dul chuig an chéad stad eile ar an turas. Úsáidfidh turasóirí agus daoine áitiúla chomh maith. Seoladh an aip ar an Déardaoin, an 7 de mhí Iúil san Óstan Seven Oaks.

Forbraíodh córas nua Pleanála Forfheidhmithein Dynamics CRM. Ta Comhairle Chontae Cheatharlach freagrach as dul i ngleic le gearáin maidir le forbairtí neamhúdaraithe i gCeatharlach agus rianaíodh iad mar fhorfheidhmiú. Rinneadh cothabháil ar an gcóras forfheidhmithe thar deich mbliana le hionad sonraí Microsoft SQL Server. Ní raibh an córas sin, ag cur na feidhmiúlachta riachtanaí ar fáil a thuilleadh. Chun éifeachtúlacht sa phróiseas forfheidhmithe a fheabhsú, thug an Roinn FCT, i gcomhar leis an Roinn Pleanála, faoi fhorbairt córas nua forfheidhmithe, bunaithe ar Microsoft Dynamics CRM i mí Dheireadh Fómhair, 2016. Díríonn an táirge go príomha ar na hearnálacha Díolacháin, Margaíochta agus Seirbhísí (deasc chabhrach), ligeann an creat (bunaithe ar .NET) do shaincheapadh chun freastal ar aon riachtanas. Coimeádannan córas nua na taifid sa bhealach céanna ach tá feidhmiúlacht bhreise ann, lena n-áirítear léarscáiliú, giniúint uathoibríochlitreacha agus meabhrúcháin uathoibríocha (laistigh de thréimsí ama ar leith) gan roinnt beag acu a lua. Críochnaíodh tástáil inghlacthachta úsáideoirí i mí Dheireadh Fómhair agus chuaigh an córas beo i mí na Nollag 2016.

Cruthaíodh Tairseach Seirbhísí Custaiméirí nua in Dynamics CRM in 2016. Cuimseofar an tairseach seo i suíomh idirlíon Chomhairle Chontae Cheatharlach http://carlow.ie agus éascóidh sé aighneachtaí poiblí ar líne sa todhchaí.

**An Plean Náisiúnta Leathanbhanda**

Is idirghabhail stáit é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) a chuirfidh leathanbhanda ardluais ar fáil d'áiteanna áirithe sa tír nach bhfuil cinnteacht ann go ndéanfaidh an earnáil tráchtála infheistíocht. Ceapadh Oifigeach Leathanbhanda ó Roinn FCT Chomhairle Chontae Cheatharlach chun dul i gcomhairle leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tairgeoir rathúil agus leis an Údarás Áitiúil, chun cabhrú le imlonnú gréasáin sa chontae. Is é aidhm an phleanleathanbhanda ardluais a sholáthar do shaoránaigh agus comhlachtaí na hÉireann, le rochtain ar luasanna 30Mbps ar a laghad. Tugadh faoi bheart léarscáilíochta le léiriú na haiteanna ata clúdaithe cheana féin, nó go mbeidh clúdaithe go luath, ag oibreorí leathanbhanda tráchtála agus na háiteanna eile a bheidh clúdaithe ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus cabhróidh an beart sin leis an próiseas soláthair, nuair a roghneofar tairgeoir i mí Iúil, 2017.

**Sábháilteacht FCT agus Monatóireacht**

Is cúram tabhachtach é Sábháilteact TF don Roinn FCT i gcónaí, agus caitear roinnt ama agus acmhainní ar chosaint an ghréasaín ó bhagairtí. Tá sé níos ábhartha inniu mar gheall ar leathadh

bogearraí mailíseacha FCT, víris agus bogearraí éirice. Chuige sin, caitheann an Roinn FCT go leor ama ar chur i bhfheidhm, nuashonrú, monatóireacht agus ar bhainistíocht an réimse gléasanna sábháilteachta ar an ngréasán, ardain ríomhphoist agus gléanann, lena n-áirítear gléasanna fóin agus táibléad. In 2015, tugadh oiliúint fheasacht shlándála FCT d'fhormhór na foirne don ionad oibre agus don bhaile. Tá roinnt acmhainí FT dírithe ar réimse seirbhísí tacaochta a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle, baill agus an pobal.

I mí na Nollag, rinneadh oibreacha móra i Ros Mór chun damáiste a dheisigh, mar thoradh ar loitiméireacht ar chrann na Comhairle. Bhí an cumas ag an loitiméireacht sin cur isteacht ar LAF na Comhairle. Cuireann an crann sin nascacht ar fáil do 13 oifig timpeall an chontae. Tugadh an loitiméireacht faoi deara mar gheall ar na seiceálacha gréasáin a bhí ar siúl agus deisíodh é go tapa.

**<u>Tionscadal Reilige</u>**

Tháinig deireadh leis an dara céim den tionscadal 'Plotbox' i mí na Nollag 2016. Rinneadh scrúdú ar 45 reilig mar chuid den tionscadal, agus cuireadh taifid, grianghrafanna agus comhordanáidí CSD le gach le gach láthair uaighe. Bhí rath ar an tionscadal agus tarraingíodh an-aird air. Ba chomhoibriú é idir an Roinn FCT, an Roinn Aurgeadais, an Roinn Comhshaoil agus foireann Polotbox. Déanfar scrúdú ar reiligí eile sa todhchaí.

**<u>An Clár Réadmhaoine Náisiúnta</u>**

Leagann Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí an railatis na riachtanais chun clár Réadmhaoine Náisiúnta a chruthú. Tá ceangal ar chomhlachtaí stáit, lena n-áirítear údaráis áitiúla, punann réadmhaoine a thiomsaigh, a chothabháil agus a nuashonrú, mar gurb é an punann réadmhaoine bunús leis an gClár Réadmhaoine Náisiúnta. Thiomsaigh an Roinn Tithíochta agus FCT Chomhairle Chontae Cheatharlach liosta de réadmhaoine cláraithe agus neamhchláraithe in 2016 agus thíolaic sé an liosta sin don PRAI i gcomhair clárú den chéad uair. Ba é an punann réadmhaoine sin bunús uaslódála chuig Oifig na nOibreacha Poiblí mar a dhéanann siad cothabháil agus bainistíocht ar an gClár Réadmhaoine Náisiúnta.

**<u>Pleananna Ceantair Áitiúil</u>**

Rinneadh athbhreithniú ar na Pleananna Ceantair Áitiúil do Thulach agus do Mhuine Bheag in 2016. Chabhraigh an Roinn ICT le táirgeadh méid mhór léarscálacha digiteacha do Thulach agus do Mhuine Bheag. Úsáidtear léarscálacha chriosaithe úsáid talún do Thulach agus do Mhuine Bheag chomh maith chun an tionscadal 'MyPlay' a nuashonrú. Cinntíonn sé sinn go bhfuil rochtain ag an bpobal ar shonraí pleanála atá cruinn agus tráthúil.

# MÓTARCHÁIN

Soláthraíonn Oifig Mótarchánach Chomhairle Chontae Cheatharlach seirbhís d'ardchaighdeán don phobal. Is é príomhfheidhm na hoifige ná táillí Cheadúnais Fheithiclí a bhailiú.
Bíonn an tseirbhís Mótarchanach ar fáil ar líne 24/7 – 365 lá sa bhliain ag www.motortax.ie.

**SONRAÍ STAITISTIÚIL**
Rinneadh beagnach 43,000 idirbheart san Oifig Mótarchanach in 2016. Eisíodh níos mó ná 36,500 diosca mótarchánach. Tháinig an méid airgid a bailíodh in 2016 go €6.8 million:

| | **€ milliún** | **%** |
|---|---|---|
| Feithiclí Príobháideacha | 4.7 | 68.6 |
| Feithiclí Earraí | 1.7 | 25.8 |
| Ilchineálach | 0.5 | 05.6 |
| **Iomlán** | 6.9 | 100% |

Chomh maith leis na hididbhearta thuas 49, 443, próiseáladh idirbhearta ar líne, tagann an méid airgid sin go €8,290,241.

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

Chuir an Chomhairle Chontae maoiniú ar fáil chun Clár Sábháilteachta san Uisce a sholáthar, lena n-áirítear fostaíocht dhá fhoireann de ghardaí tarrthála ar bhonn laethúil ag áiteanna snámha ar abhainn Bhearrúin, ag Muine Bheag, Clais an Ghainimh agus Buiríos. Thosaigh siad ar an 25 de mhí an Mheithimh, nuair a thosaigh an aimsir go maith. Rinne siad tarrtháil agus idirghabháil chun aon bhaol a laghdú- stop siad bá agus staideanna contúirteacha eile.

Ta an-tóir ag na céanna ag Moling agus Tigh na hInse i gcomhair iascaireacht, beartanna báid agus gníomhaíochtaí sóisalta aus taitneamhacha. Tá rochtain ar na háiteanna snámha a bhfuil tóir orthu ar cois abhann nó cosán tarraingthe na canála. In 2016, d'fhorbair 'Inland Waterways' togra i gcomhair forbairt chosán tarraingthe na canála mar lana rothar tríd an gContae.Cuirfear iarratas pleanála do togra isteach chuig an Údarás Áitiúil in 2017.

Tá áiseanna carrchlóis agus soláistí ag Clais an Ghainimh agus Moling, agus bíonn go leor daoine ann ag campáil, ag siúlóireacht nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí eachtraíochta san uisce. Is áit ofigiúil é Clais an Ghainimhi gcomhair comórtais chanú/cadhcála agus imeachtaí traenála, a eagraíonn an Irish Canoe Union. Cuireann an méid gníomhaíochtaí sa cheantar brú ar rochtain agus ar na háiseanna.

Bhí an Chomhdháil Bhliantúil d'Oifigigh um Fhorbairt Sábháilteachta Uisce i gCill Chainnigh i mí Aibréain. Phléigh siad ceisteanna cosúil le: 'The science of Beach Lifeguarding', 'Waterways and heritage', agus conas trealamh éigeandála a storáil agus a aimsiú, agus conas an t-álarm a bhaint nuair a chuirtear isteach ar an trealamh sin.

Is iarracht foirne iad iarrachtaí chun riosa bá a laghdú. Le linn na bliana, is féidir le drochaimsir aibhneacha suaimhneacha athrú go tuilte, agus is riosca é sin do bheatha agus do réadmhaoin. Sna cásanna sin, tá sé tabhachtach go bhfuil oifigí na Comhairle, na foirne techniúla agus faoin aer agus an tAonad Cosanta Sibhialta comhordaithe agus feistithe.
Oibríonn na Gardaí an Scéim'Riverwatch' chun iompar frithshóisialta in aice le hAbhainn Bherrúin a smachtú sa Chontae agus comhoibríonn na gardaí tarrthála leis na Gardaí sa Scéim sin.

Tarlaíonn bá den chuid is mó sna contaetha istigh faoin tír. Mar thoradh, cuirfidh an Chomhairle polasaí Shábháilteacht Uisce na hÉireann i bhfeidhm maidir le riosca a bhainistiú sna háiteanna snámha.Chomh maith leis sin, cuirfidh Coiste Sábháilteachta Uisce an Chontae teachtaireacht shábháilteachta usice ar fáil trí chlár féinmhaoinithe gníomhaíochtaí, lena n-áirítear traneáil speisialta agus scileanna snámha/tarrthála, i gcomhair gach aoisghrúpa, le linn na bliana..

# COSAINT SHIBHIALTA

Is é Comhairle Chontae Cheatharlach an tÚdarás Cosanta Sibhialta don cheantar riaracháin Cheatharlach. Leagann amach an tAcht Cosanta Sibhialta 2003 rólanna don Chosaint Shibhialta, cosúil le seirbhís tacaíochta a chur ar fáil do na Príomhsheirbhísí Éigeandála, Seirbhís Pobail, Oiliúint Taismeacha, Cumarsáid Raidió, Tarrtháil, Leas, Comhrac Dóiteáin agus Scileanna Bádóireachta (Cuardach agus Tarrtháil).

Cuireann an Chosaint Shibhialta seibhrís ar fáil don Údarás Áitiúil, FSS, agus do na Gardaí i gcás Civil Defence also provide service to the Local Authority, HSE, and Gardai in the event of severe weather conditions such as flooding and snow.

Díscaoiledh an Bord Cosanta Sibhialta i mí Eanáir 2013 go náisiúnta agus tagann Cosaint Shibhialta faoi Roinn Cosanta, an Brainse Cosanta Sibhialta.

Leagann an dociméad maidir leis an gCreat um Bhainistíocht Móréigeandála amach na rólanna agus freagrachtaí do Chosaint Shibhialta, cosúil le hionad leasa a bhunú, taismeacha a chlárú, a bheith freagrach as oibrithe deonacha agus a bheith mar thacaíocht do na PríomhSheirbhísí Éigeandála. Is oibrithe deonacha iad baill Chosanta Sibhialta seachas Oifigeach amháin atá fostaithe go páirtaimseartha ag Comhairle Chontae Cheatharlach. Faoi láthair, tá níos mó ná 70 oibrí deonach, in áiteanna cosúil le baile Cheatharlach, Muine Bheag, Buiríos agus Ráth Ana. Múintear traenáil sheachtainiúil ar ábhair cosúil le Garchabhair, ACS, Garchabhair Gairme, an Chéad Fhreagóir Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Scileanna Chomrac Dóiteáin, Scileanna Cuardaigh agus Leas agus déantar cleachtadh ar na scileanna sin. Déantar cleachtadh ar na scileanna sin mar chuid den sceideal traenála ag an deireadh seachtaine, agus cuirtear na scileanna sin in iomaíocht le scileanna tíortha eile i gcomórtais ag ionad éagsúla.

Úsáidtear ár dtraenáil ag laethanta traenála chun cuardach a dhéanamh amuigh faoin tír, imeachtaí chomrac dóiteáin ASF agus Traenáil Scileanna Cuardaigh ar an talamh agus ar bháideanna sna haibhneacha Bhearrúin agus Slaine. Ta an foirgneamh nua do Chosaint Shibhialta faoi lán seoil ó mí Mheán Fómhair, agus tá an eagraíocht níos éifeachtúla ó sin. Táimid in ann freagra níos éifeachtúla agus tapa a thabhairt chomh maith.

Cuireadh tús le cúrsa traenála nua, Scileanna Cuardaigh, in 2014 do cheathrar ball agus múineadh e i gColáiste na nGardaí. Ba é an grúpa Cheatharlach an chéad ghrúpa chun glacadh leis an ngníomahaíocht seo agus fuaireamar stádas Teagascóra.

Táimid ag Leibhéal Teagascóra i bhFeachact Uisce agus mar Chéad Fhreagóir ar Thuilte ó 2014. Tá Traenáil Bhainistíocht Uisce agus Cuardaigh againn, a rinneadh sa Bhreatain Bheag.
Tugann aonaid Bháideanna Cosanta Sibhialta tacaíocht don tseirbhís Dóiteáin agus do na Gardaí maidir le Cuardach agus Tarrtháil in Aibhneacha. Cuirtear traenáil ar oibrithe deonacha maidir le scileanna bádóireachta, cuardach ar talamh agus in aibhneacha agus teicnící tarrthála chun cabhrú leis na Gardaí.

Chuir an Chosaint Shibhialta tús le cuardaigh lae agus oíche, le gníomhaireachtaí éagsúla ar chodanna difrúla d’abhainn Bhearrúin, lena n-áirítear na Gardaí agus an tSeirbhís Dóiteáin chun scileanna áirithe a scrúdú: teicnící cuardaigh san abhainn sa dorchadas, trealamh solais, pointí rochtana ar bhruach na habhann, smacht ar bhádóireacht, cumarsáid, agus tarrtháil coirp.

Chabhraigh an Chosaint Shibhialta le PRA le tuile ag deireadh mhí na Nollag.

**Deontais**
Fuiar Comhairle Chontae Cheatharlach na deontais seo a leanas ón Roinn Cosanta, Brainse Cosanta Sibhialta.

- €25,000 i gcomhair cheannachán 4WD Toyota Hi-Lux chun cur lenár bhflít d'obair i ndrochaimsir.
- Rafta speisialta i gcomhair tuile ag luach €4,000.00

**Liosta Ghníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta in 2016**

| **Dáta** | **Gníomhaíocht** | **Áit** |
|---|---|---|
| 09/01/2016 | 'Operation Transformation' Sábháilteacht agus Garchabhair | Coill na Ratha, Tulach, Contae Cheatharlach. |
| 19/01/2016 | Mioncheistiú ar eachtraí tuile le linn na hAthbliana. | Abhainn Bhearrúin, Tigh na hInse, Thigh Mhuilling. |
| 24/01/2016 | Traenáil do chéad fhreagróirí san uisce. | Abhainn Bhearrúin, Baile Cheatharlach. |
| 31/01/2016<br><br>14/02/2016 | Traenáil do chéad fhreagróirí san uiscecuid 2.<br><br>Cúrsa d'Oibreoirí Báid. | Inis Córthaidh, Loch Garman<br><br>Baile Cheatharlach ag an nGráig |
| 21/02/2016<br><br>15/02/2016<br><br>28/02/2016 | Siúlóid 5 km agus VEC Garchabhair agus Trácht.<br><br>Traenáil Rafta.<br><br>Traenáil d'oibreoirí Rópa agus Taismigh i Stáisiún Dóiteáin Mhine Bheag. | Muinebheag / Leithghlinn an Droichid<br><br>An Droichead Nua /agus Cora Mhuine Bheag.<br><br>Staisiún Dóiteáin Mhuine Bheag |
| 06/03/2016 | Traenáil Bháid d'earcaigh. | Contae Cheatharlach |
| 17/03/2016 | Óstaigh ag paráid Féile Pádraig | Baile Cheatharlach agus Míseal,<br>Muine bheag agusLeithghlinn an Droichid. |
| 27/03/2016<br><br>31/03/2016<br><br>03/04/2016 | Paráid na Cáscaagus léamh an fhorógra.<br><br>Cúrsa Theistiméireacht Báid | Muine Bheag, ceapach amháin.<br><br>Baile Átha Cliath |

| | | |
|---|---|---|
| | Rás Rothaíochta | Club Rugbaí Cheatharlach. |
| 09/04/2016<br>10/04/2016 same<br><br>17/04/2016 | Traenáil Báid d'earcaigh nua le ISA Éireann<br><br>Searmanas Nochta ag Uachtar Cluana, Muine Bheag | Abhainn Bhearrúin<br>Ceatharlach<br>Corcaigh<br><br>Don searmanas comóraidh 1916 -2016 |
| 24/04/2016 | Cúrsa Oibreoirí RópaClais Ghainimhe | Clais Ghainimhe, Ceatharlach |
| 07/05/2016<br><br>08/05/2016<br>15/05/2016<br><br>22/05/2016<br><br>29/05/2016<br>04/06/2016<br>05/06/2016 | Dualgas, Siúlóid Darkness into Light Cúrsa Oibreoirí Rópa<br>Nochtadh leice, comóradh,<br>Traenáil in Uisce tapa<br>Cúrsa Oibreoirí Rópa<br>Cúrsa ACS<br>Regatta Cheatharlach, Dualgas<br>Regatta Cheatharlach, Dualgas | Baile Cheatharlach<br><br>Clais Ghainimhe, Ceatharlach<br>Sráid an Leasrí, Muine Bheag<br><br>Sleamhnán Mhuine Bheag<br><br>Muine Bheag. CC.<br>Ceatharlach<br>Ceatharlach |
| <br><br>12/06/2016<br><br>14/06/2016<br><br>18/06/16<br>04/07/2016 | <br>Báid dhragain –Dulgais Báid Shábháilteachta<br>Dualgais d'imeachtaí/ báirsí ar an Abhainn<br>Dulagais do thinte ealaíne<br>Óstaigh do Shiúlóid d'AilseStua Laighean. | <br><br>Dualgas ar an Abhainn<br><br>Áiteanna éagsúla ar abhainn Bhearrúin.<br>Carlow Cathedral grounds.<br>Míseal go Stua Laighean |
| 09/07/2016 to 12/07/2016<br>17/07/2016<br>31/07/2016<br>07/08/2016 | Féile Mhuine Bheag<br><br>Traenáil Báid<br>Imeacht Pobail<br>Railí Carranna Seanré Cheatharlach | Mhuine Bheag/ áiteanna éagsúla<br>Fenniscourt Lock / Cora Snámha, Abhainn Bhearrúin<br>Dualgais Thaismigh. |
| 15/08/2016 | Aonach Bhuiríos<br>Garchabhair agus óstaigh | Buiríos |
| | | |
| 13/08/2016 | USB. Cúrsa chigireacht feithiclí. | Muine Bheag CC. |
| 22/08/2016 | Siúlóid 'Dawn' thiomsaithe airgid d'Ailse | Stua Laighean |
| 27/08/2016 | Siúlóid ar son Uathachais | Dualgais Thaismigh |
| 11/09/2016 | Traenáil Báid Traenáil Raidió agus Cumarsáid, CSD. | Abhainn Bhearrúin |
| 25/09/2016 | Rás Leithghlinn an Droichid leathmharatón | Dualgais Thaismigh |

| | | |
|---|---|---|
| 02/10/2016 | 'Fun Run' leis an gcomhar creidmheasa | Muine Bheag |
| 09/10/2016 | Traenáil in uisce tapa | Áth na Muilte Loic |
| 16/10/2016<br>Agus<br>23/10/2016 | Scileanna cuardaigh sa lá agus san oíche | Stua Laighean. Limistéar Foraoise |
| 06/11/2016 | Traenáil do chéad fhreagróirí san uisce | CC Cosanta Sibhialta. |
| 13/11/2016<br><br>27/11/2016 | Traenáil Raidió Tetra<br>Cleachtadh Radaíochta Náisiúnta<br>Cúrsa Scileanna Cuardaigh 2 | Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath.<br>Contaetha Laois agus Ceatharlach<br>Cc agus Stua Laighean. |
| 11/12/2015 | Léarscáiliú agus Cumarsáid Raidió | Ceatharlach. |

# Músaem Chontae Cheatharlach

**An Taispeántas 'The Quiet Revolution', Céiliúradh 70 bliain ar Leictriúchán Tuaithe**
Sheol an Músaem a thaispeántas sealadach nua, 'The Quiet Revolution, Céiliúradh 70 bliain ar Leictriúchán Tuaithe', Dé Máirt, 23 de mhí Lúnasa. Forbraíodh an taispeántas i gcomhar le Cartlann ESB agus leis an Roinn Dúchais agus tá ar oscailt ó mhí Iúil. Tá an taispeántas mar chuid den chlár 2016 'Ceatharlach, Éire' faoin téama 'machnamh a dhéanamh ar 100 bliain.'

Déantar cur síos ar Scéim Leictriú na Tuaithe mar cheann de na forbairtí eacnamaíocha agus sóisialta is mó in Éirinn san fhichiú haois. Cuireadh an chéad chéim den scéim i bhfeidhm idir 1946 agus 1965, agus lean obair go dtí na 1970s. Chun an scéim a rolladh amach, roinneadh an tír i 792 'ceantar tuaithe', agus tháinig 17 acu faoi theorainn Chontae Cheatharlach.Pléann an taispeántas teacht isteach solais i gCeatharlach, ón gcéad solas poiblí in 2891, go cur i bhfeidhm scéim leictriú na tuaithe idTearea ((1947–1963). Tugadh 'Ceannródaithe Tuaithe' ar na daoine a d'oibrigh ar an Scéim, lena n-áirítear Paddy Dowling, "Duine Cheatharlachan 20ú céad". D'fhág na fir agus mna sin oidhreacht, ní hamháin don ESB ach do phobail tuaithe ina raibh siad ag obair agus d'fhorbairt sochaí in Éirinn.

Bhí baile Cheatharlach chun tosaigh i le giniúint leictreachais ón 19ú haois déag, nuair a thosaigh Muilte Áth an Mhuilinn ag giniúint leictreachais do bhaile Cheatharlach ar an 24 de mhí an Mheithimh 1891, ag baint úsáide as cumhacht Abhainn Bhearrúin. Sna 1890s, chuaigh comhlacht Sasanach, J. E. H. Gordon & Co. Ltd. i gcomhpháirtíocht le Coimisiúin Bhaile Cheatharlach chun leictreachas a sholáthar ó bhaile Cheatharlach ó muileann Mhuintor Alexander.



Ag labhairt ag an seoladh, dúirt Leas-Phríomhfheidhmeannach ESB Mr. Jerry O'Sullivan: "This exhibition sheds light not only on the history of ESB but also on the development of our country. Visitors to the exhibition can review both the story boards and examine the artefacts which cause us to reflect on what was undoubtedly one of the most important collaborative efforts of 20th Century Ireland. The work of the "Rural Pioneers" and all of those who played a role in delivering this great Scheme should not only be something that provides us with a shared sense of pride but it should also give us the inspiration and belief to face future challenges with confidence."



Ag seaoladh an taispeantais ‘Leictriúchán Tuaithe’ (C go D)

Jerry O’Sullivan Leas-Príomfheidhmeannach ESB; Comhairleoir Anne Ahern, Leasmhéara Ceantair Bhardasaigh Cheatharlach, Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach.

Mar chuid de Sheachtain Dhúchais 2016, thug Brendan Delany, Bainisteoir Cartlanna agus Dúchais ESB, léacht ar an ‘The Quiet Revolution’ agus dhírigh sé ar Chontae Cheatharlach agus ar innealtóir ESB Paddy Dowling. D’fhreastail go leor daoine ar an seoladh agus ar an léacht. (Bhí seoladh san Ionad Paróiste ar an oíche chéanna.)

**Clár Cheatharlach, Éire 2016:**
Ó mhí Eanáir 2015, tá an Músaem bainteach le comhordú ‘Clár Cheatharlach, Éire 2016. Ceapadh Dermot Mulligan mar chomhordaitheoir Carlow Ireland 2016. Ag deireadh na bliana, bhí níos mó na 60 imeacht óstáilte ag an gContae chun comóradh a dhéanamh ar chomóradh céadbliain 1916.

Dé hAoine, 29 de mhí Eanáir 2015, sheol Ann Phelan, an tAire um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe agus Fiontar Sóisialta, Comhairle Charlie Murphy, Cathaoireach Chomhairle Chonate Cheatharlach agus Comhairleoir Choiste Carlow Ireland 2016 Committee’ an clár nua ‘Carlow Ireland 2016’. Dúirt Comhairleoir Charlie Murphy, ag an seoladh: ‘all the commemorations will individually and collectively mark a key moment in the foundation of this State. 2016 is a time to reflect on the events of Easter 1916, the last one hundred years and to look to the future.’

Dúirt Comhairleoir Fintan Phelan, ag labhairt mar Chathaoirleach ar an gCoiste Cheatharlach, Éire 2016: ‘it is pleasing to see so many communities and organisations around the county undertaking commemorations in their area. These will take the form of opening commemorative gardens, exhibitions, photographic displays, pieces of theatre and plays, unveiling of plaques and art commissions, parades, lectures, art exhibitions, re-enactments, sporting competitions and reading of the Proclamation. I would like to on behalf of the Committee to thank them for their interest and foresight in developing projects to mark such an important year.’

ChoimisiúnaighComhairle Chontae Cheatharlach dhá shaothar ealaíne nua do na ceantair bhardasacha. Tá an comisiún ealaíne do cheantar bardasach Cheatharlach i Músaem Cheatharlach. Ar an Déardaoin, 21 de mhí Iúil, nochtadh an ‘Múrphictiúir Chuimneacháin Ghloine Dhaite 1916le healaíontóir Peadar Lamb i Músaem Cheatharlach. Choimisiúnaigh Comhairle Chontae Cheatharlach an saothar seo, atá dírithe ar oidhreacht Cheatharlach sa chomóradh céad bliain 1916, trína Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí agus comhordaithe trí Choiste Cheatharlach, Éire 2016.

Léiriónn an múrphictiúr gloine dhaite scéal Cheatharlach, mar a thaispeánann sé na príomhphearsana Cheatharlach agus an ról a bhí acu in 1916.




Rinne ealaíontóir Peadar Lamb, ata lonnaithe i gCathair Chorcaí, múrphictiúr mór 2.5 mhéadar ar leithead agus 1.5 mhéadar ar airde. Tá sé fhuinneog gloine dhaite sa Mhúsaem cheana féin, a bhuíochas le cónaitheoirí bunaidh an fhoirgnimh, na Siúracha Presentation. Cuireadh tús le comhrá le Carlow ireland 2016 Committee, tar éis molta ón nGrúpa Oibre Ealaíne Poiblí. Bhuail an Coiste leis an ealaíontóir ag tús an choimsiúin chun smaointí agus tuairimí a roinnt. Ina dhiaidh sin, rinne an t-ealaíontóir taighde ar an tréimhse ama sin, le cúnamh ó Elaine Callinan, ón Roinne Staie Choláiste Cheatharlach.

Dúirt Peadar ag an seoladh: “The content of this artwork is a microcosm of what was happening in the whole country during the period of 1916. As an artist, in the process of making this work I have to try to find, what I am going to say and how to represent this Carlow narrative. I don't see historical dates I see things in pictures. I created a legacy piece that compositionally is not just about the past but also for the present and the future”.



Ag nochtadh an Mhúrphictiúir Chomórtha 1916 Gloine Dhaite le healaíontóir Peadar Lamb ar an Déardaoin, 21 de mhí Lúil 2016. Na daoine a bhí i lathair: Comhairleoir John Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; Comhairleoir Fintan Phelan, MéaraCeantair Bhardasaigh Cheatharlach agus Cathaoirleachar an 'gCoisteCheatharlach Éire 2016'; Gary Hughes, Cathaoirleach ar Bhord Mhúsaem Chontae Cheatharlach, Baill Bhord an Mhúsaeim, ComhairleoirAnne Ahern, Comhairleoir Fergal Browne, Comhairleoir Walter Lacey, Martin Nevin agus Noreen Whelan; Bernie O'Brien, Leas-Príomhfheidhmeannach; Pat Delaney Stiúrthóir Seirbhísí, aealaíontóir Peadar Lamb, Catherine Marshall, staireolaí ealaíne; Sinead Dowling agus Aileen Nolan, Oifigigh Ealaíne agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim. Grianghraf: Paul Curran, Comhairle Chontae Cheatharlach.

Ba í Catherine Marshall an t-aoichainteoir ar an oíche, príomhphearsa i Stair Ealaíne na hÉireann agus thug sí achoimre ar thábhacht gloine dhaite mar fhoirm ealaíne. Dúirt sí: "it is always really great to see a brand-new artwork as the public see it for the first time. Historically as an art form stained glass was the medium used for commemorations.

It is most fitting and the visionary work of Carlow County Council to commission contemporary stained glass artist Peadar Lamb. What strikes me in this artwork is the careful traditional leaded techniques and methods Peadar has applied, all done by hand, like the great cathedral windows across Europe. Like the great stained-glass artists like Harry Clark, Peadar Lamb is an exceptional artist and has produced a beautiful artwork for Carlow".

Rinne Oifig na nEalaíon Cheatharlach bainistíocht ar an tionscadal i gcomhar le Músaem Chontae Cheatharlach, faoi stiúr an Chinn Airgeadais, Córais Fhaisnéise agus Cultúir, ag obair le Coiste Cheatharlach agus baill Chomhairle Chontae Cheatharlach.Rinne Oifig na nEalaíon Chomhairle Chontae Cheatharlach bainistíocht ar an tionscadal i gcomhar le Músaem Cheatharlach faoin gCeann Airgeadais, Córais Fhaisnéise agus Cultúir, ag obair le coiste Cheatharlach Éireann 2016 agus baill Chomhairle Chontae Cheatharlach. Is cuid é an tionscadal den chlár Cheatharlach Éireann 2016 agus maoiníonn Comhairle Contae Cheatharlach é, le cúnamh ón Oifig Éireann 2016, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá tionchar físiúil ag an múrphictiúr ar na cuairteoirí go léir chuig an Músaem agus tá sé mar chuid den bhuanchnuasach an Mhúsaeim. Cuireadh dhá phainéal suas, ceann amháin as Béarla agus ceann amháin as Gaeilge, ag barr an staighre chun léirmhíniú a chur ar fáil. Leiríonn teilifís ata crochta ar an mballa físeán de Pheadar ag obair ar an tsaothar. Tá broisiúr, as Béarla agus As Gaeilge, ar fáil chomh maith.

Cuireadh an painéal ar an gearrliosta sna nDuaiseanna Chomhlachas Éireann, Rialtas Áitiúil, sa Chatagóir Comóraidh 1916, a fograíodh ar an Déardaoin, 24 de mhí na Samhna. Bhuaigh Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus fuair Comhairle Chontae Mhuineacháin gradam speisialta.




(C go D) Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim; Pat Delaney, Ceann Airgeadais, Córais Fhaisnéise agus Cultúir, ComhairleoirFintan Phelan, MéaraCeantair Bhardasaigh Cheatharlach agus Cathaoirleachar an 'gCoiste Cheatharlach, Éire 2016'; Mary Kennedy, MC; Comhairleoir Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach; Damien English, TD, an tAire Stáit do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach; Peadar Lamb, ealaíontóir; Sinead Dowling, Oifigeach na hEalaíona agus Kieran Comerford, Oifig Fiontair Áitiúil Cheatharlach.

Ar an gcéad lá de mhí na Bealtaine, d'óstáil GFC Mhuintir O'Hanrahan comóradh 1916 ar a dtailte ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Bhronn siad an corn O'Hanrahan ar Gary Hughes, Cathaoirleach Bhord an Mhúsaeim, Contae Cheatharlach. Ar dtús, bhronn Muintir O'Hanrahan an Corn ar an gClub mar chuid den chomóradh caoga bliain. Dé Sathairn, an 3 de mhí Aibreáin, chuir Coiste Cheatharlach CLG athachtú de na cluichí ceannais iománaíochta agus peile 1916. Bhronn siad

ceithre gheansaí macasamhail, ceithre gheansaí do na foirne a bhí ag imirt, chomh maith leis an sliotar. Dé hAoine, 6 de mhí na Bealtaine, nocht Cónaidhm Cheatharlach de Bhantracht na Tuaithe a dtaipéis bhalla comórtha atá croctha i gColáiste Cheatharlach. I mí na Nollag, bhronn Cónaidhm Cheatharlach de Bhantracht na Tuaithe a dtaipéis bhalla 1916 ar an Músaem. Léiríonn sé éachtaí Éireann ó 1916 go 2016. Úsáidtear stíleanna éagsúla fuála, cuilteála agus bróidnéireachta agus bhí 12 chuallacht ó Chónaidhm Cheatharlach páirteach sa thaipéis.

**Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg:**
Dé Céadaoin, 27 de mhí Eanáir 2016 san Ionad Paróiste, Leithghlinn an Droichid, Contae Cheatharlach, sheol Easpag Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinn an Droichid agus Easpag Michael Burrows, **Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinn** an oilithreacht chomhdheoiseachgo Echternach, Lucsamburg, a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2017.Beidh an bheirt easpag ar cheann na hoilithreachta, a bheidh mar chuid den 'Hopping Procession' bliantiúil, in ónoir Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburg. Cuireadh oiliúint ar Naomh Willibrord agus oirníodh é i gCluain Meilsí, Garraí Uí Bhruacháin, Contae Cheatharlach, sa seachtú haois déag. Fuair an 'hopping procession' stádas UNESCO Láithreán Oidhreachta Domhanda. Cuireann an bheirt easpag fáilte roimh an tairiscint fhlaithiúil ó Pharóiste Echternach agus Fondúireacht Naomh Willibrord chun taise Naomh Willibrod a bronnadh ar Chontae Cheatharlach in 2017.I ndiaidh an tseolta, thug Dermot Mulligan, Coimeádaí Músaeim, léacht ar an gceangal stairiúil idir Ceatharlach agus Echternach. Sheinn an Banna Scoile 'Presentataion' an t-amhrán 'hopping'. Seinntear an t-amhrán sin do na hoilithrigh agus iad ag 'léimt' sna sráideanna in Echternach.




(C go D) Dermot Mulligan, Músaem Chontae Cheatharlach, Joe Tully, Tully's Travel; Gary Hughes, Cathaoirleach an Bhoird, Músaem Chontae Cheatharlach; Easpag Michael Burrows, **Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinnagus** Easpag Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinn an Droichid; Rev Tom Gordon, Déan Ardeaglais Naomh Laserian, Seanleithghlinn agus Comhairleoir Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach.

Bhuail Easpag Nulty agus Easpag Burrows le cléir ó Ardeaglais Cheatharlach, Naomh Laserian, Seanleithghlinn agus le foireann Chomhairle Chontae Cheatharlach chun pleananna i gcomhair 2017 a phlé. Is iad na buaicphointí: Oilithreacht le 50 duine, leis an mbeirt Easpag, go Echternach, áit a nglcafaidh siad taisme Naomh Willibrod a bheidh ar taispeáint i gCeatharlach agus i dtaispéantas speisialta a bheidh i Músaem Chontae Cheatharlach.Bhun taighde OllamhDáibhí Ó Cróinín, Scoil na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an ceangal idir Echternach agus Ceatharlach

agus is é an comhairleoir acadúil ar an tionscadal. Comhordófar na háirithintí don oilithreacht trí Ghníomhairí Taistil Tully, Baile Cheatharlach.




Coiste Feidhmiúcháin de Chumann Naomh Willibrord Éireann agus na Ríochta Aontaithe ag tabhairt cuairte ar an Músaem i mí na Bealtaine.

Dé Luain, 7 de mhí na Samhna 2016, rinneadh ceiliúradh ar ar Fhéile Naomh Willibrord, Pátrún Lucsamburgagus ar a cheangal le Ceatharlach in Ardeaglais Cheatharlach agus in Ardeaglais Naomh Laserian. Is dócha gurbh é sin an chéad uair le céad bliain go ndearnadh ceilirúradh ar a Fhéile i gCeatharlach.

Ar maidin, tugadh cuirí do na ranganna sinsearacha sa Pharóiste Ardeaglaise chun teacht chuig an Ardeaglais i gcomhair seirbhís ag 12pm. Thug Rev. Michael Burrows, Easpag Chaisil, Phort Láirge, an Leasa Mhóir, Fhearna, Osraí agus Leithghlinn seirbhís éacúiméineach ag 7pm, chomh maith le Rev. Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinn an Droichid. Ina dhiaidh sin, thug Ollamh Dáibhí Ó Cróinín, Roinn na Staire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, léacht ar Chluain Meilsí,Willibrord, agus cuidiú Cheatharlach don mhisean Angla-Shacsanach ar an Mór-Roinn san ochtú haois déag. D'fhreastail slua mór ar an ócáid, le 108 duine ann.



The Right Reverend Michael Burrows, Bishop of Leighlin and the Most Reverend
Denis Nulty, Bishop of Kildare and Leighlin leading the service in St Laserian's Cathedral

**Comhdháil GAA:**

I mí na Feabhra, d'óstáil Coiste Chontae Cheatharlach CLG an Comhdháil Náisiúnta GAA in Óstán Mount Wolseley, i dTulach. Tháinig toscairí ó gach contae, agus ó Chumainn GAA thar lear. Ar an gcéad lá den Chomhdháil, nocht Uachtarán an GAA, Aogán Ó Fearghaíl, cás taispeántais i bhforhalla an Óstáin. Sa chás, bhí roinnt corn chraobhchomórtais chontae, lena n-áirítear na coirn Haughney agus Athair Lalor, ar bhronn an Coiste Chontae Cheatharlach C.L.G. ar an Músaem cheana féin. I gceann tamaillín, cuirfear an cás taispeánais sa Mhúsaem agus beidh sé mar chuid de thaispeántas feabhsaithe GAA.




Ag nochtadh an cháis thaispeántais in Óstán Wolseley: Uachtarán an GAA, Aogán Ó Fearghaíl in Mount Gary Hughes, Cathaoirleach an Bhoird, Músaem Chontae Cheatharlach, Comhairleoir Charlie Murphy, Cathaoirleach Chomhairle Chontae Cheatharlach, Seán Campion, CathaoirleachChoiste Chontae Cheatharloch C.L.G agus Dermot Mulligan, Coimeádaí an Mhúsaeim.

**'Lesser Spotted Journeys', UTV:**
Dé Máirt agus Dé Domhnaigh, 13 agus 18 de mhí Mheán Fómhair, chraol UTV agus ITV Éireann clár uaire, 'Lesser Spotted Journeys', ina raibh na ceantair Mhuine Bheag agus Leithghlinn an Droichid. In 2016, chuaigh léiritheoirí an chláir i dteagmháil leis an Músaem, agus mhol an Músaem cainteoirí i gcomhair agallamh faoi ghneithe éagsúla na gceantar sin. Cuireadh agallamh ar Choimeádaí an Mhúsaeim, Dermot Mulligan, chomh maith le Martin Nevin i Leithghlinn an Droichid, Rev. Tom Gordon in Ardeaglais Naomh Laserian; Myles Kavanagh i Muine Bheag; Arthur Keppel ar Abhainn Bhearrúin, Louise Doyle i gCeatharlach Barrowagus Edwina Hayden leis an mBanna Presentation. Léirigh 'Westway Film Productions'an clár agus rinneadh taighde air i mí Eanáir, le cabhar ón Músaem. Taifeadadh é thar cúpla lá i mí na Feabhra. Nasc chuig an gclár: http://player.utv.ie/programme/lesser-spotted-journeys/492114

**TripAdvisor 'Certificate of Excellence 2016':**
Fuair an Músaem teistiméireacht as barr feabhais ó Trip Advisor. Maíonn TripAdvisor gurb é an suíomh idirlín taistil is mó ar domhan, le níos mó na 60 milliún ball agus níos mó na 170 milliún athbhreithniú agus tuairim faoi óstáin, bialanna, taitneamhachtaí agus gnólachtaí eile taistil. Déanann baill na hathbhreithnithe, agus bunaithe ar na hathbhreithnithe sin, faigheann gnólacht rátáil. Ba é an chéad uair go bhfuair an Músaem teistiméireacht as barr feabhais ó Trip Advisor.

**Féile Cheilteach Idirnáisiúnta:**
I mí Aibreáin, bhí an Fhéile Cheilteach Idirnáisiúnta i mBaile Cheatharlach den tríú huair. Bhí seisiúin scéalaíochta agus turais sa Mhúsaeim, agus turas siúlóide 'Lucinda Sly.'

**'Is Leor Beirt'Ciorcal Gaeilge:**
Óstálaíonn an Músaem seisiúin sheachtainiúla 'Is Leor Beirt', Glór Cheatharlach. Ta an-rath ar an imeacht agus tagann réimse daoine isteach ar bhonn seachtainiúil chun Gaeilge a labhairt.I mí na Bealtaine, bhronn Feargal Ó Cuilinn, Glór Na nGael, Baile Átha Cliath, Bonn Óir ar Cheatharlach mar gheall ar an gciorcal comhrá seachtainiúil sa Mhúsaem. Craoladh an ciorcal comhrá beo ar an idirlíon Dé Céadaoin, 12 de mhí Dheireadh Fómhair, mar chuid den tionscanaíocht bhliantiúil 'Comhrá 16', a dhéanann iarracht comhrá Gaeilge a choimeád ar siúl timpeall na cruinne ar feadh 170 uair.

**Tionscadail Scoile CHAS:**
Dé Céadaoin, 15 de mhí an Mheithimh, aithníodh obair dhian agus taighde iontach na mbuaiteoirí sa Chomórtas Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, i bronnadh duaiseanna i Músaem Chontae Cheatharlach. Tá an comórtas staire deich mbliana ar an bhfód, agus bhí sé oscailte do dhaltaí scoile i rang a cúig agus rang a sé, a bhfuil cónaí orthu i gCeatharlach nó a fhreastalaíonn ar scoil i gCeatharlach. Tháinig Eoin Cummins, Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillín, sa chéad áit lena tionscadal ar Dholmainí i gContae Cheatharlach. Tháinig Katie Brooks ó Scoil Náisiúnta Bhalana sa dara háit lena tionscadal ar Eaglais Chuimneaháin Adelaide. Tháinig Dylan Cass ó Scoil Náisiúnta Bhaile an Choillínlena tionscadal ar 'Blackstairs Blitz' agus Hannah Curry Scoil

Náisiúnta Bhalana  lena tionscadal ar Cranavane Well sa tríú háit. Tá na hiontrálacha buaiteacha ar taispeáint sa Mhúsaem.



Bertie Watchorn, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, agus Jim Shannon, moltóir an chomórtaisle buaiteoiríChomórtas Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach 2016.

**Foireann:**
Tá beirt bhall foirne lánaimseartha ag obair sa Mhúsaem agus comhbhall foirne leis an Leabharlann. Chomh maith leis sin, ta beirt rannpháirtithe 'Tús' ag obair ann, Thomas Doyle agus John Riordan. Tá an Scéim Fostaíochta do Chéimithe ag obair ar Cheatharlach Éireann 2016 agus an tSeachtain Dúchais 2016. I mí na Nollag, d'eagraigh an Músaem an cúigiú Cóisiúr Bliantiúl d'Oibreoirí Deonacha, san Ionad Delta, agus d'fhreastail roinnt oibrithe deonacha a chabhraíonn leis an Músaeumair.

**Méid Cuairteoirí in 2016:**
Thaifead an Músaem 20,929 cuairteoir chuig an Músaem agus Oifig Turasóireachta in 2016. Is é sin an méid is mó cuairteoirí don Mhúsaem. Ní áiríonn se sin daoine ag imeachtaí a d'eagraigh an Músaem nó imeachtaí a bhí ar áitreabh an Mhúsaeim.

**Seamus Murphy:**
Cailleadh bunaitheoir an Mhúsaeim agus seanbhall Bhord an Mhúsaeim, Seamus Murphy, i mí Mheán Fómhair. Ba bhall onórach é de Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach, Seanuachtarán ar CHAS, bunaitheoir an Mhúsaeim agus ball Bhord an Mhúsaeim ó 2006 go 2012. Bhí sé ina bhall de thoscaireacht CHAS, a rinne idirbheartaíocht leis an gComhairle chun dul i gceannas ar an Músaem.

**Meirgí agus Comharthaíocht:**
Rinne an Músaem nuashonrú ar ocht meirge lasmuigh ar Shráid an Choláiste, le cúig mheirge brandáilte don Mhúsaem, dhá cheann acu i nGaeilge, dhá mheirge don Oifig Turasóireachta agus meirge nua Fáilte Éireann - 'Ireland's Ancient East'. Cuireadh comhartha dátheangach thar doras

tosaigh an fhoirgnimh agus comharthaíocht fheabhsaithe chun cabhrú le cuairteoirí sa Mhúsaem agus san Oifig Turasóireachta.

**Duaiseanna Chomhlachas Cheatharlach:**
Cuireadh an Músaem ar an ngearrliosta i nDuaiseanna Chomhlachas Cheatharlach sa chatagóir 'Duais Thurasóireacht Cheatharlach (Taitneamhachtaí agus Imeachtaí)' a bhí ar siúl i dTéater Shaw ar an Déardaoin, 30 de mhí Mheán Fómhair. Comhghairdeas do na Gairdíní  Céadfacha Delta, a bhuaigh sa chatagóir.

**Aistríodh Bróisiúir an Mhúsaeim:**
Aistríodh príomhbhróisiúr an Mhúsaeim go ceithre theanga Eorpach: Fraincis, Iodáilis, Gearmáinis agus Spáinnis. Tá an bróisiúr ar fáil as Gaeilge cheana féin.




**Oíche Chultúir:**
Dé hAoine, 16 de mhí Mheán Fómhair, rinneadh ceiliúradh ar an Oíche Chultúir ar fud na tíre. Rinne Oifig na nEalaíon comhordú ar ghníomhaíochtaí Cheatharlach. D'óstáil an Músaem ceolchoirm le Ceolfhoireann Óige Cheatharlach, stiúrtha ag Majella Swan. Sheinn 25 bhall den cheolfhoireann agus d'fhreastail 50 duine ar an ócáid.



Ceolfhoireann Óige Cheatharlach ag seinnt sa Mhúsaem faoi stiúr Majella Swan.

**Taispeántas LAMN:**

Dé Céadaoin, 30 de mhí na Samhna i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, sheol Heather Humphries TD, taispeántas an Ghreásáin de Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (LAMN) '1916, Across the Country' chomh maith le suirbhéChumann Músaem na hÉireann,'Músaeim na hÉireann 2016.'Tá 12 mhúsaem, gach músaem na n-údarás áitiúil, sa taispeántas, le painéal faoi dhuine nó imeacht ón gContae sin atá bainteach le 1916. Tá an paineál ar taispeánti gCeatharlach dírithe ar Bhanaltra Kehoe le painéal sa todhchaí sa Mhúsaem faoi Bridget Connolly.




Chruthaigh an LAMN físeán bheag faoi LAMN agus na buntáistí a bhaineann le músaeim údarás áitiúil.Rinneadh scannánaíocht sa Mhúsaem, le triúr ball foirne san fhíseán:https://www.youtube.com/watch?v=rsmZwPA4CQo

**Leabharlann CÓBAC agus na Cartlanna - Kevin Barry:**
Dhigitigh Leabharlann agus Cartlann CÓBAC dhá chnuasach le hábhar a bhaineann le Kevin Barry. Sna Páipéir Kevin Barry, i gCartlann CÓBAC, tá ábhar faoina laethanta ag Coláiste Belvedere, a bhliain mar mhac léinn leighis i gCÓBAC, agus an seal beag a chaith sé faoi choimeád i bPríosún Muinseo sular cuireadh chun báis é. Tá formhór na gcnuasach déanta as ábhar a bhailigh a dheirfiúr, Kathy Barry Maloney, i ndiaidh a bháis. Cheannaigh Ionad na Mac Léinn páipéir an Choiste Chumneacháin Kevin Barry ag ceant agus coiméadtar iad i gCartlanna CÓBAC. Tá comhfhreagras an Choiste ann mar chuid de na cnuasaigh. Cuireadh an coiste le chéile chun leacht cuimhneacháin a chruthú do Kevin Barry. Is fuinneog ghloine dhaite mhór é an leacht cuimhneacháin, agus nochtadh é in 1935 ag Ardán Phort an Iarla. Le blianta beaga anuas, bogadh é chuig Ionad Nua na nEolaíochtaí Sláinte ar champus Belfield. Tá na cnuasaigh ar fáil go poiblí i Leabharlann Digiteach CÓBAC:
http://www.ucd.ie/library/finding_information/digital/kevinbarry/ agus

http://www.ucd.ie/archives/collections/depositedcollections/items/collectionname,235235,en.html
Tá taispeántas taistil le ceithre phaineál faisnéise faoi Kevin Barry agus faoingcnuasach digiteach ar taispeáint i gColáiste Cheatharlach, Naomh Phádraig, Sráid an Choláiste, Baile Cheatharlach ó 25 de mhí Dheireadh Fómhair go 28 de mhí na Samhna. Eagraíodh an taispeántas i gcomhar le Músaem Chontae Cheatharlach.

Thug Ollamh Eunan O'Halpin, Stair Comhaimseartha na hÉireann ag TCD, léacht poiblí ar 'Kevin Barry and His World' i Halla Cobden sa Choláiste, Dé Luain, 28 de mhí na Samhna. Is garnia Kevin Barry é O'Halpin.

Bhí na ceithre phainéal faisnéise ar taispeáint i gColáiste Cheatharlach coimisiúnaithe chun teacht le heisiúint na gcnuasaigh digiteach agus chun beathaisnéis bheag a thabhairt ar shaol Kevin Barry, scríofa ag Ollamh Diarmaid Ferriter, Ollamh Nua-Ghaeilge ag CÓBAC agus painéal faoi chruthú an chuimhneacháin fhuinneog ghloine dhaite.